45	C3.R6	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le bainistiú meánna náisiúnta	Foráil na Foraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2022	Leis an bhForaithne Ríoga, déanfar bainistíocht uirlisí, mhodhanna agus dhaonáirimh éagsúla na meánna náisiúnta iascaireachta a ailíniú, lena n-éascófar bainistiú gnó níos fearr agus lena gcuirfear san áireamh cuspóirí mhórbheartais agus dúshláin an Aontais amhail athchóiriú an Chomhbheartais Iascaigh, Straitéis Bhithéagsúlachta 2030, Straitéisí Muirí, nó SDGanna i measc nithe eile.
423	C3.R6	M	Teacht i bhfeidhm an athbhreithnithe ar an Dlí Iascaigh agus ar an Dlí chun córais rialaithe, cigireachta agus smachtbhannaí a nuachóiriú i réimse na hiascaireachta.	Foráil sna Dlíthe lena mbunaítear a theacht i bhfeidhm				R2	2026	Teacht i bhfeidhm an athbhreithnithe ar an Dlí Iascaigh agus ar an Dlí chun córais rialaithe, cigireachta agus smachtbhannaí i réimse na hiascaireachta a nuachóiriú i gcomhréir leis an gcur síos ar an mbeart.
46	C3.I1	T	Teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe chonarthaigh idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA chun tacú le feabhsú agus inbhuanaitheacht na limistéar uiscithe (Céim I)		Milliún EUR	0	260	R3	2021	An comhaontú comhair idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA (Céim I; Le feidhmiú buiséid EUR 260000000) cuirfear chun feidhme coinníollacha an phlean chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar inbhuanaitheacht in uisciú atá á chur i gcrích leis an infheistíocht sin. Leis an norm dlíthiúil sin, rialófar, i measc gnéithe eile, an córas maoiniúcháin phoiblí/príobháideach le haghaidh na n-infheistíochtaí nuachóirithe uiscithe sin, critéir roghnúcháin an tionscadail, nósanna imeachta cur i gcrích an phlean chomh maith le liosta na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh a bhaineann le forghníomhú an bhuiséid faoin mbeart seo.
47	C3.I1	T	Cur chun feidhme an chomhaontaithe idir an Aireacht Talmhaíochta,		Milliún	0	303	R4	2022	An comhaontú comhair idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA (Céim II; EUR 303000000 d'fheidhmiú an

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA chun tacú le feabhsú agus inbhuanaitheacht na limistéar uiscithe (Céim II)		EUR					bhuiséid) chun coinníollacha an phlean a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht in uisciú atá á chur i gcrích leis an tionscadal infheistíochta seo. Leis an norm dlíthiúil sin, rialófar, i measc gnéithe eile, an córas maoiniúcháin phoiblí/príobháideach le haghaidh na n-infheistíochtaí nuachóirithe uiscithe sin, critéir roghnúcháin an tionscadail, nósanna imeachta cur i gcrích an phlean chomh maith le liosta na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh a bhaineann le forghníomhú an bhuiséid faoin mbeart seo.
424	C3.I1	T	Teacht i bhfeidhm Aguisín a ghabhann leis an gcomhaontú idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA chun tacú le feabhas agus inbhuanaitheacht na limistéar uiscithe (Céim II)		Milliún EUR	303	453	R2	2023	An tAguisín a ghabhann leis an gcomhaontú comhair idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA (leathnú ar Chéim II; EUR 150000000 d'fheidhmiú an bhuiséid) chun coinníollacha an phlean a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht in uisciú atá á chur i gcrích leis an tionscadal infheistíochta seo. Leis an norm dlíthiúil sin, rialófar, i measc gnéithe eile, an córas maoiniúcháin phoiblí/príobháideach le haghaidh na n-infheistíochtaí nuachóirithe uiscithe sin, critéir roghnúcháin an tionscadail, nósanna imeachta cur i gcrích an phlean chomh maith le liosta na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh a bhaineann le forghníomhú an bhuiséid faoin mbeart seo. (Bonnlíne: 30 Meitheamh 2022, bunaithe ar sprioc 47)
48	C3.I1	T	Nuachóiriú ar chórais uisciúcháin arna nuachóiriú ó thaobh coigilteas uisce agus éifeachtúlacht fuinnimh de		Líon (heicteáir)	0	125 000	R2	2026	125000 heicteár ar a laghad de chórais uisciúcháin arna nuachóiriú ó thaobh coigilteas uisce agus éifeachtúlacht fuinnimh de. Léireofar an dromchla nuachóirithe le hinfheistíochtaí an phlean téarnaimh agus athléimneachta chomh maith le tíopeolaíocht na ngníomhaíochtaí a dhéantar sna comhaontuithe comhair arna síniú ag SEIASA leis na Pobail Úsáideoirí Uisce I lena mbaineann. Bunófar leis na comhaontuithe sin na gníomhaíochtaí sonracha a bheidh le déanamh chun coigilteas uisce agus éifeachtúlacht fuinnimh a ráthú i gcórais uiscithe nuachóirithe. Is iad seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí a dhéanfar leis an bplean seo: (i) Úsáid screamhuisce nó uisce dromchla a chur in ionad úsáid acmhainní uisce neamhghnácha (arna n-aisghabháil nó arna ndíshalannú i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) (ii) cur chun

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										feidhme córas rialála uisce lena gceadaítear uisciú domhantarraingthe (agus úsáid á baint as an difríocht san airde ionas nach n-éilítear fuinneamh a úsáid chun uisce a iompar), (iii) fuinneamh ó fhoinsí iontaise a ionadú atá riachtanach le haghaidh caidéalú le foinsí fuinnimh in-athnuaite (fótavoltach den chuid is mó), píopaí faoi thalamh a chur in ionad díoga faoin aer atá déanta as coincréit nó as cré, (v) stáisiúin scagtha agus pumpála a thógáil, agus (vi) méadair agus córais chianbhainistíochta a shuiteáil. Faoi R2 2026, déanfar ar a laghad 125000 heicteár de chórais uiscithe a nuachóiriú ó thaobh coigilteas uisce agus éifeachtúlacht fuinnimh de, ar féidir iad a fhíorú trí chomhaontuithe SIEASA-Pobail uiscithe.
421	C3.I2	T	Tógáil saotharlainne bithsháibháilteachta ar leibhéal 3 agus Saotharlann Náisiúnta Sláinte Plandaí a thabhairt chun críche.		Líon		2	R1	2025	Tógáil Shaotharlann Sábháilteachta Bitheolaíche Leibhéal 3 (LCSA-Santa Fe) agus na Saotharlainne Náisiúnta um Shláinte Plandaí i Lugo a thabhairt chun críche.
49	C3.I2	T	Tógáil saoráide ainmhithe a thabhairt chun críche, ag a bhfuil leibhéal bithsháibháilteachta 3.		Líon	0	1	R2	2026	Tógáil Áis Sábháilteachta Bitheolaíche Leibhéal 3 a thabhairt chun críche (LCV-Algete)
50	C3.I3	T	Ionaid fheabhsaithe glantacháin agus díghalraithe agus ionaid táirgthe ábhar atáirgthe plandaí ina bhfuil oiliúint neartaithe agus córais bhithshlándála neartaithe		Líon	0	465	R3	2024	465 ionad glantacháin agus díghalraithe ar a laghad agus ionaid táirgthe ábhar atáirgthe plandaí ina bhfuil oiliúint neartaithe agus córais bhithshlándála. Áirítear le forbairt acmhainneachta saoráidí glantacháin agus díghalraithe a fheabhsú agus a thógáil ar fud na Spáinne, agus is éard atá i gceist leis an mbithshlándáil saoráidí glantacháin agus díghalraithe atá inrochtana, nua-aimseartha agus feistithe a bheith ann. Is príomhcholún é glanadh agus díghalrú laistigh de bhearta bithsháibháilteachta, mar sin tá feabhsú teicneolaíoch na saoráidí sin fíor-riachtanach, amhail uathoibriú, róbatú, suiteáil córas nua glantacháin agus díghalraithe, amhail dífhabhtú teirmeach nó suiteáil córas.
51	C3.I4	T	Plean infheistíochta chun inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus an bheostoic a chur chun cinn		Milliún EUR	0	307	R2	2022	An plean infheistíochta a chur i gcrích chun inbhuanaitheacht agus iomaíochas gníomhaíochtaí talmhaíochta agus beostoic a chur chun cinn sa talmhaíocht bheacht, san éifeachtúlacht fuinnimh agus sa gheilleagar ciorclach (cur i bhfeidhm buiséid EUR 307000000). Bunófar leis na boinn rialála cé hiad na tairbhithe, na ceanglais nach mór dóibh a chomhlíonadh, cineál na n-infheistíochtaí incháilithe, agus na critéir incháilitheachta le haghaidh infheistíochtaí sna nithe seo a leanas: talmhaíocht bheacht, éifeachtúlacht fuinnimh, an geilleagar ciorclach agus úsáid fuinnimh in-athnuaite.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
52	C3.I4	T	Tionscadail chríochnaithe le haghaidh talmhaíocht bheacht, éifeachtúlacht fuinnimh, an geilleagar ciorclach agus úsáid fuinnimh in-athnuaite		Líon	0	5 000	R2	2026	5000 feirm ar a laghad a bhfuil tionscadail maidir le talmhaíocht bheacht, éifeachtúlacht fuinnimh, an geilleagar ciorclach agus úsáid fuinnimh in-athnuaite curtha i gcrích acu. Áirítear le talmhaíocht bheacht córais geoshuímh agus loingseoireachta satailíte (GNSS), bailiú sonraí fíor-ama trí bhraiteoirí agus íomhánna satailíte agus aerbheirthe, mar aon le Córais Faisnéise Geografaí (GIS), mapáil, cumarsáid agus nascacht, éifeachtúlacht fuinnimh lena n-áirítear cóiriú agus insliú foirgneamh (stórais agus foirgnimh chúnta) agus córais lena mbarrfheabhsaítear rialú aeráide gás ceaptha teasa agus tomhaltas fuinnimh agus teirmeach feirmeacha talmhaíochta agus beostoic, áirítear sa gheilleagar ciorclach struchtúir chun taisí talmhaíochta agus seachtháirgí beostoic a úsáid agus a aisghabháil trí oibríochtaí réamhchóireála agus teicnící lena bhfeabhsaítear a mbainistiú agus a n-úsáid ina dhiaidh sin, agus áirítear le húsáid fuinnimh in-athnuaite bonneagair táirgthe fuinnimh a shuiteáil ó ilfhoinsí in-athnuaite chun tacú le riachtanais leictreachais agus fuinnimh theirmigh.
53	C3.I5	T	Síniú comhaontuithe conarthacha idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus ENISA		Milliún EUR	0	30	R2	2023	Síniú trí chomhaontú chonarthacha (ceann amháin in aghaidh na bliana) idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus ENISA chun tacú le claochlú digiteach FBManna agraibhia trí líne tacaíochta d'fhiontraíocht nuálach nó d'fhiontraíocht atá bunaithe ar an teicneolaíocht in earnáil agraibhia na Spáinne (forghníomhú an bhuiséid: EUR 30000000; EUR 10000000 in aghaidh na bliana). Bunófar leis na comhaontuithe comhair idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus ENISA coinníollacha na líne fiontraíochta teicneolaíochtbhunaithe chun tacú le FBManna san earnáil agraibhia a chuireann tionscadail ghnó nuálacha agus dhigiteacha i láthair, trí iasachtaí rannpháirteacha, an beartas infheistíochta agus critéir incháilitheachta a dheonú. Áireofar sna comhaontuithe thuasluaite clásal lena ráthaítear go gcomhlíonann na hinfheistíochtaí a dhéantar leis an maoiniú sin an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) d'idirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus an ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Is é cuspóir na hinfheistíochta seo freagairt do roinnt de chuspóirí straitéis na Spáinne maidir le digitiú na hearnála agraibhia agus na timpeallachta tuaithe, agus dá pleananna gníomhaíochta.
54	C3.I5	T	Tacaíocht do FBManna agraibhia		Líon	0	60	R2	2023	60 FBM agraibhia ar a laghad ar deonaíodh creidmheasanna dóibh

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			chun tionscadail ghnó nuálacha agus dhigiteacha a chur chun feidhme							chun tionscadail ghnó nuálacha agus dhigiteacha a chur chun feidhme. Is é is cuspóir don líne tacaíochta sin iasachtaí rannpháirteacha a dheonú chun cuideachtaí a spreagadh chun tionscadail inmharthana agus nuálacha a fhorbairt, atá nasctha le tráchtáil leictreonach agus le comhdhlúthú Thionscal 4.0, i measc go leor luamháin eile maidir le hathrú i samhlacha gnó digiteacha don earnáil agraibhia. Ráthófar, lena n-áirítear trí chritéir roghnúcháin, go gcomhlíonfaidh na hidirbhearta faoin infheistíocht sin arna ndéanamh ag na FBManna sin leis na hiasachtaí sin an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) d'idirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus an ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
55	C3.I6	M	Trealamh TFC a fháil le haghaidh na gCúltacaí Muirí Leasa Iascaireachta agus conarthaí chun soithí sainchuspóireacha a fháil le haghaidh na gcúltacaí muirí	Dámhachtain an chonartha a fhoilsiú ar ardán soláthair phoiblí				R4	2022	An conradh arna dhámhachtain chun trealamh TFC a fháil le haghaidh Cúltacaí Muirí Leasa Iascaireachta a fhoilsiú ar an Ardán Soláthair Phoiblí agus dhá chonradh a dhámhachtain chun dhá shoitheach sainchuspóireacha a fháil le haghaidh na gcúltacaí muirí. Is éard atá i dtrealamh TFC le haghaidh na gCúltacaí Muirí (i) nasc raidió radair Tí Solais Alborán leis an Leithinis, agus (ii) ladrainn a cheannach ag a bhfuil cumhacht leordhóthanach lena gceadaítear gníomhaíochtaí rialaithe agus faireacháin agus lena ndéantar na modhanna atá ann cheana a bharrfheabhsú, rud a laghdaíonn an tionchar ar an gcomhshaol freisin. Chun soitheach sainchuspóireach a cheannach le haghaidh cúltacaí muirí, lorgófar an teicneolaíocht is fearr lenar féidir an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) a chomhlíonadh.
56	C3.I7	M	Comhaontuithe le Comhlachtaí Taighde Poiblí	Comhaontuithe a shíniú le Comhlachtaí Taighde Poiblí				R4	2021	Comhaontuithe a shíniú le Comhlachtaí Taighde Poiblí chun taighde iascaigh agus dobharshaothraithe a chur chun cinn, lena n-áirithítear cur chuige bunaithe ar éiceachórais maidir le cinnteoireacht i mbainistiú iascaigh
57	C3.I7	T	Tóireadóirí fuaimiúla a fháil le haghaidh taighde in iascaigh		Líon	0	2	R2	2022	An conradh arna dhámhachtain chun dhá tóireadóir fuaimiúla a fháil atá tiomnaithe do thaighde iascaigh a fhoilsiú ar an Ardán um Sholáthar Poiblí. Is é is cuspóir do dhá thóireadóir a fháil le haghaidh dhá shoitheach taighde iascaireachta atá ann cheana cáilíocht na sonraí a fhaightear a áirithiú agus, dá bhrí sin, tús áite a thabhairt do mheastóireachtaí eolaíocha ar na stoic éagsúla de speicis pheiligeacha, rud a chuirfidh le hinbhuanaitheacht an iascaigh agus na

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										cinnteoireachta in ábhair bhainistíochta iascaigh atá bunaithe ar an eolas eolaíoch is fearr.
58	C3.I8	T	Tionscadail Forbartha Taighde agus Nuálaíochta chun tacú le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht na hearnála iascaigh agus dobharshaothraithe		Líon	0	20	R2	2023	20 tionscadal taighde, forbartha agus nuálaíochta ar a laghad a thabhairt chun críche chun teicneolaíochtaí nua a ghlacadh lena dtugtar tús áite d'athléimneacht agus inbhuanaitheacht na hearnála iascaigh agus dobharshaothraithe.
59	C3.I9	M	Treisiú digiteach Chóras Faisnéise Iascaigh na Spáinne (SIPE) agus an chórais faireachais iascaireachta	Suiteáil an dara bacainn balla dóiteáin				R2	2023	Treisiú digiteach na faisnéise agus an fhaireachais iascaireachta, lena n-áirítear suiteáil an dara bacainn balla dóiteáin (balla dóiteáin) chun slándáil Chóras Faisnéise Iascaigh na Spáinne (SIPE) a mhéadú, de réir na gceanglas a bunaíodh leis an Scéim Slándála Náisiúnta (ENS) maidir leis an ardleibhéal slándála, agus digitiú soithí iascaireachta.
60	C3.I10	M	Báid phatróil éadroma agus soithí patróil mórmhara a cheannach chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac	Dámhachtain an chonartha a fhoilsiú ar ardán soláthair phoiblí				R4	2022	Foilsiú ar an Ardán um Sholáthar Poiblí dámhachtain an chonartha le haghaidh ceithre bhád patróil éadroma nua agus trí shoitheach patróil mhórmhara athnuaite a úsáidfear chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac, atá fós ar cheann de na bagairtí is mó atá ann cheana ar éiceachórais mhuirí. Lorgófar an teicneolaíocht is fearr lenar féidir an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) a chomhlíonadh.
61	C3.I11	T	Tionscadail infheistíochta in earnáil na hiascaireachta a mhaoiniú		Milliún EUR	0	5	R2	2022	Formhuiniú an chomhaontaithe idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, agus SAECA chun tacú le maoiniú tionscadal infheistíochta in earnáil na hiascaireachta trí iasacht EUR 5000000 ar a laghad a dheonú don Sociedad Anónima Estatal de Caución Agraria (SAECA) chun líne mhaoiniúcháin a chruthú atá ceaptha chun tionscadail a athráthaíocht le gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíocht iascaireachta inbhuanaithe; dálaí oibre agus sábháilteacht na gníomhaíochta a fheabhsú; agus digitiú na bpróiseas agus na gcóras. Áireofar sa chomhaontú thuasluaite clásal lena ráthaítear go gcomhlíonann na hidirbhearta a dtacaítear leo faoin infheistíocht seo an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) d'idirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus an ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.

C.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Athchóiriú 7 (C3.R7) — Dlí maidir le caillteanas bia agus cur amú bia a chosc

Is é is aidhm don athchóiriú seo caillteanas agus cur amú bia a chosc trí ordlathas tosaíochtaí a bhunú maidir le húsáid bia ionas nach gcuirfear amú é.

Is é is aidhm don rialachán nua bainistiú níos éifeachtúla acmhainní a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) an bithgheilleagar ciorclach a chur chun cinn;
b) téarnamh agus dáileadh farasbairr bia chun críocha dlúthpháirtíochta sóisialta a chur chun cinn, agus é a shannadh mar thosaíocht d'úsáid an duine;
c) tacú le taighde agus nuálaíocht sa réimse maidir le caillteanas bia agus cur amú bia a chosc agus a laghdú;
d) freagairt do sprioc fhreagrach táirgthe agus tomhaltais Chlár Oibre 2030; agus
e) astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailleáin eile a laghdú.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 8 (C3.R8) — Rialachán maidir leis an gcóras faisnéise feirme

Is é is aidhm don athchóiriú seo Córas Faisnéise Feirme agus Foraoiseachta (SIEX) a bhunú chun a chur ar chumas na hAireachta Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia na beartais talmhaíochta agus beostoic a bhainistiú. Leis an gcóras faisnéise, simpleofar caidreamh na bhfeirmeoirí leis an riarachán agus feabhsófar bainistiú gnó na bhfeirmeoirí tríd an bhfaisnéis ábhartha faoi ghabháltais talmhaíochta a bhailiú in aon chóras faisnéise amháin,

Leis an rialachán, bunófar agus rialófar an córas faisnéise le haghaidh gabháltais talmhaíochta agus beostoic agus táirgeadh talmhaíochta, chomh maith le Clár Féinrialaitheach an Chomhphobail de Ghabháltais Talmhaíochta agus an Clár Digiteach de Ghabháltais Talmhaíochta. Déanfar foráil i Leabhar Digiteach na Feirme maidir le hidirthréimhse ábhartha: go háirithe, tiocfaidh Airteagal 9 agus Airteagal 10 den Leabhar Digiteach Feirme i bhfeidhm maidir le gach gabháltas talmhaíochta tráth nach déanaí ná R3 2025.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2025.

Infheistíocht 12 (C3.I12) — Plean chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht san uisciú a fheabhsú

Is é cuspóir an bhirt seo uaillmhian Infheistíocht 1 (C3.I1) a mhéadú: Plean chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht in uisciú a fheabhsú, trí líon na heicteár nuachóirithe a mhéadú ó thaobh coigilteas uisce agus éifeachtúlacht fuinnimh de.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

C.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L8	C3.R7	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Caillteanas Bia agus Cur Amú Bia a Chosc	Foráil sa dlí maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2026	Teacht i bhfeidhm an rialacháin maidir le caillteanas bia agus cur amú bia a chosc, i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
L9	C3.R8	M	Teacht i bhfeidhm an rialacháin lena rialaítear an córas faisnéise do ghabháltais talmhaíochta	Foráil san Fhoraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R3	2025	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga lena rialaítear an córas faisnéise le haghaidh gabháltais talmhaíochta, i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
L10	C3.I12	T	Teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA chun tacú le feabhsú agus inbhuanaitheacht na limistéar uiscithe (Céim III)		Milliún EUR	0	260	R4	2023	An comhaontú comhair idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA (Céim III; EUR 260000000 d'fheidhmiú an bhuiséid) chun coinníollacha an phlean a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht in uisciú atá á chur i gcrích leis an tionscadal infheistíochta seo. Leis an norm dlíthiúil sin, rialófar, i measc gnéithe eile, an córas maoiniúcháin phoiblí/príobháideach le haghaidh na n-infheistíochtaí nuachóirithe uiscithe sin, critéir roghnúcháin an tionscadail, nósanna imeachta cur i gcrích an phlean chomh maith le liosta na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh a bhaineann le forghníomhú an bhuiséid faoin mbeart seo.
L11	C3.I12	T	Nuachóiriú ar chórais uisciúcháin arna nuachóiriú ó thaobh coigilteas uisce agus éifeachtúlacht fuinnimh de		Líon (heicteáir)	125 000	160 000	R2	2026	Ar a laghad 160 000 heicteár de chórais uisciúcháin arna nuachóiriú ó thaobh coigilteas uisce agus éifeachtúlacht fuinnimh de. Léireofar an dromchla nuachóirithe le hinfheistíochtaí an phlean téarnaimh agus athléimneachta chomh maith le tíopeolaíocht na ngníomhaíochtaí a dhéantar sna comhaontuithe comhair arna síniú ag SEIASA leis na Pobail Úsáideoirí Uisce lena mbaineann. Bunófar leis na comhaontuithe sin na gníomhaíochtaí sonracha a bheidh le déanamh chun coigilteas uisce agus éifeachtúlacht fuinnimh a ráthú i gcórais uiscithe nuachóirithe. Is iad seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí a dhéanfar leis an bplean seo: (i) Úsáid screamhuisce nó uisce dromchla a chur in ionad úsáid acmhainní uisce neamhghnácha (arna n-aisghabháil nó arna ndíshalannú i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) (ii) cur chun feidhme córas rialála uisce lena gceadaítear uisciú domhantarraingthe (agus úsáid á baint as an difríocht san airde ionas nach n-éilítear fuinneamh a úsáid chun uisce a iompar), (iii) fuinneamh ó fhoinsí iontaise a ionadú atá riachtanach le haghaidh caidéalú le foinsí fuinnimh in-athnuaite (fótavoltach den chuid is mó), píopaí faoi thalamh a chur in ionad díoga faoin aer atá déanta as coincréit nó as cré, (v) stáisiúin scagtha agus pumpála a thógáil, agus (vi) méadair

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										agus córais chianbhainistíochta a shuiteáil. Faoi R2 2026, déanfar ar a laghad 35000 heicteár de chórais uiscithe a nuachóiriú ó thaobh coigilteas uisce agus éifeachtúlacht fuinnimh de, ar féidir iad a fhíorú trí chomhaontuithe SIEASA-Pobail uiscithe. (Bonnlíne bunaithe ar sprioc 48)

D. COMHPHÁIRT 04: ÉICEACHÓRAIS AGUS BITHÉAGSÚLACHT

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tabharfar aghaidh ar leochaileacht na Spáinne i leith éifeachtaí díobhálacha díreacha agus indíreacha an athraithe aeráide mar gheall ar a bhithgheografaíocht agus a gheomoirfeolaíocht trí stádas caomhnaithe éiceachóras a fheabhsú, trína n-athchóiriú éiceolaíoch, i gcás inar gá, agus cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú, úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a áirithiú agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a fheabhsú. Rannchuideoidh an chomhpháirt sin freisin le héiceachórais a oiriúnú d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide trí bhearta a ghlacadh chun a éifeachtaí a íoslaghdú, tríd an Straitéis Náisiúnta a ghlacadh chun an gaineamhlú a chomhrac agus trí dhíriú ar dhóiteáin foraoise.

Cuirfear béim bhreise ar éiceachórais mhuirí a chosaint, a chaomhnú agus a athbhunú. Le cur chun feidhme na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, seolfar (i) an clár oibre gorm chun feabhas a chur ar na farraigí agus ar a mbithéagsúlacht; (II) sciar na limistéar muirí faoi chosaint a mhéadú, trí 18 % ar a laghad de chríoch na Spáinne a chosaint faoi dheireadh 2025, fána agus flóra araon a chosaint; agus (iii) creat don bhainistíocht mhuirí a thabhairt isteach den chéad uair sa Spáinn.

Ina theannta sin, déanfaidh sé limistéir thuaithe, a n-éiceachórais, a mbithéagsúlacht agus a gcoillearnach a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Tá cuid mhór d'oidhreacht nádúrtha shaibhir na Spáinne lonnaithe i gceantair thuaithe — áit a raibh drochthionchar ar leith ag an dídhaonrú — agus, dá bhrí sin, is foinse saibhris áitiúil iad, rud a chuireann deiseanna ar fáil chun an meath déimeagrafach a aisiompú.

Tacaíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne le hinfheistíocht san aistriú glas agus san aistriú digiteach (Moladh Tírshonrach 3 2020). Tacaíonn sé freisin le bainistiú cuí talún, go háirithe bainistiú foraoisí, cosaint an dúlra agus athchóiriú atá ailínithe le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C4.R1) — An bhithéagsúlacht talún agus mhuirí a chaomhnú

Leis an athchóiriú sin, tabharfar an reachtaíocht maidir leis an mbithéagsúlacht agus an oidhreacht nádúrtha cothrom le dáta chun tacú le comhlíonadh na ngealltanas a eascraíonn as an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus as Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 a glacadh le déanaí.

Is é príomhghníomhaíocht an athchóirithe seo an Plean Straitéiseach don Oidhreacht Nádúrtha agus don Bhithéagsúlacht (mar a leagtar amach i nDlí 42/2007 maidir leis an Oidhreacht Nádúrtha agus an Bhithéagsúlacht) a ullmhú, a fhormheas agus a chur in úsáid, ionas go mbeidh tionchar fadtéarmach aige ar chaomhnú agus ar bhainistiú chórais nádúrtha uile na Spáinne agus ar na

seirbhísí a sholáthraíonn sé don tsochaí. Áireofar san athchóiriú sin freisin na gníomhaíochtaí seo a leanas faoin mbeart seo:

a) An Straitéis Bhithéagsúlachta, Eolaíochta agus Eolais a ghlacadh lena sainaithneofar na príomhbhearnaí taighde agus lena mbunófar réimsí sonracha ina bhfuil gá le taighde sa bhithéagsúlacht.
b) Glacadh na Foraithne Ríoga lena bhformheastar an Plean le haghaidh Líonra na Limistéar Muirí faoi Chosaint lena gcuirfear chun cinn líonra atá comhleanúnach ó thaobh na héiceolaíochta de lena rannchuideofar le caomhnú limistéar oidhreachta nádúrtha agus bithéagsúlachta muirí, lena gcothófar bainistiú pleanáilte, éifeachtach agus comhleanúnach ar limistéir mhuirí faoi chosaint.
c) Leis an Straitéis Náisiúnta um Chaomhnú Pailneoirí, soláthrófar na gníomhaíochtaí is gá chun feabhas a chur ar staid na bpailneoirí. Díreofar sa Straitéis sin go háirithe ar (i) limistéir fhabhracha do phailneoirí a chur chun cinn; (II) feabhas a chur ar bhainistiú na speiceas sin agus laghdú a dhéanamh ar na rioscaí a chruthaíonn speicis dhíobhálacha; (III) táirgí fíteashláintíochta; agus (iv) taighde ar chaomhnú pailneoirí a chur chun cinn, agus na torthaí taighde gaolmhara sa réimse sin a scaipeadh.
d) Glacadh an rialacháin maidir le húdaráis riaracháin agus eolaíocha a thabhairt cothrom le dáta, faoin gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (Rialachán CITES) lena ráthófar cur chun feidhme na mbeart a dhíorthaítear ó CITES, agus lena n-áiritheofar nach ndéanfaidh an trádáil dochar do stádas caomhnaithe speiceas ná dá marthanas fadtéarmach.
e) An Plean um Chaomhnú agus Athchóiriú Bogach lena ráthófar caomhnú agus úsáid réasúnach bogach.

Tacóidh Infheistíocht 1 agus Infheistíocht 2 den chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne go díreach le forbairt na ngníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo (a thuairiscítear thíos). Comhlánóidh sé freisin an dá athchóiriú agus infheistíocht eile a bhfuil tuairisc orthu sa chomhpháirt seo de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 2 (C4.R2) — Éiceachórais agus bonneagar glas a athchóiriú

Is é is aidhm don athchóiriú seo Straitéis an rialtais láir maidir le Bonneagar Glas, Nascacht agus Athchóiriú Éiceolaíoch a fhorbairt agus a chur chun feidhme, éiceachórais a ndearnadh damáiste dóibh a athchóiriú agus líonra de limistéir nádúrtha agus leathnádúrtha talún agus mhuirí atá nasctha go hiomlán sa Spáinn a chomhdhlúthú faoi 2050.

Cuimsítear leis na hathchóirithe sin seacht gcinn de línte gníomhaíochta éagsúla chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) éifeachtaí na hilroinnte agus an chaillteanais nascachta éiceolaíche a laghdú; (II) gnáthóga agus éiceachórais a athchóiriú i bpríomhréimsí; (III) soláthar seirbhísí éiceachórais d'eilimintí bonneagair ghlais a chothabháil agus a fheabhsú; (IV) feabhas a chur ar athléimneacht na n-eilimintí a bhaineann le bonneagar glas; (V) comhleanúnachas críochach a áirithiú; (VI) bonneagar glas éifeachtach a ionchorprú; agus (vii) cumarsáid, oideachas agus rannpháirtíocht leordhóthanach grúpaí leasmhara agus na sochaí a áirithiú i bhforbairt an bhonneagair ghlais.

Tugtar tuilleadh tacaíochta don athchóiriú sin le hInfheistíocht 3 den chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, lena dtugtar aghaidh go háirithe ar na moltaí i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 maidir le conairí éiceolaíocha a ionchorprú, crainn a chur ar mhórscála, dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le talamh éillithe a athshlánú agus an cuspóir a áirithiú go mbeidh plean glasaithe uirbeach uaillmhianach ag cathracha

ina bhfuil 20000 áitritheoir ar a laghad. Baineann sé freisin le hAthchóiriú 1 agus Infheistíocht 1 den chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2021.

Athchóiriú 3 (C4.R3) — Bainistíocht inbhuanaithe ar fhoraoisí

Leis an athchóiriú sin, tabharfar Straitéis Foraoise na Spáinne 1999 cothrom le dáta mar aon le Plean Foraoiseachta na Spáinne 2002-2032, lena bhforbrófar pacáiste gníomhaíochtaí chun borradh a chur faoi earnáil na foraoiseachta, lena gcumhdófar foraois na Spáinne ina hiomláine: speicis agus limistéir, dóiteáin, úinéireacht, éabhlóid, stádas reatha agus treochtaí i limistéir agus acmhainní foraoise, i measc nithe eile, a chosaint. Leis an athchóiriú, tabharfar aghaidh ar athbheochan eacnamaíoch agus shóisialta na limistéar mór tuaithe, a bhfuil fadhbanna tromchúiseacha acu maidir le dídhaonrú agus beidh sé ailínithe go maith leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

Beidh cúig thosaíocht straitéiseacha ag Straitéis Foraoiseachta na Spáinne:

1) Caomhnú agus feabhsú na hoidhreachta nádúrtha, na bithéagsúlachta agus na nascachta.
2) Cosaint, slándáil sláinte agus cosaint coisc agus oiriúnú do rioscaí nádúrtha agus comhshaoil.
3) Bithgheilleagar foraoise: an geilleagar glas agus poist ghlasa, slógadh acmhainní foraoise, agus forbairt shocheacnamaíoch inbhuanaithe earnáil na foraoiseachta.
4) Eolas agus cultúr foraoiseachta a fhorbairt agus a fheabhsú.
5) Samhail rialachais foraoise: creat rialála, riaracháin agus ionstraimeach bheartas foraoiseachta na Spáinne.

Tá dhá phríomhionstraim i Straitéis Foraoise na Spáinne, a bhfuil gá leo chun earnáil na foraoiseachta ina hiomláine a athchóiriú. Is é an chéad cheann treoirlínte a ghlacadh maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí. Cumhdófar leis na treoirlínte sin saincheisteanna amhail an bhithéagsúlacht, an t-athrú aeráide agus an bithgheilleagar ciorclach. Ar an dara dul síos, Treoirlínte Straitéiseacha maidir le Bainistiú Dóiteáin Foraoise sa Spáinn, lena mbunófar na cuspóirí atá le leanúint, lena saineofar na príomhlínte oibre agus lena sainaithneofar na grúpaí sa tsochaí a bhfuil méid áirithe freagrachta orthu. Tá na treoirlínte straitéiseacha sin ríthábhachtach chun dóiteáin foraoise a rialú agus chun suíomh straitéiseach earnáil na foraoiseachta a mhéadú i gcomhthéacs an aistrithe éiceolaíoch.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht 1 (C4.I1) — Digitiú agus Eolas ar an oidhreacht nádúrtha

Leis an infheistíocht, bunófar córas chun bainistiú, rialú agus faireachán na hoidhreachta nádúrtha a dhigitiú, lena gcumhdófar na réimsí talún agus muirí araon. Leis an infheistíocht sin, bainfear amach feabhas suntasach ar eolas ar speicis agus ar ghnáthóga, chomh maith le faisnéis agus oidhreacht nádúrtha a mhapáil, lena n-áirítear faisnéis gheolaíoch. Díríonn an infheistíocht ar fhaisnéis a fháil agus ar a bainistiú, lena n-áirítear:

1) Clár chun feabhas a chur ar eolas agus digitiú bhainistíocht na bithéagsúlachta agus na hoidhreachta nádúrtha ar an leibhéal náisiúnta trí líonraí faireacháin a fhorbairt, braiteoir a chur in úsáid agus córais dhigiteacha fála faisnéise atá fosaithe agus móibíleach a úsáid.
2) Córais nó ardáin bainistithe faisnéise a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta ag a mbeidh cumais bhreise anailíseacha agus scaipthe.

Seolfar nuashonrú chóras eitleonach an fhlít aerárthaí amfaibiaigh, agus áireofar ann dearadh, deimhniú agus ceannach an trealaimh chun aerárthaí a dhéanamh níos sábháilte agus níos

éifeachtúla ag comhrac dóiteáin. Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, ní ionchorprófar feabhsú an chórais eitleonaice i bhflít na n-aerárthaí amfaibiacha ach amháin in aerárthaí atá ann cheana agus ní mhéadófar saolré ná toilleadh na n-aerárthaí sin. Ní áiritheoidh sé dálaí sábháilteachta agus eitilte ach amháin le linn oibríochtaí ina n-úsáidtear iad chun dóiteáin foraoise a mhúchadh.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C4.I2) — An bhithéagsúlacht talún agus mhuirí a chaomhnú

Is éard a bheidh san infheistíocht sin sraith infheistíochtaí díreacha agus línte deontais chun bithéagsúlacht talún agus mhuirí araon a chaomhnú. Áireofar ann cúig líne gníomhaíochtaí, a dhéanfar a ailíniú le hAthchóiriú 1:

1) Bithéagsúlacht talún a chaomhnú, aghaidh a thabhairt ar stádas caomhnaithe speiceas agus gnáthóg a fheabhsú, bagairtí agus básmhaireacht a chosc chomh maith le gníomhaíochtaí chun speicis choimhthíocha ionracha a rialú agus a dhíothú.
2) Bonneagair a fheabhsú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail saoráidí agus bonneagar a bhaineann le bainistiú na hoidhreachta nádúrtha a sholáthar, a athchóiriú agus a uasghrádú agus feasacht a mhúscailt chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le caomhnú na bithéagsúlachta do shláinte agus d'fholláine an duine a chur chun suntais agus a scaipeadh.
3) Infheistíocht i gcaomhnú na bithéagsúlachta muirí, chun 18 % ar a laghad de chríoch mhuirí na Spáinne a chosaint faoi 2025.
4) Bogaigh a athchóiriú, trí ghníomhaíochtaí chun bogaigh a chaomhnú, a fheabhsú agus a athbhunú, agus go háirithe iad siúd atá nasctha leis an bPlean um Chaomhnú agus Athchóiriú Bogach dá bhforáiltear in Athchóiriú 2.
5) Trádáil idirnáisiúnta a rialú chun líonra na n-ionad tarrthála CITES a fheabhsú agus a chomhdhlúthú agus chun an plean gníomhaíochta i gcoinne na gáinneála neamhdhleathaí a neartú.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, chun soithí sainchuspóireacha a cheannach, áiritheofar leis na critéir roghnúcháin don infheistíocht nach roghnófar ach na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a bhfuil na tionchair chomhshaoil is ísle acu san earnáil, agus an sainchuspóir a bhfuil siad ag freastal uirthi á cur san áireamh.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (C4.I3) — Éiceachórais agus bonneagar glas a athchóiriú

Beidh sraith gníomhaíochtaí san infheistíocht sin chun tacú le cur chun feidhme Athchóiriú 2. Is é an aidhm atá ann éiceachórais nádúrtha agus limistéir atá díghrádaithe ag gníomhaíochtaí mianadóireachta a athchóiriú, chomh maith le tionscnaimh eile i dtimpeallachtaí uirbeacha atá dírithe ar nascacht uirbeach agus aisiompú a chur chun cinn.

Leagtar síos sprioc leis an infheistíocht 30000 heicteár ar a laghad d'éiceachórais nádúrtha a athchóiriú. Díreoidh na gníomhaíochtaí athchóirithe ar chríocha nó ar éiceachórais dhíghrádaithe trí eilimintí saorga a dhíothú, feabhas a chur ar an ithir agus ar an moirfeolaíocht agus ar athfhásrú

agus eadóirseacht. Maidir le mianadóireacht, déanfaidh an infheistíocht 30 iarláithreán mianadóireachta ar a laghad a athshlánú. Áirítear le hathshlánú iarshuíomhanna mianadóireachta dí-éilliú na hithreach, téarnamh mhoirfeolaíocht agus athfhásrú agus eadóirseacht na n-iarshuíomhanna mianadóireachta nach bhfuil i mbun oibríochta a thuilleadh.

Ar deireadh, cuirfidh an infheistíocht bonneagar glas chun cinn, lena gcumhdófar riachtanais na n-údarás áitiúil, lena n-áirítear: (i) pleanáil uirbeach agus straitéisí athghiniúna arb é is cuspóir dóibh bonneagar glas agus gorm a chruthú agus a athghiniúint agus spás uirbeach a shaoradh chun bithéagsúlacht, tréscaoilteacht ithreach agus nascacht nádúrtha a mhéadú sna cathracha; (II) gníomhaíochtaí agus tionscadail lena gcumhdaítear próisis rialachais agus rannpháirtíochta, bainistiú spásanna glasa agus gorma agus tionscadail mheitibileachta uirbigh a bhaineann leis an mbithéagsúlacht; agus (iii) tacaíocht do thionscadail trealaimh agus bonneagair le haghaidh pleanáil uirbeach.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

C4.I4 Bainistíocht inbhuanaithe ar fhoraoisí

Is éard a bheidh san infheistíocht sin infheistíochtaí i mbainistiú inbhuanaithe foraoisí:

1) Gníomhaíochtaí lena bhfeabhsófar bainistiú foraoisí lena dtabharfar aghaidh ar dhóiteáin foraoise a chomhrac agus ar idirghabhálacha eile bainistíochta foraoisí; tacaíocht theicniúil d'úinéirí foraoise agus do riaracháin foraoise chun úinéireacht phoiblí a chomhdhlúthú; pleananna bainistíochta foraoisí chun bithéagsúlacht agus úsáid inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn.
2) Gníomhaíochtaí lena gcosnófar an t-athrú aeráide agus lena n-oiriúnófar dó, lena n-áirítear 100 sócmhainn sainchuspóireach comhraic dóiteáin a athnuachan, bonn briogáide dóiteáin agus dul chun cinn maidir le gníomhaíochtaí feabhsaithe foraoise.
3) Tacóidh sraith gníomhaíochtaí le hearnáil na foraoiseachta mar phríomhacmhainn chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán déimeagrafach, agus béim ar leith á leagan ar an bhfiontraíocht ghlas agus ar an mbithgheilleagar áitiúil. Áireofar sa chuid sin den infheistíocht deontais d'údaráis áitiúla agus do ghníomhaithe poiblí agus príobháideacha eile chun iomaíochas, fiontraíocht agus inbhuanaitheacht earnáil na foraoiseachta agus a tionscail a chur chun cinn. Leis na gníomhaíochtaí sin, díreofar go háirithe ar phoist ghlasa a chruthú, go háirithe trí thacú le rannpháirtíocht na mban agus na ndaoine óga in earnáil na foraoiseachta agus leis an bhfiontraíocht ghlas.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, déanfaidh an beart tacaíocht do phlandálacha monashaothraithe a chosc agus a eisiamh go sainráite, go háirithe eocalaipe, chun strus maidir le huisce agus rioscaí dóiteáin a íoslaghdú. Chun trealamh comhraicthe dóiteáin a fháil, ní thabharfar tacaíocht ach do na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil san earnáil ag a bhfuil an tionchar is ísle ar an gcomhshaol, agus an sainchuspóir a bhfuil siad ag freastal air á chur san áireamh.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
62	C4.R1	M	Plean Straitéiseach maidir leis an Oidhreacht Nádúrtha agus an Bhithéagsúlacht agus Plean maidir le Líonra na Limistéar Muirí faoi Chosaint	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R4	2022	Glacadh an Phlean Straitéisigh le haghaidh na hOidhreachta Nádúrtha agus na Bithéagsúlachta (Foraithne Ríoga) agus an Phlean maidir le Plean Líonra na Limistéar Muirí faoi Chosaint (Foraithne Ríoga), lena n-áirítear naoi mbonn bainistíochta muirí ar a laghad a chur ar bun, iii) an Straitéis Bhithéagsúlachta, Eolaíochta agus Eolais, iv) an Straitéis Náisiúnta um Pailneoirí a Chaomhnú, v) an rialachán maidir le húdaráis, comhlachtaí riaracháin agus eolaíocha a thabhairt cothrom le dáta, faoin gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol agus vi) An Plean um Chaomhnú agus Athchóiriú Wetlands.
63	C4.R2	M	Glacadh na Straitéise Náisiúnta um Bonneagar Glas, Nascacht agus Athchóiriú Éiceolaíoch	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R2	2021	Glacadh na Straitéise Náisiúnta um Bonneagar Glas, Nascacht agus Athchóiriú Éiceolaíoch. Áireofar sa Straitéis línte gníomhaíochta chun an méid seo a leanas a bhaint amach: (i) Laghdú ar éifeachtaí na hilroinnte agus an chaillteanais nascachta éiceolaíoch; (II) éiceachórais a athchóiriú i bpríomhlimistéir; (III) soláthar seirbhísí éiceachórais a chothabháil agus a fheabhsú; (IV) feabhsuithe ar athléimneacht; (V) sainmhíniú ar shamhail rialachais; agus (vi) cumarsáid, oideachas agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.
64	C4.R3	M	Straitéis agus Plean Tacaíochta Foraoise na Spáinne a fhormheas	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R4	2022	Straitéis agus Plean Tacaíochta Foraoise na Spáinne a ghlacadh, lena n-áireofar treoirlínte maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí.
65	C4.I1	M	Conarthaí a dhámhachtain le haghaidh aerárthaí sainchuspóireacha le haghaidh comhraic dóiteáin, agus an córas faireacháin agus bainistíochta eolais bithéagsúlachta a bhunú	Conarthaí a dhámhachtain				R2	2022	Conarthaí a dhámhachtain chun deich n-aerárthach sainchuspóireacha ar a laghad (Ceanadair) le haghaidh comhrac dóiteáin a nuashonrú agus a uasghrádú, agus chun an córas faireacháin agus bainistíochta ar eolas bithéagsúlachta a chur ar fáil. Áirítear leis an gcóras an t-eolas ar speicis agus ar ghnáthóga agus ardán digiteach a mhéadú. Áiritheofar leis an infheistíocht go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí aerárthaí atá ann cheana amháin a uasghrádú, rud nach méadóidh a saolré ná a n-acmhainneacht.
66	C4.I1	M	An córas faireacháin agus bainistíochta eolais bithéagsúlachta a thabhairt chun críche agus a oibríochtú	*ACTA de Recepción*				R2	2026	Tá an córas faireacháin agus bainistíochta eolais bithéagsúlachta curtha i gcrích agus oibríochtúil (lena n-áirítear an t-ardán digiteach) agus rinneadh eitilt bheacht LIDAR lena gcumhdaítear 75 % ar a laghad den chríoch náisiúnta talún.
67	C4.I2	T	Limistéir mhuirí faoi chosaint		% de chríoch mhuirí na Spáinne	13	15	R2	2023	Limistéar muirí faoi chosaint 15 % ar a laghad de chríoch mhuirí na Spáinne a bhaint amach. Is críoch mhuirí é an limistéar muirí faoi chosaint a áirítear i Líonra Natura 2000 nó i gcatagóirí eile de spásanna nádúrtha faoi chosaint, mar a bunaíodh le Dlí 42/2007; áireofar limistéir atá faoi chosaint ag ionstraimí idirnáisiúnta agus Cúltacaí Muirí in RAMPE (Líonra na Spáinne um Limistéir

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										Mhuirí faoi Chosaint), i gcás inarb infheidhme. (Bonnlíne: 31 Nollaig 2020.)
68	C4.I2	T	Limistéir mhuirí faoi chosaint		% de chríoch mhuirí na Spáinne	15	18	R4	2025	Limistéar muirí faoi chosaint 18 % ar a laghad de chríoch mhuirí na Spáinne a bhaint amach. Is críoch mhuirí é limistéar muirí faoi chosaint a áirítear i Líonraí Natura 2000 nó i gcatagóirí eile de spásanna nádúrtha faoi chosaint, mar a bunaíodh le Dlí 42/2007; áireofar limistéir atá faoi chosaint ag ionstraimí idirnáisiúnta agus Cúltacaí Muirí in RAMPE (Líonra na Spáinne um Limistéir Mhuirí faoi Chosaint), i gcás inarb infheidhme. (Bonnlíne: 31 Nollaig 2023.)
69	C4.I2	T	Gníomhaíochtaí caomhnaithe bithéagsúlachta		Líon (heicteáir)	0	50 000	R2	2026	50000 heicteár ar a laghad a chumhdaítear le gníomhaíochtaí caomhnaithe bithéagsúlachta a cuireadh i gcrích. Áirítear an méid seo a leanas ar na gníomhaíochtaí caomhnaithe: (i) gníomhaíochtaí lena gcuirtear cosc ar bhásmhaireacht speiceas fauna agus flora, (ii) gníomhaíochtaí chun speicis ionracha a bhrath, a rialú nó a dhíothú go luath, (iii) bearta bainistíochta agus feabhsaithe gnáthóige, go háirithe iad siúd a dhéantar ar speicis faoi chosaint, (iv) gníomhaíochtaí lena n-athchóirítear bogaigh amhail feabhas a chur ar dhinimic nádúrtha, ar chainníocht agus ar cháilíocht an uisce, agus ar an bhflóra agus fána nádúrtha. agus (v) gníomhaíochtaí lena soláthraítear, lena n-athchóirítear agus lena n-uasghrádaítear saoráidí agus bonneagar a bhaineann le bainistiú na hoidhreachta nádúrtha agus go háirithe limistéir faoi chosaint (Natura 2000 agus Spásanna Nádúrtha faoi Chosaint), agus an Coinbhinsiún maidir le huasghrádú bhonneagar Trádála Neamhdhleathaí na Speicis i mBaol (CITES), lena n-áirítear Lárionad Tagartha nua Tarrthála a bhunú. Chun soithí sainchuspóireacha a cheannach, áiritheofar leis na critéir roghnúcháin don infheistíocht go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí thacú leis na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a bhfuil na tionchair is ísle acu ar an gcomhshaol san earnáil, agus an sainchuspóir a bhfuil siad ag freastal air á chur san áireamh.
70	C4.I3	T	Athshlánú iarláithreán mianadóireachta (20 láithreán mianadóireachta ar a laghad)		Líon (láithreáin mhianadóireachta)	0	20	R2	2023	Tús a chur le hoibreacha athshlánaithe ag gach láithreán mianadóireachta, ag díriú ar 20 láithreán mianadóireachta ar a laghad, lena n-áirítear dí-éilliú na hithreach, téarnamh na moirfeolaíochta, agus athfhásrú agus eadóirseacht.
71	C4.I3	M	Gníomhaíochtaí athchóirithe éiceachórais	Deimhniú oifigiúil oibreacha/tionscadal tugtha chun críche				R4	2025	30000 heicteár ar a laghad a chumhdaítear le gníomhaíochtaí athchóirithe éiceachórais a cuireadh i gcrích i gcríocha nó in éiceachórais dhíghrádaithe, lena n-áirítear deireadh a chur le heilimintí saorga, feabhas a chur ar an ithir agus ar an moirfeolaíocht, agus athfhásrú agus eadóirseacht agus tionscadail a bhaineann le bonneagar glas a thabhairt chun críche i 30 cathair ar a laghad ina bhfuil níos mó ná 50000 áitritheoir.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
72	C4.I3	T	Athshlánú iarláithreán mianadóireachta a thabhairt chun críche (30 iarláithreán mianadóireachta ar a laghad)		Líon (láithreáin mhianadóireachta)	0	30	R2	2026	Athshlánaíodh 30 láithreán mianadóireachta ar a laghad, lena n-áirítear dí-éilliú na hithreach, téarnamh na moirfeolaíochta, agus athchóiriú agus eadóirseacht na n-iarláithreán mianadóireachta nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh.
    a. Tuairisc ar línte an táirge airgeadais nó na dtáirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe
    b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
8. I gcás infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, na ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe seo a leanas, lena n-áirítear:

    a. An tuairisc ar chóras faireacháin IDAE chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
    b. An tuairisc ar nósanna imeachta IDAE lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
    c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.
    d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta IDAE. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir

---

gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra

56 Ceanglófar ar thairbhithe deiridh a bhaineann le tionscadail shonracha údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal, chun an rannchuidiú aeráide a ríomh. Chun an ranníocaíocht aeráide a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear ar a laghad 90 % d’ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó ioncaim amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Tairbhithe deiridh ó chothromas, ó chuasachothromas, ó bhannaí corparáide nó ó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, tabharfaidh siad údar cuí leis an réimse/na réimsí idirghabhála a roghnaíodh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

le Státchabhair, na ceanglais maidir le spriocanna aeráide; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar IDEA a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun a rialú an gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí is infheidhme nó an bheartais infheistíochta lena mbunaítear an scéim á n-urramú.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 6 (C12.I6) — Scéim fóirdheontais chun tacú le tionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach (deontais)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim fóirdheontais chun infheistíocht phríobháideach i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach a dhreasú trí dheontais. Leis an scéim, déanfar claochlú earnálacha straitéiseacha amhail mótarfheithiclí agus feithiclí leictreacha a chur chun cinn trí dheontais a dhámhachtain don earnáil phríobháideach, i gcomhthéacs na dTionscadal Straitéiseach nó PERTEnna arna bhformheas ag Comhairle na nAirí. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an scéim fóirdheontais EUR 250000000 ar a laghad de mhaoiniú a sholáthar ar dtús.

Déanfaidh SEPIDES mar chomhpháirtí cur chun feidhme an scéim a bhainistiú. Le gníomh dlí ábhartha, claochlófar SEPIDES ina ghnóthas poiblí chun an infheistíocht sin a chur chun feidhme (is garsprioc é sin faoi Infheistíocht 6 de Chomhchuid 31 de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne).

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an rialtas ionstraim dlí amháin nó níos mó lena mbunófar an scéim, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:

1. Tuairisc ar an bpróiseas cinnteoireachta don scéim: An mheastóireacht ar na hiarratais agus roghnú na dtairbhithe a bheidh le háireamh i gcinntí críochnaitheacha dámhachtana nó i gcinntí infheistíochta faoin scéim, déanfaidh coiste meastóireachta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile iad agus déanfar iad a fhormheas le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag SEPIDES agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinneadh deiridh infheistíochta na scéime teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste meastóireachta nó ag comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.

2. Liosta na ngníomhaíochtaí le haghaidh chlaochlú glas agus digiteach na hearnála atá incháilithe do thacaíocht, arb é EUR 250000000 ar a laghad a bheidh ann. Tacóidh an beart le tionscadail nuálacha lena mbaineann claochlú tionsclaíoch substaintiúil ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht agus claochlú digiteach na hearnála de.

3. Ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas leis an ionstraim dlí

nó leis na hionstraimí dlí: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[57]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[58]; agus (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[59] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[60]. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfaidh tairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol. Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): Gníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht sin atá dírithe ar inbhuanaitheacht comhshaoil cuideachtaí a mhéadú go suntasach (amhail dícharbónú, truailliú a laghdú agus an geilleagar ciorclach) más é príomhfhócas na ngníomhaíochtaí T & F agus N faoin infheistíocht seo roghanna malartacha a fhorbairt nó a oiriúnú a mbeidh na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil.

4. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide a dhéanann SEPIDES: rannchuideoidh EUR 100000000 ar a laghad d'infheistíocht RRF sa scéim leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.[61]

5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéime fóirdheontais tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun na costais chéanna a chumhdach.

---

[57] Seachas (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[58] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[59] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[60] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó chun dramhaíl dheighilte a iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[61] Ceangl⌠far ar thairbhithe deiridh ⌠iasachta⌡, iasachta⌡ rannph⟨irt⌡ochta, banna⌡ tionscadail, r⟨tha⌡ochta⌡ n⌠ionstraim⌡ coibh⌠iseacha a bhaineann le tionscadail shonracha ⌡dar a thabhairt leis an r⌠imse idirghabh⟨la roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann taca⌡ocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Ceangl⌠far ar an gcomhph⟨irt⌡ cur chun feidhme freisin tuarasc⟨il leathbhliant⌡il a shol⟨thar don Bhallst⟨t maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gn⌡omha⌡ochta.

6. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim fóirdheontais a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

L.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do gach táscaire ach amháin má léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
176	C12.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Tionscal	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2023	Beidh sé de chuspóir ag an Dlí feabhas a chur ar na sásraí comhordúcháin idir na leibhéil éagsúla rialtais sa bheartas tionsclaíoch, agus cáilíocht agus sábháilteacht thionsclaíoch a fheabhsú trí chóras neartaithe faireachais margaidh, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011. Ar deireadh, déanfar athbhreithniú ar an sainmhíniú ar sháruithe sa réimse agus déanfar nuashonrú ar leibhéal na smachtbhannaí a fhéadfar a chur i bhfeidhm.
177	C12.R2	M	Straitéis na Spáinne maidir leis an nGeilleagar Ciorclach (CEE)	Formheas Chomhairle na nAirí				R2	2020	Formheas Straitéis na Spáinne maidir leis an nGeilleagar Ciorclach (CEE). Leagtar síos ann an bunús chun samhail nua táirgthe agus tomhaltais a chur chun cinn ina gcoinnítear luach na dtáirgí, na n-ábhar agus na n-acmhainní chomh fada agus is féidir, ina n-íoslaghdaítear giniúint dramhaíola agus ina mbaintear leas iomlán as an dramhaíl nach bhféadfaí a sheachaint.
178	C12.R2	M	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha atá mar chuid de phacáiste beartais an gheilleagair chiorclaigh	Forálacha sna Foraitheanta Ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm na ndlíthe				R4	2022	Áirítear an méid seo a leanas i bpacáiste beartais an gheilleagair chiorclaigh: Foraithne Ríoga 731/2020 an 4 Lúnasa lena leasaítear Foraithne Ríoga 1619/2005 an 30 Nollaig maidir le bainistiú bonn a bhfuil a ré caite. Foraithne Ríoga 646/2020 an 7 Iúil lena rialaítear diúscairt dramhaíola trí líonadh talún. Foraithne Ríoga 553/2020 an 2 Meitheamh lena rialaítear loingsiú dramhaíola laistigh de chríoch an Stáit. Foraitheanta Ríoga 27/2021, an 19 Eanáir agus 265/2021, an 13 Aibreán. Bearta rialála maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht a bheith formheasta go luath ag Comhairle na nAirí le linn 2022.
179	C12.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Dramhaíl agus Ithir Éillithe	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2022	Áireofar an méid seo a leanas leis an Dlí: (i) Cur chun feidhme na Treorach Réime Dramhaíola agus na treorach maidir le plaistigh aon úsáide, agus rialacháin na Spáinne a thabhairt cothrom le dáta freisin i bhfianaise na taithí a fuarthas le deich mbliana anuas; (II) Cuspóirí an Aontais maidir le dramhaíl a thabhairt isteach, agus oibleagáidí maidir le bailiú ar leithligh a eascraíonn as rialacháin an Aontais, lena dtuartar a gcur chun feidhme i mbithdhramhaíl i mbardais ina bhfuil níos mó ná 5000 áitritheoir. Thairis sin, tabharfar isteach leis an mbeart oibleagáidí maidir le bailiú ar leithligh a théann thar na ceanglais arna mbunú le dlí an Aontais; (III) An t-athbhreithniú ar rialáil na freagrachta leathnaithe táirgeora, lena mbunaítear cinn nua a théann thar an méid a cheanglaítear le dlí an Aontais; (IV) Cánachas stáit ar dhramhaíl a thabhairt isteach (lena n-áirítear líonadh talún,

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										loscadh agus comhloscadh agus ar choimeádáin phlaisteacha aon úsáide).
180	C12.I1	T	Spásanna sonraí earnála agus idir-inoibritheacha ardluacha	—	Líon	0	4	R2	2026	Spásanna sonraí móra ardluacha earnála agus idir-inoibritheacha a chruthaítear in earnálacha straitéiseacha. Ceathrar ar a laghad san earnáil agraibhia, in earnáil na soghluaisteachta inbhuanaithe, san earnáil sláinte agus san earnáil trádála, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. EUR 400000000 ar a laghad a bheidh i bhfeidhmiú an bhuiséid arna shlógadh chun na críche sin.
181	C12.I2	M	Plean chun Borradh a chur faoi Shlabhra Luacha Thionscal na nGluaisteán i dtreo na Soghluaisteachta Inbhuanaithe agus Nasctha	Formheas Chomhairle na nAirí				R2	2020	Formheas Chomhairle na nAirí ar an bPlean chun Borradh a chur faoi Shlabhra Luacha an Tionscail Gluaisteán i dtreo na Soghluaisteachta Inbhuanaithe agus Nasctha.
182	C12.I2	M	PERTE i réimse na bhfeithiclí leictreacha	Formheas Chomhairle na nAirí				R3	2022	Formheas Chomhairle na nAirí ar Thionscadal Straitéiseach um Théarnamh agus Claochlú Eacnamaíoch (PERTE) i réimse straitéiseach na bhfeithiclí leictreacha, agus leithdháileadh EUR 400000000 ar a laghad de bhuiséad cabhrach. Beidh critéir roghnúcháin mhionsonraithe sa chinneadh formheasa PERTE chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ina theannta sin, léireofar sna critéir roghnúcháin ceanglais na réimsí idirghabhála is infheidhme le haghaidh cuspóirí maidir leis an athrú aeráide, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
183	C12.I2	M	PERTEnna i réimsí straitéiseacha a shainítear sa Phlean	Formheas Chomhairle na nAirí				R4	2022	Formheas ó Chomhairle na nAirí ar dhá PERTE ar a laghad agus leithdháileadh iomlán EUR 800000000 ar a laghad den bhuiséad cabhrach, i réimsí straitéiseacha eile, amhail agraibhia, sláinte, na hearnálacha aerloingseoireachta agus cabhlaigh, agus earnálacha tionsclaíocha atá nasctha le fuinneamh in-athnuaite, agus maidir le cumais chun próiseálaithe agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra a dhearadh agus a tháirgeadh. Beidh

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										critéir roghnúcháin mhionsonraithe sa chinneadh formheasa PERTE chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ina theannta sin, léireofar sna critéir roghnúcháin ceanglais na réimsí idirghabhála is infheidhme le haghaidh cuspóirí maidir leis an athrú aeráide, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
184	C12.I2	T	Tionscadail nuálacha maidir le claochlú na tionsclaíochta i dtéarmaí éifeachtúlachta fuinnimh, inbhuanaitheachta agus digitithe	—	Líon	0	78	R4	2022	Dámhachtain EUR 1200000000 ar a laghad ag an Aire Tionscail ar 78 dtionscadal nuálacha ar a laghad, lena n-áirítear iad siúd atá nasctha le PERTEnna formheasta (3 ar a laghad), lena mbaineann claochlú substaintiúil ar an tionscal i dtéarmaí éifeachtúlachta fuinnimh, inbhuanaitheachta agus claochlaithe dhigitigh. Roghnú tionscadal tar éis glao a foilsíodh in IO agus bunaithe ar chritéir roghnúcháin chun an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) a chomhlíonadh trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ina theannta sin, léireofar sna critéir roghnúcháin ceanglais na réimsí idirghabhála is infheidhme le haghaidh cuspóirí maidir leis an athrú aeráide, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
185	C12.I2	T	Cur i bhfeidhm buiséid PERTES agus tionscadail nuálacha le haghaidh claochlú na tionsclaíochta	—	EUR	0	2 531 500 000	R4	2024	Feidhmiú buiséid EUR 2531500000 ar a laghad arna slógadh i 210 dtionscadal nuálacha ar a laghad, lena n-áirítear iad siúd atá nasctha le PERTEnna formheasta (3 ar a laghad), lena mbaineann fíorathrú ar an tionscal ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht agus claochlú digiteach de, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 455000000 ar a laghad leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 100 % agus le comhéifeacht aeráide 40 % ar a laghad, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. De rogha air sin, má tá údar maith leis trí mhíniú a thabhairt ar na cúiseanna a bhféadfadh sé nach mbeadh an cur chuige malartach indéanta, áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 2531500000 ar a laghad leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 40 % ar a laghad ar an meán, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Déanfar EUR 3800000000 ar a laghad d'infheistíocht phríobháideach a shlógadh le cistí RRF, i gcomhréir freisin leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ní mheasfar an sprioc sin a bheith bainte amach i gcás ina mbeadh aon cheann de na bearta ar gealladh buiséad ina leith le bheith ina Státchabhair i gcomhréir le hAirteagal 107 CFAE, i gcás inar ghá fógra a thabhairt don Choimisiún agus nach bhfuil formheas faighte ag an gCoimisiún ina leith faoin 31 Nollaig 2024.
186	C12.I2	T	PERTEnna agus tionscadail nuálacha a chur i gcrích maidir le claochlú na tionsclaíochta	—	Líon	0	3	R2	2026	210 dtionscadal nuálacha ar a laghad a chur i gcrích, lena n-áirítear iad siúd atá nasctha le PERTE formheasta (3 cinn ar a laghad), lena mbaineann fiorathrú ar an tionscal ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht agus claochlú digiteach de, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
187	C12.I3	T	Tionscadail a chur i gcrích chun tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta dramhaíola agus chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn san fhiontar	—	Líon	0	30	R4	2023	30 tionscadal ar a laghad arna bhformheas ag MITERD a thabhairt chun críche chun tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta dramhaíola agus chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn san fhiontar i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ní dhéanfar gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin a bhaineann le gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla ach amháin i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó chun críche iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin infheistíocht sin, arna fhíorú ar leibhéal an ghléasra.
188	C12.I3	T	Acmhainneacht nua cóireála dramhaíola cathrach a bhailítear ar leithligh a	—	t/bliain de thoilleadh dramhaíola cathrach bailithe ar	0	1 500 000	R2	2026	Acmhainneacht cóireála nua a thógáil le haghaidh dramhaíl a bhailítear ar leithligh de 1500000 tonna ar a laghad in aghaidh na bliana. Ciallóidh bailiú ar leithligh an bailiúchán ina gcoimeádfar sruth dramhaíola ar leithligh de réir cineáil agus cineáil chun cóireáil shonrach a éascú.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			thógáil		leithligh					
440	C12.R2	M	Meitheal an Choimisiúin um Chomhordú Dramhaíola chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta dramhaíola	Formheas ag an gCoiste Comhordúcháin Dramhaíola				R2	2024	Formheasfaidh an Coiste Comhordúcháin Dramhaíola meitheal shonrach a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta dramhaíola, agus ar chomhchuibhiú na gcritéar maidir leis an gcomhlíonadh sin, chomh maith le bearta a ghlacadh chun é sin a éascú.
441	C12.R2	M	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha atá mar chuid den dara pacáiste maidir leis an ngeilleagar ciorclach	Forálacha i bhForaitheanta Ríoga lena mbunaítear teacht i bhfeidhm gníomhartha				R4	2025	Áireofar an méid seo a leanas sa dara pacáiste rialála don gheilleagar ciorclach: – Foraithne Ríoga, maidir le ráthaíochtaí airgeadais i ndáil le táirgeoirí dramhaíola agus bainisteoirí dramhaíola – Foraithne Ríoga maidir le bainistiú dramhaíola ó tháirgí tobac ag a bhfuil scagairí agus scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac – Foraithne Ríoga maidir le bainistiú dramh-olaí tionsclaíocha – Foraithne Ríoga maidir le bainistiú bonn a bhfuil a ré caite. – Ordú ón Aire lena leagtar síos íoscheanglais maidir le cóireáil roimh dhramhaíl chathrach a chur i líonadh talún – Glacadh an dara Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach
442	C12.I3	T	Dáileadh deontas chun tionscadail cur chun feidhme dramhaíola a chur chun feidhme.		EUR milliún	0	300	R2	2023	Formheas Chomhaontú na Comhdhála Earnála maidir leis an gComhshaol lena bhformheastar na critéir leithdháilte agus dáileadh críochach deontas, nó formheas deontas díreach i gcomhréir leis an Dlí Ginearálta maidir le Fóirdheontais 38/2003, a bhaineann leis an bPlean chun tacú le cur chun feidhme reachtaíocht dramhaíola 2024 chun tionscadail a mhaoiniú arb é is aidhm dóibh an creat náisiúnta rialála dramhaíola a chur chun feidhme agus cuspóirí an Aontais a bhaint amach. Is éard a bheidh sna tionscadail gníomhaíochtaí chun córais maidir le bailiú ar leithligh dramhaíola a chur chun feidhme agus a fheabhsú, infheistíochtaí i bpointí bailithe chun athchúrsáil a fheabhsú, agus gléasra cóireála dramhaíola nua a bhailítear ar leithligh a thógáil.
443	C12.I3	T	Tionscadail maidir le bainistiú		EUR Milliún		270	R2	2026	Tionscadail dar luach EUR 270000000 ar a laghad a chur i gcrích, ar tionscadail iad a dámhadh chun córais bailithe ar leithligh a chur chun feidhme agus a fheabhsú, infheistíochtaí i bpointí bailithe chun athchúrsáil a fheabhsú, agus gléasraí cóireála

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			dramhaíola a chur i gcrích							dramhaíola nua a bhailítear ar leithligh a thógáil.
444	C12.I4	M	SLIS PERTE. An slabhra luacha le haghaidh leathsheoltóirí a neartú.	Foilsiú san Iris Oifigiúil nó ar shuíomh gréasáin oifigiúil	EUR milliún		200	R1	2025	Gealltanas dlíthiúil EUR 200000000 do thairbhithe deiridh atá rannpháirteach in IPCEI-Micrileictreonaic agus Nascacht, agus do thairbhithe deiridh a fhaigheann tacaíocht d'éiceachóras na Spáinne le haghaidh leathsheoltóirí le haghaidh chéim an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta (T & F & N) agus na chéad chéime den imscaradh tionsclaíoch, d'eisiamh olltáirgeadh agus gníomhaíochtaí tráchtála.
445	C12.I4	T	SLIS PERTE. An slabhra luacha le haghaidh leathsheoltóirí a neartú (II).		EUR milliún		180	R2	2026	Eisíocadh EUR 180000000 ar a laghad leis na tairbhithe deiridh atá rannpháirteach in IPCEI-Micrileictreonaic agus Nascacht, agus leis na tairbhithe deiridh a fhaigheann tacaíocht d'éiceachóras na Spáinne le haghaidh leathsheoltóirí le haghaidh chéim an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta (T & F & N) agus an chéad chéim den imscaradh tionsclaíoch, d'eisiamh olltáirgeadh agus gníomhaíochtaí tráchtála.
448	C12.I5	M	Scéim fóirdheontais chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach: Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú eisíocaíochta leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme				R2	2024	Aistreoidh an Spáinn EUR 100000000 chuig IDAE agus EUR 200000000 chuig Fundación Biodiversidad le haghaidh na scéime
446	C12.I5	M	Scéim fóirdheontais chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach: An scéim fóirdheontais a bhunú	Teacht i bhfeidhm na hionstraime/ na n-ionstraimí dlí ábhartha				R4	2024	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
447	C12.I5	T	Scéim fóirdheontais chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach: Comhaontuithe dlíthiúla arna	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil nó rún		0 %	100 %	R3	2025	Beidh rúin chríochnaitheacha dámhachtana foilsithe ag IDAE agus Fundación Biodiversidad nó beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta acu le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF (lena n-áirítear costais indíreacha) a úsáid sa scéim.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			síniú le tairbhithe deiridh nó rúin deiridh maidir le dámhachtain a foilsíodh	críochnaitheach dámhachtana a foilsíodh						
448a	C12.I6	M	Scéim fóirdheontais d'earnáil na bhfeithiclí leictreacha (deontais): Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú eisíocaíochta le SEPIDES				R2	2024	Aistreoidh an Spáinn EUR 250000000 chuig SEPIDES le haghaidh na scéime.
448b	C12.I6	M	Scéim fóirdheontais d'earnáil na bhfeithiclí leictreacha (deontais); An scéim fóirdheontais a bhunú	Teacht i bhfeidhm na hionstraime/ na n-ionstraimí dlí ábhartha				R3	2024	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim fóirdheontais i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
448c	C12.I6	T	Scéim fóirdheontais d'earnáil na bhfeithiclí leictreacha (deontais): Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin deiridh maidir le dámhachtain	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil nó rún críochnaitheach dámhachtana a foilsíodh		0	100 %	R2	2026	Beidh rúin dámhachtana deiridh foilsithe ag SEPIDES nó beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta aige le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF (lena n-áirítear costais indíreacha) a úsáid sa scéim. Áiritheoidh SEPIDES go rannchuideoidh 40 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			a foilsíodh							

I.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na tacaíochta iasachta

Infheistíocht 7 (C12.I7) — Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus an agraibhia (iasachtaí)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim tacaíochta chun infheistíocht phríobháideach i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus an agraibhia a dhreasú, trí iasachtaí. Leis an scéim, déanfar claochlú earnálacha straitéiseacha amhail mótarfheithiclí agus feithiclí leictreacha agus an earnáil agraibhia a chur chun cinn trí iasachtaí a dhámhachtain don earnáil phríobháideach, i gcomhthéacs na dTionscadal Straitéiseach nó PERTEnna arna bhformheas ag Comhairle na nAirí. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an scéim maoiniú EUR 1200000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Déanfaidh SEPIDES mar chomhpháirtí cur chun feidhme an scéim a bhainistiú. Le gníomh dlí ábhartha, claochlófar SEPIDES ina ghnóthas poiblí chun an infheistíocht sin a chur chun feidhme (is garsprioc é sin faoi Infheistíocht 6 de Chomhchuid 31 de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne).

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an rialtas ionstraim dlí amháin nó níos mó lena mbunófar an scéim iasachta, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:

1. Tuairisc ar an bpróiseas cinnteoireachta don scéim: Is coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile a dhéanfaidh an mheastóireacht ar na hiarratais agus roghnú na dtairbhithe a bheidh le háireamh i gcinntí críochnaitheacha dámhachtana nó i gcinntí infheistíochta faoin scéim agus déanfar iad a fhormheas le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag SEPIDES agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na scéime teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.
2. Liosta na ngníomhaíochtaí le haghaidh chlaochlú glas agus digiteach na hearnála atá incháilithe do thacaíocht, arb é EUR 1200000000 ar a laghad a bheidh ann. Tacóidh an beart le tionscadail nuálacha lena mbaineann claochlú tionsclaíoch substaintiúil ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht agus claochlú digiteach na hearnála de.
3. Ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01): (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[62], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[63](iii) gníomhaíochtaí agus

[62]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[63]I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh.

sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[64] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[65]. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na scéimeanna iasachta. Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): Gníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht sin atá dírithe ar inbhuanaitheacht comhshaoil cuideachtaí a mhéadú go suntasach (amhail dícharbónú, truailliú a laghdú agus an geilleagar ciorclach) más é príomhfhócas na ngníomhaíochtaí T & F agus N faoin infheistíocht seo roghanna malartacha a fhorbairt nó a oiriúnú a mbeidh na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil.

4. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide a dhéanann SEPIDES: rannchuideoidh EUR 480000000 ar a laghad d'infheistíocht RRF sa scéim leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.[66]
5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéime iasachta tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun na costais chéanna a chumhdach.
6. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim iasachta a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

L.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh na tacaíochta iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

64N⟨λ φειδημμ αγ αν εισιαμη sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiamh65 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó chun dramhaíl dheighilte a iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[66]Ceangl ⌠far ar thairbhithe deiridh ⌡dar a thabhairt leis an r⌠imse idirghabh⟨la roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann taca⟩ocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Ceangl ⌠far ar an gcomhph⟨irt⟩ cur chun feidhme freisin tuarasc⟨il leathbhliant ⌡il a shol⟨thar don Bhallst⟨t maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gn⟩omha⟩ochta.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L22	C12.I7	M	Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus an agraibhia (iasachtaí): Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú eisíocaíochta le SEPIDES				R2	2024	Aistreoidh an Spáinn EUR 1200000000 chuig SEPIDES le haghaidh na scéime.
L23	C12.I7	M	Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus an agraibhia (iasachtaí): An scéim a bhunú	Teacht i bhfeidhm na hionstraime/na n-ionstraimí dlí ábhartha				R3	2024	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim iasachta i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart
L24	C12.I7	T	Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus an agraibhia (iasachtaí): Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil nó rún críochnaitheach dámhachtanaa foilsíodh		0	100 %	R2	2026	Beidh rúin dámhachtana deiridh foilsithe ag SEPIDES nó beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta aige le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF (lena n-áirítear costais indíreacha) a úsáid sa scéim. Áiritheoidh SEPIDES go rannchuideoidh 40 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			deiridh maidir le dámhachtaina foilsíodh							

M. COMHPHÁIRT 13: TACAÍOCHT DO FBMANNA

Tá ról lárnach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) i ngeilleagar an Aontais agus na Spáinne, go háirithe i gcás ina gcuireann FBManna níos mó leis an OTI náisiúnta agus ina bhfuil meánmhéid na ngnólachtaí níos lú i gcomparáid le meán an Aontais.

Leis an gcuid sin de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne, tugtar aghaidh ar na dúshláin atá os comhair fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) (lena n-áirítear daoine féinfhostaithe) d'fhonn borradh a chur faoi iomaíochas gheilleagar na Spáinne agus fás agus fostaíocht a chur chun cinn. Is iad seo a leanas na dúshláin sin: rochtain dheacair ar mhaoiniú le haghaidh fiontraíochta, fáis gnó agus nuálaíochta; easpa scileanna digiteacha agus easpa glactha teicneolaíochtaí digiteacha a chuireann bac ar tháirgiúlacht agus iomaíochas FBManna; méid beag gnólachtaí, rud a chuireann bac ar shaothrú barainneachtaí scála agus ar idirnáisiúnú; agus an ardleochaileacht i leith suaití seachtracha agus barainneachtaí scála ísle a chuireann bac ar infheistíocht agus ar nuálaíocht.

Is iad cuspóirí na comhpháirte sin athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh cruthú gnó, fás agus athstruchtúrú gnólachtaí a éascú, an timpeallacht ghnó a fheabhsú (go háirithe trí fheidhmiú mhargadh inmheánach na Spáinne a neartú), chomh maith le borradh breise a chur faoi phróisis thábhachtacha na ngnóthachan táirgiúlachta trí dhigitiú, nuálaíocht agus idirnáisiúnú. Tá an chomhpháirt sin dírithe go mór ar an digitiú le cur chuige cothrománach chun bunphacáiste digitithe a chur ar fáil do chéatadán suntasach FBManna agus cur chuige ingearach chun borradh a chur faoi dhigitiú na bpróiseas agus faoin nuálaíocht theicneolaíoch i FBManna áirithe.

Tugann an chomhpháirt sin aghaidh go páirteach ar na Moltaí Tírshonracha maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an Dlí maidir le hAontacht an Mhargaidh (Moladh Sonrach Tíre 4 2019) agus maidir le cur chun feidhme éifeachtach na mbeart atá dírithe ar leachtacht a sholáthar do FBManna agus do dhaoine féinfhostaithe a áirithiú, go háirithe trí íocaíochtaí déanacha a sheachaint (Moladh Sonrach Tír 3 2020). Tugtar aghaidh ann freisin ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíochtaí a dhíriú ar an aistriú digiteach (Moladh Sonrach Tír 3 2020) agus maidir le rochtain ar fhoghlaim dhigiteach a fheabhsú (Moladh Sonrach Tíre 2 2020). Cothaíonn sé infheistíocht san aistriú glas freisin (Moladh Sonrach Tíre 1 2023 agus 1 2022).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

M.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C13.R1) — Rialáil gnó agus an aeráid a fheabhsú

Is iad cuspóirí an athchóirithe feabhas a chur ar an gcreat ina ndéantar gníomhaíocht eacnamaíoch trí rialáil níos fearr agus timpeallacht ghnó a áirithiú lena n-éascaítear cruthú agus fás gnólachtaí, agus a n-athstruchtúrú más gá, trí roinnt beart a ghlacadh.

Is éard a bheidh san athchóiriú:

a) Glacadh an Dlí maidir le Cruthú Gnó agus Fás. Is é is aidhm don reachtaíocht seo:

   i. Na nósanna imeachta chun gnólacht a chur ar bun a shimpliú. Bainfear é sin amach tríd an íoscheanglas caipitil chun gnólacht a chur ar bun a laghdú, agus trí ardáin sluachistiúcháin agus ionstraimí cistiúcháin poiblí eile a neartú;

   ii. Bearta dlíthiúla chun cultúr luathíocaíochta a chothú. Cuirfidh an dlí seo feabhas ar éifeachtacht chur chun feidhme Threoir (AE) 2011/7 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála. Meastar go laghdóidh an dlí na meántréimhsí íocaíochta in idirbhearta tráchtála. Chuideodh sé sin le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin leachtachta atá os comhair FBManna creidiúnaithe nach n-íoctar in am trátha, agus bheadh éifeachtaí iarmharta dearfacha aige sin ar a ngníomhaíochtaí agus ar a bhfás. Áirítear ar shamplaí de bhearta atá le cur chun feidhme chun cultúr luathíocaíochta a chothú treoirlínte maidir le poiblíocht agus trédhearcacht tréimhsí íocaíochta, dea-chleachtais ghnó agus sásraí le haghaidh forfheidhmiú níos fearr amhail córas um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt;

   iii. Forálacha áirithe den Dlí maidir le hAontacht an Mhargaidh a leasú chun tuilleadh soiléireachta a sholáthar i réimsí ina bhfuil fadhbanna cur chun feidhme mar thoradh ar dhébhríochtaí. Is é is aidhm don Dlí maidir le hAontacht an Mhargaidh deireadh a chur le bacainní neamhriachtanacha, díréireacha nó idirdhealaitheacha ar rochtain ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus ar shaothrú na ngníomhaíochtaí sin agus ar shaoirse bhunaíochta ar fud na críche. Is é cuspóir an athchóirithe seo freisin feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus trédhearcacht na sásraí dá bhforáiltear sa Dlí maidir le hAontacht an Mhargaidh chun oibreoirí a ndéanann bacainní arna bhforchur ag an riarachán poiblí difear dá ngníomhaíocht a chosaint. Ina theannta sin, neartóidh an t-athchóiriú an comhar chun rialáil níos fearr a chur chun cinn ar fud na tíre;

b) Bunófar Comhdháil Earnála nua d'Fheabhsú Rialála agus don Aeráid Ghnó. Is é an cuspóir a bheidh aige cur i bhfeidhm ceart phrionsabail na dea-rialála ag na riaracháin phoiblí uile a éascú agus comhordú optamach na riarachán éagsúil a áirithiú, lena n-áirítear i mbearta a ghabhfaidh leis an téarnamh. Déanfaidh an chomhdháil earnála obair leantach freisin laistigh de chomhdhálacha earnálacha eile, lena bhféadfar feabhas a chur ar chomhordú, ar fhaireachán agus ar chur chun cinn na rialála níos fearr, le fócas cothrománach agus earnálach araon;

c) Athchóiriú ar an dlí dócmhainneachta chun Treoir (AE) 2019/1023 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, urscaoileadh fiachais agus dícháiliúcháin a thrasuí, agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta dócmhainneachta a mhéadú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hAthstruchtúrú agus Dócmhainneacht). Áireofar leis an athchóiriú nós imeachta dara deis níos éifeachtúla a bhunú do dhaoine nádúrtha, lena gceadófar faoiseamh fiachais gan sócmhainní an pháirtí dhócmhainnigh a leachtú roimh ré. Ina theannta sin, tabharfar isteach na pleananna athstruchtúraithe a cheanglaítear le Treoir (AE) 2019/1023 maidir le Dócmhainneacht mar ionstraim réamhdhócmhainneachta nua lena bhfeabhsaítear éifeachtacht na n-ionstraimí réamhdhócmhainneachta is infheidhme faoi láthair chun dócmhainneacht agus féimheacht ina dhiaidh sin a chosc. Tabharfar isteach freisin nós imeachta speisialta do mhicrifhiontair agus do FBManna, arna bpróiseáil go hiomlán trí mheán leictreonach, chun fad agus costais an phróisis a laghdú.

d) Is éard a bheidh san athchóiriú sin freisin Dlí a ghlacadh lena leasófar trí théacs reachtacha, go háirithe Dlí 34/2006, a bhaineann le cleachtas gairmiúil dlíodóirí agus *procuradores*. Le córas nua, soláthrófar rochtain aonair ar ghairmeacha dlíodóirí agus *procuradores*, toisc go

dtabharfaidh an cháilíocht chéanna rochtain ar chleachtadh an dá ghairm. Ceadófar do shochaithe gairmiúla ildisciplíneacha seirbhísí cosanta dlíthiúla agus ionadaíochta dlíthiúla a thairiscint go comhpháirteach sa chúirt. Déanfar an córas taraife is infheidhme maidir le seirbhísí *procuradores* a leasú freisin: bunófar táillí uasta, ach ní bunófar táillí íosta chun a áirithiú gur féidir le faighteoirí seirbhíse rochtain a bheith acu ar sheirbhísí a thairgtear ar phraghsanna iomaíocha. Leis an athchóiriú sin, áiritheoidh an Spáinn go ndéanfar an reachtaíocht sa réimse sin a ailíniú le hAirteagail 15, 16 agus 25 de Threoir 2006/123/C ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach, agus le hAirteagail 49 agus 56 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Maidir leis an athchóiriú sin, d'fhormheas Comhairle na nAirí na dréacht-tograí reachtacha dá dtagraítear thuas i mí Mheán Fómhair 2020.

e) Dlí na hiomaíochta a leasú (Dlí 15/2007 maidir le hIomaíocht a Chosaint), nósanna imeachta a chuíchóiriú agus creat rialála na tíre in aghaidh trustaí a neartú i gcomhréir le dea-chleachtais idirnáisiúnta chun iomaíocht éifeachtach a áirithiú. Déanfar foráil leis an leasú maidir le nós imeachta socraíochta a thabhairt isteach le haghaidh cásanna in aghaidh trustaí faoi Airteagail 1 (iompar claonpháirteach), 2 (mí-úsáid ceannasachta) agus 3 (saobhadh na saoriomaíochta trí ghníomhartha éagóracha) de dhlí na hiomaíochta chun ligean isteach sáruithe a dhreasú agus chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí a laghdú. Tabharfar isteach leis an leasú freisin (1) forálacha dlíthiúla comhlántacha ar Rialachán (AE) 2022/1925 (an Ionstraim um Margaí Digiteacha) chun an chumhacht a thabhairt d'údarás inniúil na Spáinne imscrúduithe a dhéanamh laistigh den chreat náisiúnta, (2) cuíchóiriú a dhéanamh ar an tréimhse ama chun imeachtaí a réiteach, chomh maith le (3) foráil a dhéanamh maidir le feabhas a chur ar an gcóras smachtbhannaí lena n-áirítear trí smachtbhannaí a mhéadú ar dhaoine nádúrtha (i.e. bainisteoirí).

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
    1. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
    2. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
    3. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme, lena n-áirítear trí fhéindearbhú a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.

    4. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ICO. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, ceanglais na sprice digití; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i

---

[115]I gc⟨s ina mbaintear amach leis an ngn⟨omha⟨ocht a dtaca⟨tear l⌈i asta⟨ochta⟨ r⌈amh-mheasta g⟨s ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad n⟨os ⟨sle n⟨ na tagarmharcanna ⟨bhartha, tabharfar m⟨ni | ar na c |iseanna nach bhfuil s⌈ sin ind⌈anta. Tagarmharcanna a bhuna⟨tear le haghaidh leithdh⟨ileadh saor in aisce le haghaidh gn⟨omha⟨ochta⟨ a thagann faoi raon feidhme an Ch⌈rais Tr⟨d⟨la Asta⟨ochta⟨, mar a leagtar amach i Rialach⟨n Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ⌈n gCoimisi |n.

[116]N⟨λ φειδημ αγ αν εισιαμησin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[117]N⟨λ φειδημ αγ αν εισιαμησin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

láthair chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gComhaontuithe Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú, lena n-áirítear trí fhéindearbhuithe a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh siad oibríocht a mhaoiniú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí digiteacha arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 150000000 ar a laghad d'infheistíocht RRF sa tSaoráid leis na cuspóirí digiteacha i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.[118]
6. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh ICO idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.
7. Ceanglas Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh ICO Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:

    1. Oibleagáid an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh i gcomhréir *mutatis mutandis* leis na ceanglais chinnteoireachta agus beartais infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le prionsabal DNSH a urramú.

    2. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

[118]Chun an ranníocaíocht dhigiteach a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear ar a laghad 90 % d'ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó ioncaim amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.

Infheistíocht 7 (C13.I7) — An chéad Chiste Teicneolaíochta Eile

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, Ciste Teicneolaíochta Eile, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha straitéiseacha na Spáinne atá ceangailte leis an aistriú digiteach agus chun margaí caipitil a fhorbairt sa réimse sin. Feidhmeoidh an tSaoráid trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar trí chomhinfheistíocht le cistí eile, go díreach nó trí idirghabhálaithe don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí a ghabhann do ghníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 4000000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Déanfaidh Sociedad Española para la Transformación Tecnológica (SETT) agus/nó Axis (bainisteoir fiontair/caipitil phríobháideach ICO) mar chomhpháirtithe cur chun feidhme an tSaoráid a bhainistiú. Áireofar sa tSaoráid na línte táirgí seo a leanas:

- Líne dhíreach: is éard a bheidh sa líne sin infheistíochtaí cothromais dhírigh nó infheistíochtaí cuasachothromais a sholáthar trí SETT, do chuideachtaí atá corpraithe sa Spáinn, gan beann ar a méid agus ar a n-úinéireacht ar an gcaipiteal, a gheallann tionscadail teicneolaíochta nua a chur i gcrích. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ón gCiste ina gcúis le sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh a bheith os cionn 49 % den chothromas iomlán.
- Líne indíreach: is éard a bheidh sa líne sin aistriú cistí chuig meáin infheistíochta atá ann cheana agus atá á mbainistiú ag idirghabhálaithe airgeadais príobháideacha, lena n-áirítear cistí caipitil fiontair, a dhéanann oibríochtaí infheistíochta cothromais agus/nó cuasachothromais sna réimsí teicneolaíochta a bhfuil an Ciste dírithe orthu. Ní rachaidh rannpháirtíocht uasta an Chiste thar 49 % den chiste meán infheistíochta.
- An Tionscnamh Eorpach um Chraobhchomórtas Teicneolaíochta (ETCI): is éard a bheidh sa líne sin aistriú cistí suas le EUR 1 bhilliún ón Spáinn chuig ETCI, Ciste Cistí arna mbainistiú ag an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI), lena ndéanfar caipiteal fáis ag céim dhéanach a dhíriú ar nuálaithe Eorpacha a bhfuil gealladh fúthu.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus Ais agus/nó an Spáinn agus SETT Comhaontú Cur Chun Feidhme nó formheasfaidh an Spáinn an ionstraim dlí chomhfhreagrach agus na doiciméid ghaolmhara ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Maidir leis an líne dhíreach, déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus déanfar é a fhormheas le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar rialtas na Spáinne. I gcás na líne dírí, beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnú) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás infheistíochtaí idirghafa tríd an líne indíreach agus tríd an líne ETCI, is iad idirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh deiridh infheistíochta.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

    a. An tuairisc ar an táirge/na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.

    b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.

d. An ceanglas an prionsabal ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

   i. I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: leis an mbeartas infheistíochta, ceanglófar ar chuideachtaí pleananna aistrithe glasa a ghlacadh i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 19a (2)(a)(iii) de Threoir 2013/34/AE[119] má dhíorthaítear níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ón liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[120], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[121](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[122] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[123].

   ii. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

---

[119] Leasaítear Treoir 2013/34/AE le Treoir (AE) 2022/2464 i dtaca leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

[120] Cé is moite de (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise, agus deireadh iomlán á chur le breoslaí iontaise go hiomlán le himeacht ama.

[121] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[122] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[123] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme agus/nó an ionstraim dlí agus na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid, an struchtúr táillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
    a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.

    b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

    c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme agus/nó san ionstraim dlí agus sna doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid, lena n-áirítear trí fhéindearbhú a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú, sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.

    d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ICO agus/nó SETT. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir le spriocanna aeráide; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i láthair chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme is infheidhme agus/nó na hionstraime dlí agus na ndoiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid agus na Comhaontuithe Cistiúcháin á n-urramú, lena n-áirítear trí fhéindearbhuithe a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh siad oibríocht a mhaoiniú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí digiteacha arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 4000000000 ar a laghad d’infheistíocht RRF sa tSaoráid leis na cuspóirí maidir leis an athrú digiteach i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.[124]

6. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh ICO agus/nó SETT idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.

[124]Chun an ranníocaíocht dhigiteach a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear ar a laghad 90 % d’ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó ioncaim amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.

7. Ceanglas Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh Ais agus/nó SETT Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme nó leis an ionstraim dlí agus leis na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:

    1. Oibleagáid an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh i gcomhréir mutatis mutandis leis na ceanglais chinnteoireachta agus beartais infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le prionsabal DNSH a urramú.

    2. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh mutatis mutandis faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 8 (C13.I8) — Ciste Comhinfheistíochta (FOCO)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, an Ciste Comhinfheistíochta, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha straitéiseacha na Spáinne, go háirithe sna hearnálacha sin a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus le PERTEnna, agus chun margaí caipitil a fhorbairt sna réimsí sin. Feidhmeoidh an tSaoráid sin trí iasachtaí, infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais a sholáthar trí chomhinfheistíochtaí le hinfheisteoirí institiúideacha eachtracha agus iltaobhacha tríú páirtí, go díreach nó trí idirghabhálaithe don earnáil phríobháideach. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 2000000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é Compañía Española de Financiación del Desarrollo (COFIDES) mar chomhpháirtí cur chun feidhme a dhéanfaidh an tSaoráid a bhainistiú. Ionchorprófar na línte táirgí seo a leanas sa tSaoráid:

- Líne dhíreach: Déanfaidh an tSaoráid comhinfheistíocht dhíreach le hinfheisteoirí institiúideacha eachtracha tríú páirtí i gcuideachtaí a bhfuil gealltanas tugtha acu tionscadail nua a dhéanamh in earnálacha eacnamaíocha straitéiseacha na Spáinne, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus le PERTEnna. Beidh an tSaoráid in ann infheistíocht a dhéanamh trí úsáid a bhaint as ionstraimí iasachta, cothromais agus cuasachothromais. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ón gCiste ina gcúis le sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh a bheith os cionn 49 % den chothromas iomlán
- Líne indíreach: Infheisteoidh an tSaoráid i gcistí atá ann cheana a infheistíonn sna hearnálacha a ndírítear orthu leis an tSaoráid agus beidh sí in ann meáin mhaoinithe shaincheaptha a chruthú lena ndíreofar ar na hearnálacha céanna. Ní rachaidh rannpháirtíocht uasta na Saoráide thar 49 % d'aon chiste nó d'aon mheán infheistíochta eile agus ní bheidh sí ina cúis le sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i gciste nó i meán infheistíochta a bheith os cionn 49 % den chothromas iomlán.

Beidh an chomhinfheistíocht ag infheisteoirí tríú páirtí coibhéiseach ar a laghad le ranníocaíocht na Saoráide agus déanfaidh sí infheistíocht ar théarmaí pari passu. Féadfaidh comhinfheisteoirí tríú páirtí na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a áireamh:

- Institiúidí poiblí eachtracha, amhail cistí pinsin poiblí, cistí ceannasacha agus focheannasacha, institiúidí iltaobhacha a infheistíonn i margaí caipitil príobháideacha (amhail an Ciste Eorpach Infheistíochta).
- Infheisteoirí institiúideacha fadtéarmacha príobháideacha coigríche amhail cistí infheistíochta, cistí pinsin nó cuideachtaí árachais.
- Meáin agus eintitis infheistíochta príobháidí intíre, ar choinníoll go slógann siad acmhainní airgeadais ó infheisteoirí príobháideacha coigríche.
- Cuideachtaí cothromais eachtracha atá rannpháirteach i bhfigiúirí cuideachta sa Spáinn chun tionscadail infheistíochta agus gníomhaíochtaí táirgiúla a dhéanamh a bhféadfadh an ciste tacú leo.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, formheasfaidh an Spáinn rialachán, agus aon doiciméid ghaolmhara, chun an tSaoráid a chruthú agus a bhainistiú lena n-áireofar an t-inneachar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus déanfar é a fhormheas le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás infheistíochtaí idirghafa, is iad na hidirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh deiridh infheistíochta.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

   a. An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart. Le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha, i.e. infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí agus i dtáirgí cosanta a shainaithnítear sa chlár oibre bliantúil don Chiste Eorpach Cosanta; infheistíochtaí spáis i gcloig adamhacha, i lainseálaithe straitéiseacha; agus táirgí spáis; agus infheistíochtaí nach ndírítear ach ar uirlisí agus réitigh chibearshlándála a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear nuair is cuid iad sin d'imscaradh nó d'uasghrádú líonraí digiteacha agus bonneagair sonraí; ní bheidh tairbhithe deiridh á rialú ag tríú tír ná ag eintitis tríú tír agus beidh a mbainistíocht feidhmiúcháin san Aontas acu cé is moite d'infheistíochtaí faoi bhun EUR 10000000. Má tá baint ag an tairbhí deiridh le hinfheistíocht straitéiseach i réimse na nascachta 5G,[125] beidh feidhm ag na bearta agus na pleananna maolaithe riosca, de bhun Bhosca Uirlisí Cibearshlándála 5G, maidir lena sholáthróirí freisin. Áirítear ar na soláthróirí sin go háirithe díoltóirí trealamh teileachumarsáide agus monaróirí agus soláthraithe eile tríú páirtí, amhail soláthraithe néalbhonneagair, soláthraithe seirbhísí bainistithe, slánaitheoirí córas, conraitheoirí slándála agus cothabhála agus monaróirí trealamh tarchurtha. I gcás ina bhfuil baint ag an tairbhí deiridh le hinfheistíocht straitéiseach i réimse na cosanta, beidh feidhm ag an teorannú sin freisin maidir lena sholáthróirí agus lena fhochonraitheoirí. Na teorainneacha a bhaineann le heaspa rialaithe ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír a leagtar amach sna trí mhír thuas, níl feidhm acu maidir le hoibríocht mhaoiniúcháin agus infheistíochta ar leith i gcás inar féidir leis an tairbhí deiridh a léiriú gur eintiteas dlítheanach é ar ina leith a d'fhormheas an Ballstát ina bhfuil sé bunaithe ráthaíocht i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le heintitis incháilithe a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán an Chiste Eorpaigh Cosanta ('EDF')[126] nó i gcomhréir leis an tarscaoileadh ón gCoimisiún arna dheonú i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le heintitis incháilithe a leagtar amach i bhforálacha ábhartha an Rialacháin Spáis[127]. Ní mór don chomhpháirtí cur chun feidhme fógra a thabhairt don rialtas faoi aon mhaolú a dheonaítear ar na teorainneacha.

   b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

---

[125] Grúpa Comhair NIS, Cibearshlándáil líonraí 5G Bosca Uirlisí an Aontais maidir le bearta maolaithe riosca, 01/2020, https://ec.europa.eu/newsroom/dae/document.cfm?doc_id=64468

[126] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta

[127] Rialachán (AE) 2021/696 lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis

c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.

d. An ceanglas an prionsabal ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

   i. I gcás iasachtaí, bannaí tionscadail nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafaidh an beartas infheistíochta an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[128], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[129] (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[130] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[131]. I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafar ón mbeartas infheistíochta cuideachtaí a bhfuil fócas substaintiúil acu[132] sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara[133]; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail

---

[128]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[129]Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.Cuirfear cur chun feidhme an bhirt i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026.

[130]Nؽ λ φειδημ αγ αν εισιαμησιν maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[131]Nؽ λ φειδημ αγ αν εισιαμησιν maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[132] Meastar go bhfuil ‘fócas substaintiúil’ ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[133]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

ard-astaíochta CO2[134]; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol[135]; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt[136]dramhaíola, (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh.

ii. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis na rialacháin agus aon doiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid, struchtúr na dtáillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:

a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.

b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid roimh ghealltanas a thabhairt oibríocht a mhaoiniú.

d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta COFIDES. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; prionsabal DNSH, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus an sprioc dhigiteach a chomhlíonadh; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i láthair chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an rialacháin is infheidhme agus na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear na Comhaontuithe Saoráide agus Cistiúcháin á n-urramú.

---

[134]Lena n-⟨ir⟩tear gn⟩omha⟩ochta⟩ agus s⌠cmhainn⟩ faoi Ch⌠ras Tr⟨d⟨la Asta⟩ochta⟩ an Aontais (CTA) lena mbaintear amach asta⟩ochta⟩ r⌠amh-mheasta g⟨s ceaptha teasa nach bhfuil n⟩os ⟩sle n⟨ na tagarmharcanna ⟨bhartha. I gc⟨s ina mbainfidh an ghn⟩omha⟩ocht a dtaca⟩tear l⌠i amach asta⟩ochta⟩ r⌠amh-mheasta g⟨s ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad n⟩os ⟩sle n⟨ na tagarmharcanna ⟨bhartha, sol⟨thr⌠far m⟩ni⌡ ar na c⌡iseanna nach f⌠idir⌠ sin a dh⌠anamh. Tagarmharcanna a bhuna⟩tear le haghaidh leithdh⟨ileadh saor in aisce le haghaidh gn⟩omha⟩ochta⟩ a thagann faoi raon feidhme an Ch⌠rais Tr⟨d⟨la Asta⟩ochta⟩, mar a leagtar amach i Rialach⟨n Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ⌠n gCoimisi⌡n.

[135]Sainmh⟩n⟩tear feithicl⟩ truaillitheacha mar fheithicl⟩ nach feithicl⟩ asta⟩ochta⟩ nialasacha iad.

[136]N⟩λ φειδημ αγ αν εισιαμησin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

5. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh COFIDES idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.
6. Ceanglas Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh COFIDES Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar chuid de na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:
    a. Oibleagáid an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh i gcomhréir *mutatis mutandis* leis na ceanglais chinnteoireachta agus beartais infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le prionsabal DNSH a urramú.
    b. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 9 (C13.I9) — Ciste Tacaíochta Sócmhainneachta na bhFiontar Straitéiseach (FASEE)

Is éard a bheidh san infheistíocht sin Ciste Tacaíochta Sócmhainneachta na bhFiontar Straitéiseach chun tacaíocht sócmhainneachta shealadach a sholáthar do chuideachtaí inmharthana agus straitéiseacha in earnálacha straitéiseacha eacnamaíocha atá thíos le tionchar phaindéim COVID-19. Ní chumhdófar leis an infheistíocht sin ach na hoibríochtaí sin a chomhlíonann prionsabal DNSH, rialacha maidir le státchabhair, easpa coinbhleachta leasa agus cistiú dúbailte. Déanfaidh iniúchóir neamhspleách iniúchadh ex post chun comhlíonadh na gceanglas sin a fhíorú chomh maith le bailiú sonraí mar a leagtar amach in Airteagal 22 de Rialachán RRF.

Déanfar aon athshreabha atá bainteach le hoibríochtaí an Chiste a athinfheistiú ar bhealach comhchosúil go dtí go n-úsáidfear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht 10 (C13.I10) — An Ciste um Athchaipitliú Gnó COVID-19 (FONREC)

Is éard a bheidh san infheistíocht sin Ciste Athchaipitlithe Gnó COVID-19 chun tacaíocht sócmhainneachta shealadach a chur ar fáil do chuideachtaí meánmhéide inmharthana (idir EUR 10 milliún agus 400 milliún i láimhdeachas) a ndearna an phaindéim COVID-19 difear dóibh. Ní chumhdófar leis an infheistíocht sin ach na hoibríochtaí sin a chomhlíonann prionsabal DNSH, rialacha maidir le státchabhair, easpa coinbhleachta leasa agus cistiú dúbailte. Déanfaidh iniúchóir neamhspleách iniúchadh ex post chun comhlíonadh na gceanglas sin a fhíorú chomh maith le bailiú sonraí mar a leagtar amach in Airteagal 22 de Rialachán RRF.

Déanfar aon athshreabha atá bainteach le hoibríochtaí an Chiste a athinfheistiú ar bhealach comhchosúil go dtí go n-úsáidfear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2025.

Infheistíocht 11 (C13.I11) — Ionstraim Ráthaíochta SGR-CERSA

Is é is aidhm don infheistíocht seo beart C13.I2 a chomhlánú. Cuirfidh sé feabhas ar an rochtain ar mhaoiniú do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe, trí thacaíocht a sholáthar i bhfoirm ráthaíochtaí airgeadais, tráchtála agus teicniúla trí Compañia Española de Reafianzamiento SME S.A. (CERSA) a neartú. Mar chuid den líne ghníomhaíochta sin, cuirfidh CERSA tacaíocht fhadtéarmach ar fáil trína chumhdach frithráthaíochta do Chumainn Réigiúnacha na Ráthaíochta Frithpháirtí (SGRanna), agus tacóidh sé leis an riosca atá orthu. Cuirfidh CERSA iomaíochas agus athléimneacht FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe chun cinn freisin trí thrí líne thiomnaithe nua lena gceadófar rochtain ar mhaoiniú fadtéarmach agus ar oibríochtaí caipitil oibre le haghaidh gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin sna réimsí seo a leanas: digitiú; inbhuanaitheacht; fás agus téarnamh (athléimneacht a threisiú, go príomha do FBManna a ndearna paindéim COVID-19 difear dóibh, atá réidh chun tabhairt faoi phleananna suntasacha claochlaithe agus fáis). Déanfaidh na Moil Nuálaíochta Digití na ráthaíochtaí a sholáthraítear faoi CERSA agus SGRanna a chur chun cinn agus i dtionscnaimh eile chun gnólachtaí a chur ar an eolas faoin tacaíocht digitithe atá ar fáil.

Ar bhonn infheistíocht EUR 630000000 RRF, tá sé d'aidhm ag CERSA EUR 2100000000 ar a laghad de mhaoiniú a chur ar fáil ar dtús.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 12 (C13.I12) — Ciste Fiontraíochta agus FBManna ENISA

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, i gCiste Fiontraíochta agus FBManna ENISA, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail agus i dtionscadail inmharthana agus nuálacha a bhaineann le Teicneolaíocht Teanga, mar chuid de PERTE Geilleagar Nua na Teanga (NEL). Feidhmeoidh an tSaoráid trí iasachtaí rannpháirteacha a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 303000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Déanfaidh an Fiontar Nuálaíochta Stáit (Empresa Nacional de Innovación, SA — ENISA) an tSaoráid a bhainistiú mar chomhpháirtí cur chun feidhme.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus ENISA Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-inneachar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus déanfar é a fhormheas le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. I gcás ENISA, déanfaidh baill foirne ENISA (atá neamhspleách ar an rialtas) an coiste infheistíochta a lánpháirtiú. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.
2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:
    1. An tuairisc ar an táirge airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
    2. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh an gheilleagair de**.**

3. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.

4. An ceanglas an prionsabal ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

    i. eisiafaidh an beartas infheistíochta an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[137], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[138](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla.

    ii. ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:

    1. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.

    2. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

    3. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.

    4. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ENISA. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe

[137] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[138] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, ceanglais na sprice digití; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i láthair chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gComhaontuithe Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí digiteacha arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 20000000 ar a laghad d’infheistíocht RRF sa tSaoráid leis na cuspóirí digiteacha i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 13 (C13.I13) — an Ciste Athléimneachta Réigiúnach (FRA)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí in urrann an Bhallstáit InvestEU, agus i Saoráid, sa Chiste Athléimneachta Réigiúnach, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú i bPobail Fhéinrialaitheacha na Spáinne a fheabhsú sna réimsí tosaíochta seo a leanas: tithíocht shóisialta agus inacmhainne agus athghiniúint uirbeach; iompar inbhuanaithe; iomaíochas tionsclaíoch agus iomaíochas FBManna; taighde, forbairt agus nuálaíocht; turasóireacht inbhuanaithe; geilleagar an chúraim; bainistiú uisce agus dramhaíola; agus an t-aistriú fuinnimh; chomh maith le margaí caipitil a fhorbairt sna réimsí sin.

Feidhmeoidh an tSaoráid trí mhaoiniú a sholáthar go díreach nó trí idirghabhálaithe, don earnáil phríobháideach, d’eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla, agus d’eintitis phoiblí, i measc nithe eile, rialtais réigiúnacha nó áitiúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d’aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 19500000000 ar a laghad a chur ar fáil. Ranníocfar EUR 500000000 breise le hurrann an Bhallstáit InvestEU.

Is é Grúpa BEI, ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an tSaoráid. Ionchorprófar na línte táirgí seo a leanas sa tSaoráid:

- Líne Phoiblí Dhíreach (EUR 3500000000): Ionstraim iasachta cómhaoinithe dhírigh chun tionscadail ó eintitis phoiblí a mhaoiniú, i measc nithe eile, rialtais réigiúnacha nó áitiúla.
- Línte Eile (EUR 16000000000): Línte atá dírithe ar eintitis phríobháideacha nó ar eintitis phoiblí i ngníomhaíochtaí comhchosúla, go háirithe:
    - Ionstraim chómhaoinithe dhírigh chun tionscadail a mhaoiniú trí iasachtaí, trí shócmhainní a fháil, nó trí rannpháirtíocht i maoiniú tionscadail.
    - Maoiniú idirghafa do FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe, tionscadail bhonneagair nó daoine aonair lena n-áirítear trí infheistíochtaí cothromais, cuasachothromas, iasachtaí, creidmheas príobháideach sinsearach, nó ceannach urrús sócmhainn-bhunaithe arna n-eisiúint ag eintitis airgeadais a ghineann punann iasachta incháilithe nua.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus Grúpa BEI Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-inneachar seo a leanas:

1. Déanfaidh Grúpa BEI cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide go neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d’fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d’fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh

ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás infheistíochtaí idirghafa, déanfaidh na hidirghabhálaithe an cinneadh deiridh infheistíochta.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:
   a. An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
   b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
   c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.
   d. An ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

      i. I gcás iasachtaí, bannaí tionscadail nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafaidh an beartas infheistíochta an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[139], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[140](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[141] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[142].

      ii. I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: leis an mbeartas infheistíochta, ceanglófar ar chuideachtaí pleananna aistrithe glasa a ghlacadh i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 19a (2)(a)(iii)

---

[139] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[163] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[164] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[165] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Infheistíocht 4 (C17.I4): Gairm nua san eolaíocht

Is é is cuspóir don infheistíocht seo gairm eolaíoch chobhsaí a chur chun cinn. Tá sé nasctha le C17.R1. Ionchorprófar sa Dlí nuashonraithe Eolaíochta gairm eolaíoch nua sa Spáinn, lena gcuirfear creat ar fáil do gach ball foirne taighde, lena n-áirítear foireann ollscoile. Cuirfidh an córas trédhearcacht ar fáil maidir le ceapadh foirne, solúbthacht, soghluaisteacht agus cobhsaíocht i ngairm an taighde.

Beidh an tacaíocht i bhfoirm deontas, a dhámhfar trí ghlaonna iomaíocha sna cláir seo a leanas: 1) *Deontas Doctores* Industriales, clár ceithre bliana do mhic léinn PhD i gcuideachta (56 áit), 2) *Deontas Torres* Quevedo, clár trí bliana do thaighdeoir inchuideachta PhD (148 n-áit ar a laghad), 3) Deontas *Oiliúna Juan de la* Cierva, clár dhá bhliain do PhD in institiúidí acadúla, áirítear ann deontas soghluaisteachta (973 áit), agus 4) Deontas *Ionchorpraithe Juan de la* Cierva, clár trí bliana do PhD in institiúidí acadúla, áirítear ann deontas taighde (843 áit). Áirítear leis an mbeart sin freisin pacáiste taighde nuathionscanta le haghaidh 790 taighdeoir a bhfuil conarthaí cobhsaí acu in institiúidí acadúla nó in eagraíochtaí taighde phoiblí chomh maith le pacáiste sonrach nuathionscanta taighde do 26 thaighdeoir i réimse na micrileictreonaice agus na leathsheoltóirí. Déantar na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht seo le glaonna deontais iomaíocha.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 5 (C17.I5): Aistriú eolais

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo aistriú teicneolaíochta a chur chun cinn agus tacú le haistriú na dtorthaí taighde maidir le teicneolaíochtaí nuálacha. Tá an infheistíocht sin nasctha le hathchóiriú C17.R1; leis an Dlí Eolaíochta nuashonraithe, tacófar le haistriú eolais trí shoghluaisteacht taighdeoirí a mhealladh, trí mheán dlíthiúil solúbtha a chruthú chun comhinfheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta, agus tríd an struchtúr dreasachta a athmhúnlú ionas go n-aithneofar aistriú eolais go cuí i luach saothair an taighdeora, mar aon leis an ngníomhaíocht taighde thraidisiúnta.

Áirítear leis na bearta sin sé ghníomhaíocht shonracha chun aistrithe eolais a fheabhsú: 1) glao ar "Éiceachórais nuálaíochta bunaithe ar Líonraí Barr Feabhais *Cervera*", 2) feabhas a chur ar acmhainneachtaí agus ar threoshuíomh na nOifigí Aistrithe Torthaí Taighde, 3) glaonna ar Dheontais *Cervera* d'ionaid teicneolaíochta, d'ionaid taighde agus do FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe chun T & F a dhéanamh i dteicneolaíochtaí tosaíochta, 4) iarraidh ar thacaíocht do FBManna na Spáinne leis an séala Eorpach barr feabhais, 5) tacaíocht caipitil riosca chun comhinfheistíocht a dhéanamh agus infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí a bhfuil teicneolaíochtaí straitéiseacha acu trí chiste aistrithe teicneolaíochta agus 6) tacaíocht do NEOTEC, creatchlár leanúnach T & F chun tacú le cuideachtaí atá bunaithe ar an teicneolaíocht a chruthú agus a chomhdhlúthú.

Déanfar na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin go príomha le glaonna ar thograí.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le

breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[166]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[167]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[168] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[169]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): (i) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht seo as a dtagann torthaí atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ar leibhéal a gcur i bhfeidhm; (II) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht seo lena dtacaítear le roghanna malartacha a bhfuil tionchair ísle acu ar an gcomhshaol a bhfuil siad ann ina leith; nó (iii) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht sin atá dírithe go príomha ar roghanna malartacha a fhorbairt a bhfuil na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin nach ann d'aon rogha mhalartach ísealtionchair atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de ina leith.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 6 (C17.I6): Sláinte

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo forbairt taighde agus nuálaíocht in earnáil na sláinte a chothú. Áirítear leis an mbeart na línte gníomhaíochta seo a leanas:

1) infheistíocht i réimse na n-ardteiripí, na gcógas atá ag teacht chun cinn agus an leighis phearsantaithe,

2) bearta chun cumais straitéiseacha agus idirnáisiúnú an Chórais Sláinte Náisiúnta a neartú,

---

[166] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[167] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[168] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[169] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Gníomhartha chun tacú le cumas *Instituto de Salud Carlos III* galair thógálacha agus bagairtí domhanda a chomhrac, go háirithe an Lárionad Náisiúnta Micribhitheolaíochta, an Lárionad Náisiúnta Eipidéimeolaíochta agus an Scoil Náisiúnta Leighis Ceirde agus an Scoil Náisiúnta Sláinte,

Rannpháirtíocht sa tionscadal ilnáisiúnta "Géanóm na hEorpa" laistigh den tionscnamh "1 mhilliún Géanóim",

Bearta fothaithe acmhainneachta a bhaineann le taighde ar ghalair thógálacha, bagairtí sláinte domhanda eile agus aosú,

Gníomhaíochtaí faoin PERTE Vanguard Health chun: na hacmhainneachtaí tionsclaíocha san earnáil sláinte a neartú agus a idirnáisiúnú trí thacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht na Spáinne i dtionscadail T & F & N iltíre, ii) tacaíocht do thaighde agus d'fhorbairt atá nasctha le diagnóisiú galar neamhchoitianta, iii) tacaíocht do T & F & N i réimse an bheachtleighis phearsantaithe, iv) Ardán Proteomics agus Meiteabolomics a fhorbairt ag Instituto de Salud Carlos III (ISCIII), v) bonneagar bithmhonatóireachta daonna ISCIII a nuashonrú, a leathnú agus a fheabhsú, agus vi) Aonaid Taighde Cliniciúla Otreasa a fhorbairt agus a uasghrádú, agus

7) an chuid neamh-inaisíoctha d'iasachtaí don tionscal sláinte, mar chomhlánú ar infheistíocht C17.I10 (iasachtaí don tionscal sláinte agus aeraspáis).

Déantar na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin le glaonna ar thograí, caipiteal riosca infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha agus infheistíocht phoiblí dhíreach.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 7 (C17.I7): An comhshaol, an t-athrú aeráide agus fuinneamh

Is é is cuspóir don bheart seo forbairt taighde agus nuálaíocht in earnáil an chomhshaoil, an athraithe aeráide agus an fhuinnimh a chothú. Tacóidh an beart leis an méid seo a leanas: 1) Tionscadail T & F agus nuálaíochta a bhaineann le plaisteach inbhuanaithe i ngeilleagar ciorclach, táirgeadh plaisteach malartach agus bainistiú inbhuanaithe dramhaíola plaistí, 2) tionscadal maidir leis an athrú aeráide agus an tionchar ar chúltaiscí uisce, 3) tionscadal maidir le comhpháirteanna ardteicneolaíochta san aistriú fuinnimh, go háirithe ag féachaint ar stóráil fuinnimh agus ar fhorbairt gléasraí fréamhshamhlacha chun CO2 a ghabháil ó astaíochtaí próisis thionsclaíoch i dtionscail dianfhuinnimh ag *Consejo Superior de Investigaciones Científicas* (CSIC). I gcás ina bhfuil suiteálacha faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) i gceist, bainfidh siad amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa atá níos ísle ar a laghad ná na tagarmharcanna ábhartha,170agus eisiafar gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid

[170] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí agus suiteálacha a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

iartheachtach,171, 4) tionscadal taighde ar mhiotail straitéiseacha don aistriú fuinnimh, agus 5) lárionad T & F stórála fuinnimh a chruthú in Extremadura agus é mar aidhm freagairt theicneolaíoch agus eolaíoch a spreagadh do bhainistiú táirgthe fuinnimh ghlais, go háirithe maidir le Feidhmeanna hidrigine tionsclaíche, chomh maith le hidrigin ghlas a tháirgeadh, a stóráil agus a iompar. Tacóidh an beart freisin le fothú acmhainneachta a bheidh le seachadadh sa lárionad chun oiliúint a chur ar eolaithe agus ar thaighdeoirí maidir le tionscail fuinnimh agus stórála fuinnimh.

Déantar na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin mar ghlaonna ar thairiscintí.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[172]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[173]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[174] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[175]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01): (i) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht seo as a dtagann torthaí atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ar leibhéal a gcur i bhfeidhm; (II) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht seo lena dtacaítear le roghanna malartacha a bhfuil tionchair ísle acu ar an gcomhshaol a bhfuil siad ann ina leith; nó (iii) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht sin atá dírithe go príomha ar

---

[171] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

[172] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

[173] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[174] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[175] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

roghanna malartacha a fhorbairt a bhfuil na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin nach ann d'aon rogha mhalartach ísealtionchair atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de ina leith.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 8 (C17.I8): Taighde, forbairt agus nuálaíocht inbhuanaithe i réimse na ngluaisteán

Is é is cuspóir don bheart seo forbairt taighde agus nuálaíocht san earnáil mótarfheithiclí inbhuanaithe a chothú. Go háirithe, féachann an beart leis an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) tacú le forbairt comhpháirteanna agus ardán go heisiach le haghaidh feithiclí leictreacha, hibrideacha inluchtaithe agus hidrigine, 2) taighde agus forbairt a chothú maidir le tiomáint uathrialaitheach agus soghluaisteacht nasctha trí ailtireacht feithiclí nua crua-earraí agus bogearraí a fhorbairt, agus 3) réimsí táirgthe comhpháirteanna agus córas a oiriúnú go heisiach d'fheithiclí leictreacha, hibrideacha inluchtaithe agus hidrigine. Déanfaidh cuibhreannais ghnó ina mbeidh idir trí agus ocht ngnólacht (ní mór ceann amháin ar a laghad a bheith ina FBM), 3 bliana ar a mhéad, a chur chun feidhme.

Déanfar na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin le glaonna ar thograí.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[176]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[177]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[178] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[179]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a

[176] Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01)

[177] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[178] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[179] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): (i) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht seo as a dtagann torthaí atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ar leibhéal a gcur i bhfeidhm; (II) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht seo lena dtacaítear le roghanna malartacha a bhfuil tionchair ísle acu ar an gcomhshaol a bhfuil siad ann ina leith; nó (iii) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht sin atá dírithe go príomha ar roghanna malartacha a fhorbairt a bhfuil na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin nach ann d'aon rogha mhalartach ísealtionchair atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de ina leith.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht 9 (C17.I9): An t-aeraspás

Is é is cuspóir don bheart seo forbairt taighde agus nuálaíocht in earnáil an aeraspáis a chothú, agus príomhfhócas gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin a bhaineann le teicneolaíochtaí aeraspáis ísealcharbóin nó saor ó charbón agus aerloingseoireacht. Leis an mbeart, féachfar le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha a bhaineann le haerárthaí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha amach anseo, le forbairtí teicneolaíochta criticiúla a bhaineann le haerárthaí gan foireann, le córais bordála, le haerárthaí ilchuspóireacha, agus le córais ardmhonaraíochta lena n-áirítear leathchúplaí digiteacha a chruthú, éifeachtúlacht a chur chun cinn, agus tomhaltas acmhainní níos ísle nó tionchar níos ísle ar an gcomhshaol. Faoin gClár Náisiúnta Teicneolaíochta Spáis, tacóidh an beart freisin leis an tionscal aeraspáis trí T & F agus nuálaíocht a mhaoiniú, acmhainneachtaí táirgiúla a thabhairt cothrom le dáta, digitiú agus teicneolaíocht, chomh maith le teicneolaíochtaí glasa a chuireann le hinbhuanaitheacht na hearnála a fhorbairt agus a chur chun feidhme. I measc na réimsí spéise tá rochtain ar an spás, faire na Cruinne, córais chumarsáide optúla agus shlána, agus cnuasaigh satailíte. Déanfar na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin le glaonna ar thograí agus le soláthar poiblí.

Ina theannta sin, mar chomhlánú ar infheistíocht C17.I10 (iasachtaí don tionscal sláinte agus aeraspáis), áireofar an chuid neamh-inaisíoctha de na hiasachtaí don tionscal aeraspáis faoin infheistíocht sin.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh ó na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail nó do thairiscintí soláthair phoiblí atá ar na bacáin: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[180]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na

[180] Cé is moite de (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

tagarmharcanna ábhartha[181]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[182] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[183]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. . Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): (i) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht seo as a dtagann torthaí atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ar leibhéal a gcur i bhfeidhm; (II) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht seo lena dtacaítear le roghanna malartacha a bhfuil tionchair ísle acu ar an gcomhshaol a bhfuil siad ann ina leith; nó (iii) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht sin atá dírithe go príomha ar roghanna malartacha a fhorbairt a bhfuil na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin nach ann d'aon rogha mhalartach ísealtionchair atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de ina leith.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

R.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

[181] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[182] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[183] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó chun dramhaíl dheighilte a iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhai the	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliai n	
254	C17.R1	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 14/2011 an 1 Meitheamh maidir le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht.	Foráil an Dlí maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm mhodhnú an Dlí maidir le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht lena bhfeabhsaítear comhordú idir leibhéil éagsúla rialtais maidir le beartais eolaíochta, taighde agus nuálaíochta, lena bhfeabhsaítear rialachas agus comhordú chóras Eolaíochta agus Nuálaíochta na Spáinne, lena dtugtar isteach gairm bheatha eolaíoch nua agus lena bhfeabhsaítear aistriú eolais.
255	C17.R2	M	Foilsiú Straitéis na Spáinne um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2021-2027	Foilsiú Straitéis na Spáinne um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2021-2027				R4	2020	Leagtar amach i Straitéis na Spáinne um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (EECTI) an straitéis fhoriomlán atá le leanúint i réimse na Forbartha Taighde agus na Nuálaíochta ag gach riarachán poiblí, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Is í an Straitéis um Speisialtóireacht Chliste don Spáinn an straitéis. Bunaítear coiste faireacháin don straitéis, lena n-áirítear ionadaithe ón stát, ó na réigiúin, ó pháirtithe leasmhara eacnamaíocha agus sóisialta agus ón bpobal eolaíochta. Tá an straitéis bunaithe ar phrionsabal chomhordú na leibhéal éagsúil riaracháin, agus tá sí tógtha chun gné na hinscne a áirithiú in T & N. Is é is aidhm di comhar poiblí-príobháideach a neartú, aistriú eolais a chur chun cinn, tallann eolaíoch a choinneáil agus gairmréim eolaíoch a fhorbairt, dreasachtaí leordhóthanacha cánach a áirithiú chun tacú le T & F agus nuálaíocht san earnáil phríobháideach agus gné na hinscne a ionchorprú inti.
256	C17.R2	M	An mheastóireacht mheántéarma ar Straitéis na Spáinne um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2021-2027	Comhaontú in Consejo de *Política Científica, Tecnológica y de Innovación* agus foilsiú na meastóireachta ar shuíomh gréasáin na hAireachta Eolaíochta agus				R2	2023	Foilseofar an mheastóireacht mheántéarma a dhéanfaidh an Coiste Faireacháin ar Straitéis na Spáinne um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2021-2027 i mí na Nollag 2023. Comhaontaítear na táscairí atá le húsáid sa mheastóireacht in *Consejo de Política Científica, Tecnológica y de Innovación (ina* bhfuil ionadaíocht ag na 17 bPobal Uathrialacha), bunaítear liosta táscach de na táscairí sin agus den chuardach sonraí i Straitéis na Spáinne um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2021-2027. Úsáidtear an córas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta chun sonraí a bhailiú maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na Straitéise.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhai the	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliai n	
				Nuálaíochta .						
257	C17.R3	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le hEagraíochtaí Taighde Poiblí a atheagrú.	Foráil na Foraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R1	2021	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le hEagraíochtaí Taighde Poiblí (PROnna) a atheagrú. Beidh sé d'aidhm aige sin feabhas a chur ar chumas bainistíochta agus comhairleach eolaíoch na dtrí PRO a bhfuil mais chriticiúil laghdaithe acu trí chomhtháthú in PRO níos mó, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: feabhas a chur ar staid iomaíochta an PRO a eascraíonn as sin, ii) feabhas a chur ar a n-éifeachtúlacht, agus iii) solúbthacht riaracháin a sholáthar.
258	C17.I1	T	Comhaontuithe arna síniú ag an Aireacht Eolaíochta agus Nuálaíochta leis na Pobail Fhéinrialaitheacha chun 'Pleananna comhlántacha T & F' a chur chun feidhme.	—	Líon		4	R4	2021	Ceithre chomhaontú a shínigh an Aireacht Eolaíochta agus Nuálaíochta leis na Pobail Fhéinrialaitheacha chun 'Pleananna comhlántacha T & F' dar luach EUR 140000000 ar a laghad a chur chun feidhme. Ceadóidh na comhaontuithe comhordú straitéiseach agus sineirgí idir Straitéisí réigiúnacha agus náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste.
259	C17.I2	T	Dámhachtainí do thionscadail lena bhfeabhsaítear bonneagair eolaíocha náisiúnta agus acmhainneacht Chóras Eolaíochta agus Nuálaíochta na Spáinne, agus comhaontuithe déthaobhacha a síníodh le heintitis idirnáisiúnta agus le hionstraimí eile chun tionscadail bonneagair Eorpaigh agus idirnáisiúnta a mhaoiniú.	—	EUR (milliún)		300,2	R4	2022	Foilsiú sa bhunachar sonraí náisiúnta fóirdheontas de EUR 255155000 ar a laghad arna ndámhachtain le haghaidh tionscadail lena bhfeabhsaítear bonneagair eolaíocha náisiúnta, acmhainneacht Chóras Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Eolaíochta na Spáinne agus comhaontuithe arna síniú le heintitis idirnáisiúnta agus ionstraimí eile chun tionscadail EUR 45000000 ar a laghad sa Bhonneagar Eorpach agus Idirnáisiúnta a mhaoiniú (CERN, DUNE, HKK, ESS-lund, Harmony agus SKA).
260	C17.I2	T	Gach tionscadal lena bhfeabhsaítear bonneagair eolaíocha agus acmhainneacht Chóras Eolaíochta agus	—	%		100	R3	2026	100 % de thionscadail T & N curtha i gcrích (ar EUR 676000000 ar a laghad) i gcomhréir leis an sprioc atá dírithe ar bhonneagair eolaíocha agus acmhainneacht Chóras Eolaíochta agus Nuálaíochta na Spáinne a fheabhsú trí threalamh eolaíoch a athnuachan, suiteáil BSL3 a nuachóiriú, bonneagar fíteaigineach nua a chruthú, CIEMAT (Centro de Investigaciones

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhai the	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliai n	
			Nuálaíochta na Spáinne a chur i gcrích, lena n-áirítear tionscadail maidir le bonneagar Eorpach agus idirnáisiúnta.							Energéticas*, Medioambientales y Tecnológicas) a fheistiú leis*an mbonneagar is gá chun taighde a dhéanamh ar fhuinneamh in-athnuaite (lena n-áirítear hidrigin agus stóráil), Lárionad um Ardbhonneagar Optúil chomh maith le bonneagar T & F a chruthú*de réir na "Planes Estratégicos de Infrastructuras científicas y Técnicas Singulares"*,tionscadail chun tacú leis an mbonneagar Eorpach agus idirnáisiúnta (CERN, DUNE, HKK, ESS-lund, Harmony agus SKA) agus trí infheistíochtaí amhail trealamh eolaíoch a fháil agus a athnuachan, seomraí glana a thógáil i réimse na leathsheoltóirí agus na micrea-theicneolaíochta, agus acmhainneachtaí i réimsí na Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta agus na cumarsáide a threisiú.
261	C17.I3	T	Tionscadail nua phríobháideacha, idirdhisciplíneacha, phoiblí T & F & N a dhámhachtain, tástálacha coincheapa, glaonna iomaíocha idirnáisiúnta, agus T & F ceannródaíoch atá dírithe ar dhúshláin shóisialta		EUR (milliún)		897	R4	2022	Dámhachtain EUR 897000000 ar a laghad a fhoilsiú san Iris Oifigiúil faoi na glaonna seo a leanas: glao ar thionscadail um chruthúnas coincheapa (EUR 80000000), glao ar thionscadail idirdhisciplíneacha i línte straitéiseacha (EUR 73000000), glao ar thionscadail T & F atá nasctha leis an aistriú glas agus digiteach (EUR 296000000), glao ar thionscadail chomhair phoiblí-phríobháideacha (EUR 140000000), glao ar thaighde agus forbairt chun díriú ar dhúshláin shochaíocha (EUR 230000000) agus glao ar thionscadail chomhair idirnáisiúnta (EUR 78000000). Áiritheofar leis an meastóireacht ar thionscadail faoin infheistíocht seo go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) mar a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart.
262	C17.I3	T	Dámhachtain tionscadal T & N a bhaineann le leathsheoltóirí, PERTE Chip, comhar poiblí-príobháideach agus foilsiú tairiscintí chun soláthar poiblí réamhthumadóireachta a mhaoiniú	Tionscadail a dhámhachta in agus tairiscintí a fhoilsiú				R2	2023	Bronnadh 377 dtionscadal T & N ar a laghad, lena n-áirítear 259 dtionscadal sa chomhar poiblí-príobháideach agus 118 dtionscadal i réimse na leathsheoltóirí atá nasctha le PERTE Chip. Ina theannta sin, foilsíodh ocht dtairiscint ar Ardán Soláthair Oifigiúil na Spáinne chun soláthar poiblí réamhthráchtála a mhaoiniú. Áiritheofar leis an meastóireacht ar thionscadail agus ar thairiscintí faoin infheistíocht seo go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) mar a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart.
263	C17.I4	T	Tacaíocht do ghairm sa taighde eolaíoch trí scoláireachtaí agus deontais	—	Líon	0	2 836	R2	2023	Feabhsaítear gairmréim taighde eolaíoch na Spáinne le tacaíocht ó thaighdeoirí 2020 ar a laghad trí chlár Juan de la Cierva Incorporation, clár Oiliúna Juan de la Cierva, Clár PhD Tionsclaíoch agus Clár Torres Quevedo. Ina theannta sin, 816 thaighdeoir ar a laghad a bhfuil 'pacáiste tionscnaimh taighde' faighte acu laistigh den chonradh cobhsaí cosúil le Rian Tenure, a bhfuil pacáiste taighde le haghaidh gnólachtaí

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										nuathionscanta CHIP faighte acu.
264	C17.I4	T	Scoláireacht agus deontais a thabhairt chun críche chun tacú le gairm sa taighde eolaíoch sa Spáinn	—	Líon		2 070	R2	2026	Feabhsaítear gairm an taighde eolaíoch sa Spáinn le 2070 taighdeoir ar a laghad a bhfuil an clár Juan de la Cierva Incorporation, an clár Oiliúna Juan de la Cierva, an Clár PhD Tionsclaíoch agus Clár Torres Quevedo curtha i gcrích acu.
265	C17.I5	T	Tá caipiteal faighte ag cuideachtaí nuálacha atá bunaithe ar theicneolaíocht faoin gclár INNVIERTE chun a ngníomhaíochtaí taighde a neartú ag céim luath	—	Líon		45	R2	2023	Chun aistriú teicneolaíochta a chur chun cinn agus chun cuidiú le creatlach nuálach ghnó a chruthú bunaithe ar theicneolaíochtaí nuálacha, tá caipiteal faighte ag 45 chuideachta nuálacha atá bunaithe ar theicneolaíocht ar a laghad faoin gclár INNVIERTE chun a ngníomhaíochtaí taighde a neartú ag céim luath. Tá infheistíocht faighte ag na cuideachtaí sin go léir ón earnáil phríobháideach freisin. Áiritheofar leis an meastóireacht ar thionscadail faoin infheistíocht seo go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) mar a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart.
266	C17.I5	T	Tacaíocht do ghnólachtaí óga atá bunaithe ar an teicneolaíocht chun leanúint dá bplean gnó.	—	Líon		348	R2	2023	Trí na glaonna ar dheontais NEOTEC, chun aistriú teicneolaíochta a chur chun cinn agus chun cuidiú le cuideachtaí nua a chruthú bunaithe ar theicneolaíochtaí nuálacha: 348 ngnólacht nua ar a laghad atá bunaithe ar theicneolaíocht ar deonaíodh dóibh a bplean gnó a chur i gcrích. Ba cheart na cuideachtaí sin a bheith trí bliana d’aois nó níos óige agus ba cheart dóibh a bheith ina bhfiontair nuálacha mar a shainmhínítear in GBER. Áiritheofar leis an meastóireacht ar thionscadail faoin infheistíocht seo go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) mar a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart.
459	C17.I5	T	Tionscadail a chur i gcrích chun aistriú teicneolaíochta a chur chun cinn agus chun tacú le haistriú na dtorthaí taighde ar theicneolaíochtaí nuálacha	—	EUR (milliún)		118.8	R3	2026	Cur i gcrích na dtionscadal seo a leanas ar mhéid iomlán EUR 118800000. Áireofar an méid seo a leanas ar na tionscadail a dhámhfar: — Glao ar éiceachórais nuálaíochta bunaithe ar Líonraí Barr Feabhais Cervera — Feabhas a chur ar acmhainneachtaí agus ar threoshuíomh na nOifigí Aistrithe Torthaí Taighde — Glao ar Dheontais Cervera d’ionaid teicneolaíochta, d’ionaid taighde agus do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe chun T & F a dhéanamh i dteicneolaíochtaí tosaíochta — Glao ar thacaíocht do FBManna na Spáinne a bhfuil séala barr feabhais na hEorpa acu

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhai the	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliai n	
267	C17.I6	T	Tacaíocht do thionscadail chun cumais straitéiseacha agus idirnáisiúnú an Chórais Sláinte Náisiúnta a neartú, do thionscadail a bhaineann leis an straitéis bheacht leighis phearsantaithe agus do rannchuidiú le meán infheistíochta poiblí — príobháideach in ardteiripí.	—	EUR (milliún)		436.2	R1	2024	Foilsíodh san Iris Oifigiúil EUR 436185000 ar a laghad a dámhadh: * EUR 174000000 i dtionscadail chun cumais straitéiseacha agus idirnáisiúnú an Chórais Sláinte Náisiúnta a neartú, lena n-áirítear: — EUR 80000000 do dhámhachtain na Gníomhaíochta Straitéisí maidir le Sláinte — Deontais EUR 75000000 chun acmhainneachtaí eolaíocha na n-ionad taighde a bhaineann leis an gcóras sláinte náisiúnta agus deontais le haghaidh tograí atá nasctha le maoiniú trealaimh eolaíoch agus theicniúil a mhéadú, lena n-áirítear trealamh eolaíoch-teicniúil a athnuachan le linn dífheidhmeachta, — EUR 6000000 le haghaidh deontas don Séala Barr Feabhais Instituto de Salud Carlos III; — Deontais EUR 13000000 le haghaidh comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí chun timpeallacht GMP/GPL a ionchorprú i ngrúpaí taighde SNS, is é sin, deontais chun an Córas Sláinte Náisiúnta a idirnáisiúnú * EUR 140500000 i dtionscadail a bhaineann leis an Straitéis maidir le Leigheas Pearsantaithe, lena n-áirítear: — Glao ginearálta EUR 29500000 ar Leigheas Pearsantaithe — Glao EUR 91500000 ar chláir shonracha maidir le Leigheas Pearsantaithe — Glao EUR 15000000 ar an bPlean maidir le Teiripí Pearsantaithe agus Ardteiripí — Glao EUR 4500000 ar idirnáisiúnú na Spáinne ar Leigheas Pearsantaithe Tacóidh bearta maidir le hidirnáisiúnú an Chórais Sláinte le seasamh na Spáinne in earnáil sláinte na hEorpa, trí rannpháirtíocht na Spáinne i gclár HEALTH an Aontais agus i bhFís Eorpach a spreagadh. Ceadóidh sé cistiú a dhéanamh ar bhraislí taighde agus nuálaíochta atá mar chuid de chomhthionscadail chlársceidealaithe trasteorann a roghnaítear chun cistiú a fháil ó chomhpháirtíochtaí Fís Eorpach agus Fís 2020, amhail comhchiste ERA-Net, Tionscnaimh Chomhphleanála Eorpacha (EJPanna) nó Tionscnaimh Chomhphleanála Idirnáisiúnta (JPIanna), tionscnaimh arna mbunú faoi Airteagal 187 agus Airteagal 185 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus comhpháirtíochtaí arna mbunú sa Chlár Réime Fís Eorpach. *Agus ranníocaíocht amháin EUR 36685000 ar a laghad le meán infheistíochta príobháidí poiblí in ardteiripí.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhai the	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliai n	
										* Gníomhaíochtaí EUR 85000000 faoi PERTE le haghaidh na sláinte: glao ar Chomhmhisin de chuid na hAireachta Sláinte agus na hAireachta Eolaíochta agus Nuálaíochta i nGalair Neamhchoitianta. ii.) Glao ar mhisin chomhpháirteacha de chuid na hAireachta Sláinte agus na hAireachta Eolaíochta agus Nuálaíochta maidir le beachtleigheas a chur chun feidhme. iii.) Glao ar infheistíocht in oiliúint, bonneagar uasghrádaithe, dearadh agus trealamh le haghaidh acmhainneachtaí taighde de chuid Aonaid Taighde Cliniciúil Othardhírithe.
268	C17.I6	T	Gach tionscadal a chur i gcrích chun forbairt taighde agus nuálaíocht in earnáil na sláinte a neartú.		%		100	R2	2026	Cur i gcrích na dtionscadal uile ar mhéid iomlán EUR 527126000. Tionscadail a dhámhtar, lena n-áirítear na glaonna seo a leanas: * Maidir le cumais straitéiseacha agus idirnáisiúnú an Chórais Sláinte Náisiúnta a neartú: — an Ghníomhaíocht Straitéiseach maidir le Sláinte — tionscadail chun acmhainneachtaí eolaíocha na n-ionad taighde a bhaineann leis an gcóras sláinte náisiúnta a mhéadú, — tograí a bhaineann le maoiniú trealaimh eolaíoch agus theicniúil lena n-áirítear athnuachan trealaimh eolaíoch-teicniúil le linn dífheidhmeachta, — tionscadail le haghaidh an tSéala Barr Feabhais Instituto de Salud Carlos III; agus — comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí chun timpeallacht GMP/GPL a ionchorprú i ngrúpaí taighde SNS. * Maidir leis an Straitéis um Leigheas Pearsantaithe: — tionscadail an ghlao ghinearálta ar Leigheas Pearsantaithe — tionscadail an ghlao ar an bPlean maidir le Teiripí Pearsantaithe agus Ardteiripí — tionscadail an ghlao ar idirnáisiúnú na Spáinne ar Leigheas Pearsantaithe * Dhá mhéadú caipitil ar a laghad chun trialacha cliniciúla a dhéanamh (céim II agus céim III) i ndrugaí le haghaidh ardteiripí
460	C17.I6	T	Eisíocaíocht cistí le tionscadail T & F faoi PERTE Health	—	EUR (milliún)		243	R3	2026	Faoi PERTE Health, eisíocadh EUR 243000000 leis na tionscadail T & F seo a leanas: — tionscadail chun cumais thionsclaíocha na hearnála sláinte a neartú agus a idirnáisiúnú, — tionscadail le haghaidh misean comhpháirteach le haghaidh galair neamhchoitianta, lena n-áirítear ALS agus galair néaramhatánacha, — tionscadail le haghaidh misean comhpháirteach maidir le beachtleigheas,

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhai the	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliai n	
										— ardán don phróitéamaíocht agus don mheitibolimic a chruthú ag Instituto de Salud Carlos III (ISCIII), — tionscadail chun bonneagar bithmhonatóireachta daonna ISCIII a nuashonrú; agus — tionscadail chun Aonaid Taighde Cliniciúil Othar a uasghrádú chun a mbonneagar, a ndearadh nó a dtrealamh a uasghrádú dá n-acmhainneachtaí taighde, d'oiliúint i dtaighde cliniciúil nó d'oifigí rialaithe taighde chliniciúil forbartha.
269	C17.I7	M	Lárionad T & F stórála fuinnimh	Ionad a tógadh agus a trealmhaíod h				R2	2026	Déantar ionad stórála fuinnimh T & F a thógáil agus a fheistiú in Extremadura agus é mar aidhm leis freagairt theicneolaíoch agus eolaíoch a spreagadh ar bhainistiú táirgthe fuinnimh ghlais, go háirithe maidir le Feidhmeanna Tionsclaíocha Hidrigine, chomh maith le hidrigin ghlas a tháirgeadh, a stóráil agus a iompar. Áireofar sa lárionad saoráidí taispeána turgnamhacha chun réitigh stórála fuinnimh a thástáil agus a bhailíochtú. Beidh sé feistithe leis an trealamh eolaíoch agus teicniúil is gá. Beidh na hinfheistíochtaí seo a leanas curtha i gcrích ag Consejo Superior de Investigaciones Científicas: — Tionscadail T & F agus nuálaíochta a bhaineann le plaisteach inbhuanaithe i ngeilleagar ciorclach, an táirgeadh de phlaistigh mhalartacha agus bainistiú inbhuanaithe dramhaíola plaistí — tionscadal maidir leis an athrú aeráide agus an tionchar ar chúltaiscí uisce — tionscadal maidir le comhpháirteanna ardteicneolaíochta san aistriú fuinnimh, go háirithe ag féachaint ar stóráil fuinnimh agus ar ghléasraí fréamhshamhlacha a fhorbairt chun CO2 a ghabháil ó astaíochtaí próisis thionsclaíoch i dtionscail dianfhuinnimh ag CSIC — tionscadal taighde maidir le miotail straitéiseacha don aistriú fuinnimh Áiritheofar leis an meastóireacht ar thionscadail faoin infheistíocht seo go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) mar a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart.
270	C17.I8	T	Tacaíocht do thionscadail T & F & N i ngluaisteáin inbhuanaithe	—	Líon		35	R2	2022	Ar a laghad 35 chuideachta ar bronnadh tionscadail T & F & N orthu i ngluaisteáin inbhuanaithe chun acmhainneacht theicneolaíoch na gcuideachtaí a mhéadú sna réimsí a bhaineann le córais stórála fuinnimh a fhorbairt a bhfuil astaíochtaí an-íseal acu agus córais ardéifeachtúlachta soghluaisteachta hidrigine, tiomáint uathrialaitheach agus soghluaisteacht

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhai the	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliai n	
Is é an cuspóir a bheidh ann faireachán a dhéanamh ar éabhlóid an ‘Innéacs Digiteach d’Ollscoileanna’ agus é a scaipeadh, trí shuíomh gréasáin na hAireachta Ollscoileanna, agus é mar aidhm an tInnéacs a mhéadú 10 % ar a laghad don chóras ollscoile ina iomláine in 2023, i gcomparáid le 2019. Cumhdóidh an t-innéacs sin gnéithe éagsúla, lena n-áirítear bainistíocht (amhail líon na seomraí ranga atá cumasaithe don teagasc digiteach, líon na n-ollúna a úsáideann córais dhigiteacha, líon na nósanna imeachta ar líne, agus an leibhéal nascachta ar champais, etc.); nuálaíocht (amhail comhaontuithe digiteacha idir-ollscoile, gníomhaíochtaí anailísíochta foghlama, stórtha ilmheán, inniúlachtaí digiteacha i bhfoireann teagaisc, agus cúrsaí taistil pearsantaithe, etc.); agus rialachas (amhail plean claochlaithe dhigitigh, punanna tionscadail digitithe agus pleananna oiliúna in inniúlachtaí digiteacha, etc.).

Soláthróidh ollscoileanna faisnéis leantach gach bliain trí dheimhniú a limistéir rialaithe inmheánaigh.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 6 (C21.I6) — Plean chun micridhintiúir ollscoile a fhorbairt

Is é is aidhm don infheistíocht sin acmhainneachtaí an chórais Ollscoile a fhorbairt mar institiúidí foghlama ar feadh an tsaoil agus rannchuidiú le huas-sciliú agus athsciliú daoine fásta i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle a glacadh i mí an Mheithimh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht.

Is é a bheidh sa chéad ghné den bheart seo plean gníomhaíochta a fhoilsiú chun creat a chruthú chun micridhintiúir a fhorbairt arna fhorbairt ag an Aireacht Ollscoileanna tar éis díospóireachtaí maidir le micridhintiúir in imeachtaí le páirtithe leasmhara ar shuíomh gréasáin na haireachta. Cumhdófar sa phlean gníomhaíochtaí (i) chun ollscoileanna a chlaochlú ina n-institiúidí foghlama ar feadh an tsaoil; (II) éileamh ó dhaoine fásta agus óna bhfostóirí a spreagadh; (III) cáilíocht agus ábharthacht na micridhintiúr a chur chun cinn; (IV) tacú le cothromas rochtana; agus (v) conairí oiliúna pearsantaithe solúbtha a chruthú.

Is éard a bheidh sa dara gné den bheart seo 60000 aonad micridhintiúr ar a laghad a mhaireann níos lú ná 15 ECTS agus a chomhfhreagraíonn do 1000 gníomhaíocht oiliúna éagsúil ar a laghad, lena n-áirítear an fhéidearthacht níos mó ná aonad amháin a sholáthar don duine fásta céanna. Cuirfidh na gníomhaíochtaí oiliúna eolas sonrach agus scileanna sonracha ar fáil a bhfuil éileamh orthu i margadh an tsaothair. Áireofar sa bheart freisin tuarascáil mheasúnaithe ar sholáthar micridhintiúr go dtí an 31 Nollaig 2025 a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na hAireachta Ollscoileanna.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

U.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
303	C21.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Orgánaigh maidir le hoideachas	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Dlí Orgánaigh				R1	2021	Is é is cuspóir don Dlí Orgánach maidir le hoideachas (LOMLOE) córas dlí athnuaite a bhunú lena méadófar, faoi phrionsabail na cáilíochta, an chothromais agus an chuimsithe, deiseanna oideachais agus oiliúna na mac léinn agus lena rannchuideofar le torthaí oideachais a fheabhsú.
304	C21.R2	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le híoscheanglais teagaisc le haghaidh oideachais	Foráil san Fhoraithne Ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga				R1	2022	Áireofar san Fhoraithne Ríoga maidir le híoscheanglais teagaisc le haghaidh oideachais sa bhunoideachas, meánoideachas éigeantach agus baccalaureate treoirlínte modheolaíochta a thabhairt isteach le haghaidh teagaisc agus foghlama bunaithe ar churaclam bunaithe ar inniúlacht, lena n-ionchorpraítear ‘scileanna boga’; creat meastóireachta chun inniúlachtaí a fháil; dearadh samhla atá níos solúbtha agus níos oscailte, lena gcuirtear foghlaim dhomhain chun cinn; agus ábhar teagaisc, tacaíocht, treoir agus oiliúint a ullmhú do mhúinteoirí chun a chinntiú go bhféadfaidh siad an curaclam nua a chur chun feidhme go héifeachtach.
305	C21.R2	M	Ábhair chun múinteoirí a threorú agus chun tacú leo chun an curaclam nua a chur chun feidhme, agus oiliúint a chur ar ghairmithe	Deimhnithe d’ábhair fhoilsithe agus oiliúint a tugadh				R3	2024	Ullmhú na treorach tacaíochta agus an ábhair teagaisc curtha i gcrích. Foilseofar an t-ábhar go léir ar líne lena úsáid ag 100 % de mhúinteoirí. Beidh oiliúint curtha i gcrích ag 4000 múinteoir ar a laghad chun an curaclam nua a chur i bhfeidhm. Tá 100 saineolaí seachtrach ar a laghad le bheith rannpháirteach i bhforbairt churaclam réimsí agus ábhair na gcéimeanna oideachais agus na gcreataí meastóireachta, a bheidh mar bhonn le dréachtú fhoraitheanta ríoga an churaclaim nua agus an chreata meastóireachta choitinn.
306	C21.R3	M	Teacht i bhfeidhm na bhForaitheanta Ríoga chun ollscoileanna a eagrú	Foráil sna Foraitheanta Ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm na bhForaitheanta Ríoga				R3	2021	Is iad seo a leanas an dá Fhoraithne Ríoga chun ollscoileanna a eagrú: — Foraithne Ríoga lena mbunaítear eagrú cúrsaí ollscoile agus an nós imeachta chun a gcáilíocht a chinntiú — Foraithne Ríoga maidir leis an scéim chun ollscoileanna agus ionaid atá i gceangal a chruthú, a aithint, a údarú agus a chreidiúnú.
307	C21.R3	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Orgánaigh maidir leis an gcóras ollscoile agus reachtaíocht agus doiciméid eile	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Dlí Orgánaigh				R2	2023	An Dlí Orgánach nua agus reachtaíocht agus doiciméid eile arb é is aidhm dóibh rochtain ar ardoideachas a chur chun cinn, foráil a dhéanamh do dhea-rialachas institiúidí ollscoile agus taighde, aistriú agus soghluaisteacht foirne teagaisc agus taighde a chur chun cinn. Rannchuideoidh an t-athchóiriú le feabhas a chur ar ábharthacht an ardoideachais don mhargadh saothair, lena n-áirítear

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										comhar le hinstitiúidí príobháideacha agus tríú hearnáil a chur chun cinn agus cistiú feidhmíochtbhunaithe ollscoileanna poiblí a thabhairt isteach.
308	C21.I1	T	Dámhachtain buiséid chun an Chéad Timthriall den Oideachas Luath-Óige a Chur Chun Cinn		EUR	0	670 990 000	R4	2023	Bronnadh buiséid EUR 670990000 ar eintitis réigiúnacha/áitiúla chun an Chéad Timthriall den Oideachas Luath-Óige a chur chun cinn trí áiteanna nua a chruthú atá faoi úinéireacht phoiblí.
309	C21.I1	T	Áiteanna nua don Chéad Timthriall den Oideachas Luath-Óige	—	Líon	0	60 000	R4	2025	An Chéad Timthriall den Oideachas Luath-Óige a chur chun cinn trí áiteanna nua atá faoi úinéireacht phoiblí a chruthú (tógáil nua agus/nó athchóiriú/athshlánú agus trealamh in 60000 áit ar a laghad i gcomparáid le deireadh 2020, agus an caiteachas oibríochtúil sin le haghaidh suas le 40000 áit ar a mhéad go dtí 2025).
310	C21.I2	T	Tacaíocht do scoileanna faoi chlár PROA+	—	Líon	0	2 700	R4	2024	2700 scoil ar a laghad a fhaigheann tacaíocht ó chlár PROA+ ar fud na tíre, i gcomhréir le ceanglais an chláir
311	C21.I3	T	Aonaid Thionlactha agus Threoraithe do mhic léinn leochaileacha	—	Líon	0	1 000	R4	2024	Beidh 1000 Aonad Tionlacain agus Treoraíochta ar a laghad do mhic léinn leochaileacha ag feidhmiú ar fud na tíre.
312	C21.I4	T	Deontais arna ndámhachtain do thaighdeoirí iardhochtúireachta agus do léachtóirí ollscoile	—	Líon	0	2 600	R2	2023	Deontais arna ndámhachtain do thaighdeoirí iardhochtúireachta agus do léachtóirí ollscoile, do 2600 iarrthóir ar a laghad. Áirítear ar chuspóirí na ndeontas sin forbairt ghairmiúil a foirne teagaisc a chur chun cinn, ar daoine iad a d'fhéadfaí a chomhtháthú sa chóras amach anseo. Leis na deontais, maoineofar tréimhsí taighde arna n-óstáil ag ollscoileanna agus ionaid taighde eachtracha, chomh maith le hollscoileanna Spáinneacha agus gníomhairí poiblí eile de chuid Chóras Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na Spáinne. Chuige sin, rannchuideoidh na deontais le tallann idirnáisiúnta a mhealladh. Soláthrófar na deontais faoi thrí chlár éagsúla, agus critéir shonracha á gcur i bhfeidhm ag brath ar an aidhm agus ar an spriocghrúpa agus mairfidh siad idir bliain amháin agus trí bliana ag brath ar an gclár agus ar an spriocghrúpa.
313	C21.I5	M	Méadú ar an 'Innéacs Digiteach d'Ollscoileanna'	Foilsiú an innéacs ar shuíomh gréasáin Aireacht na nOllscoileanna				R4	2023	Infheistíochtaí a chur i gcrích in (i) acmhainní digiteacha amhail trealamh digiteach agus bonneagair dhigiteacha a fheabhsú; (II) teicneolaíochtaí cibearshlándála agus sa seomra ranga le haghaidh teagasc ar líne; (III) oiliúint dhigiteach don fhoireann acadúil agus do mhic léinn; agus (iv) infheistíochtaí le haghaidh ardáin seirbhísí digiteacha; is gá an 'tInnéacs Digiteach d'Ollscoileanna' a mhéadú 10 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 2019 don chóras ollscoile ina iomláine, agus gnéithe aibíochta éagsúla a chumhdach:

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										Bainistíocht, Nuálaíocht agus Rialtas. Beidh tús curtha le tionscadail incháilithe amhail ó mhí Feabhra 2020. Is leagan giorraithe é an 'Innéacs Digiteach d'Ollscoileanna' den 'Samhail Aibíochta Digití d'Ollscoileanna' (MD4U), creat táscairí a úsáideann Crue-TIC (earnáil TF de Chomhdháil Seansailéir Ollscoileanna na Spáinne) dá shuirbhé bliantúil chun leibhéal digitithe ollscoileanna na Spáinne i réimsí na bainistíochta, na nuálaíochta agus an rialachais a shaintréithriú. Is 'deais' é an 'tInnéacs Digiteach d'Ollscoileanna' chun faireachán a dhéanamh ar éabhlóid leibhéal digiteach na n-ollscoileanna. Is iad luachanna leibhéal digitithe an chórais ollscoile in 2019, le dáta na bonnlíne an 31 Nollaig 2019, an bhunlíne le haghaidh thionchar an chláir.
468	C21.I6	M	Foilsiú an Phlean Gníomhaíochta chun micridhintiúir ollscoile a fhorbairt	Foilsiú ar shuíomh gréasáin Aireacht na nOllscoileanna				R2	2023	Foilsiú plean gníomhaíochta chun creat a chruthú chun micridhintiúir a fhorbairt arna fhorbairt ag an Aireacht Ollscoileanna tar éis díospóireachtaí maidir le micridhintiúir in imeachtaí le páirtithe leasmhara ar shuíomh gréasáin na haireachta. Cumhdófar sa phlean gníomhaíochtaí (i) chun ollscoileanna a chlaochlú ina n-institiúidí foghlama ar feadh an tsaoil; (II) éileamh ó dhaoine fásta agus óna bhfostóirí a spreagadh; (III) cáilíocht agus ábharthacht na micridhintiúr a chur chun cinn; (IV) tacú le cothromas rochtana; agus (v) conairí oiliúna pearsantaithe solúbtha a chruthú.
469	C21.I6	T	Micridhintiúir Ollscoile arna n-eisiúint chuig daoine fásta		Líon	0	60 000	R2	2026	Soláthar 60000 aonad micridhintiúr ar a laghad a mhaireann níos lú ná 15 ECTS agus a chomhfhreagraíonn do 1000 gníomhaíocht oiliúna éagsúil ar a laghad, lena n-áirítear an fhéidearthacht níos mó ná aonad amháin a sholáthar don duine fásta céanna. Cuirfidh na gníomhaíochtaí oiliúna eolas sonrach agus scileanna sonracha ar fáil a bhfuil éileamh orthu i margadh an tsaothair. Áireofar sa bheart freisin tuarascáil mheasúnaithe ar sholáthar micridhintiúr go dtí an 31 Nollaig 2025 a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na hAireachta Ollscoileanna.

V. COMHPHÁIRT 22: PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA DON GHEILLEAGAR CÚRAIM, BEARTAIS COMHIONANNAIS AGUS CUIMSITHE A NEARTÚ

Is é príomhchuspóir na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne seirbhísí sóisialta agus beartais cuimsithe shóisialta a nuachóiriú agus a neartú. Leagtar béim ar leith ann ar shamhail an chúraim fhadtéarmaigh (LTC), arb é is aidhm dó freagairt don éileamh méadaitheach ar sheirbhísí éagsúla cúraim fhadtéarmaigh mar gheall ar dhaonra atá ag dul in aois, nuálaíocht agus samhail chúraim dhuinelárnach a chur chun cinn atá dírithe ar straitéis dí-institiúidithe.

I réimse na seirbhísí sóisialta eile agus an chuimsithe shóisialta, áirítear ar na cuspóirí seirbhísí sóisialta a nuachóiriú agus a neartú, trí nuálaíocht agus teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn chun soláthar a áirithiú ar fud na críche, riachtanais a shainaithint ar bhealach níos fearr agus a gcáilíocht a fheabhsú. I réimse na tacaíochta do theaghlaigh, tá sé mar aidhm le feabhas a chur ar an gcosaint dhlíthiúil agus ar an tacaíocht ábhartha (in airgead tirim agus i gcomhchineál) do theaghlaigh, d'fhonn bochtaineacht leanaí a laghdú. Aidhm eile de chuid na comhpháirte is ea sochair shóisialta neamhranníocacha eile a nuachóiriú chun feabhas a chur ar a róil chosanta agus ghníomhachtaithe. Is é is aidhm do ghníomhaíochtaí spriocdhírithe sonracha tacú le híospartaigh an fhoréigin inscne, inrochtaineacht ar sheirbhísí poiblí a chur chun cinn, agus feabhas a chur ar acmhainneacht an chórais ghlactha d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha a bhaineann lena áirithiú go bhfuil sé d'acmhainn ag seirbhísí fostaíochta agus sóisialta tacaíocht éifeachtach a sholáthar (Moladh Sonrach Tíre 2 2019); tacaíocht do theaghlaigh a fheabhsú (Moladh Sonrach Tíre 2 2019); ilroinnt an chórais náisiúnta cúnaimh dífhostaíochta a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i gcumhdach scéimeanna ioncaim íosta réigiúnacha (Moladh Sonrach Tíre 2 2019); agus cumhdach agus leordhóthanacht scéimeanna tacaíochta ioncaim íosta agus teaghlaigh a fheabhsú (Moladh Sonrach Tíre 2 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

V.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C22.R1) — Cúram fadtéarmach a neartú agus athrú ar an tsamhail tacaíochta agus cúraim fhadtéarmaigh a chur chun cinn

Is é is aidhm don athchóiriú samhail tacaíochta atá dírithe ar an duine agus atá bunaithe ar chearta a bhaint amach. Táthar ag súil go bhfeabhsófar an Córas um Chúram Uathrialach agus Neamhspleách (SAAD) trí athchóirithe a thabhairt isteach lena simpleofar nósanna imeachta riaracháin, lena gcuirfear dlús le próiseáil iarratas agus lena laghdófar liostaí feithimh do chleithiúnaithe nach bhfaigheann na seirbhísí a bhfuil siad ina dteideal chomh maith le difríochtaí ar fud na críche a laghdú. Díríonn sé freisin ar cháilíocht na seirbhísí gairmiúla a neartú, ar dhálaí oibre a fheabhsú agus ar chumhdach na gcineálacha éagsúla sochar airgeadais a mhéadú. Sa mheántéarma, díríonn an t-athchóiriú ar straitéis náisiúnta um dhí-institiúidiú a chur chun feidhme, samhail atá dírithe ar chúram pobail a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar roghanna na ndaoine a bhfuil tacaíocht de

dhíth orthu, agus cost-éifeachtúlacht á háirithiú ag an am céanna agus tacaíocht á tabhairt do na teaghlaigh a thugann aire dóibh.

Beidh bonn an athchóirithe ar chúram fadtéarmach bunaithe ar mheastóireacht ar SAAD le linn 2021 chun tuiscint dhomhain a fháil ar dhul chun cinn an phróisis athchóirithe cúraim fhadtéarmaigh a tionscnaíodh in 2020 agus ar a thionchar. Cuirfear conclúidí na meastóireachta sin faoi bhráid na comhairle críochaí sa chéad leath de 2022.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

Athchóiriú 2 (C22.R2) — Seirbhísí sóisialta poiblí a nuachóiriú agus creat rialála nua a thabhairt dóibh

Is é is aidhm don Athchóiriú córas poiblí na seirbhísí sóisialta a neartú trí chreat rialála a ghlacadh trí Chomhaontuithe na Comhairle Críche, lena sásraí comhfhreagracha faireacháin, faireachais agus rialaithe forghníomhaithe (lena n-áirítear dátaí cur chun feidhme ceangailteacha lena gcuirfear san áireamh méid éagsúil forbartha na bPobal Uathrialach i ndáil leis na cuspóirí), chun punann íosta seirbhísí comhchoiteann agus íoschaighdeáin choiteanna maidir lena soláthar ar fud na críche a ráthú. Chuige sin, rannchuideoidh sé le héagothromaíochtaí agus neamhionannais a bhaineann le cineál, leibhéal agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraítear a laghdú. Déanfar an creat rialála a chomhaontú leis na Réigiúin agus leis na Corparáidí Áitiúla agus cumhdófar ann freisin, más gá, comhpháirteanna eile chun seirbhísí sóisialta a athneartú amhail: eagrú an chórais phoiblí, lena n-áirítear a chomhordú agus a chomhordú inmheánach le córais cosanta sóisialta eile (oideachas, sláinte, ceartas, tithíocht agus pleanáil uirbeach, fostaíocht, etc.), nó rannpháirtíocht fiontar sóisialta i soláthar seirbhísí sóisialta. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm aige an nuálaíocht a chur chun cinn, scileanna oibrithe seirbhíse sóisialta a fheabhsú agus córas nua faisnéise seirbhísí sóisialta a bhunú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2026.

Athchóiriú 3 (C22.R3) — Dlí nua a ghlacadh maidir le teaghlaigh a chosaint agus aitheantas a thabhairt dá n-éagsúlachty

Glacfar dlínua maidir le teaghlaigh a chosaint agus maidir lena n-éagsúlacht a aithint, chun freagairt do na claochluithe déimeagrafacha agus sochaíocha a tharla le fiche nó tríocha bliain anuas. Is é is aidhm don dlí nua seo aitheantas dlíthiúil a thabhairt do na cineálacha éagsúla struchtúr teaghlaigh agus na sochair agus na seirbhísí a bhfuil siad ina dteideal a chinneadh ag brath ar a ngnéithe agus ar a leibhéil ioncaim. Chuige sin, áireofar leis na hathchóirithe an creat dlíthiúil a chórasú, a thabhairt cothrom le dáta agus a fheabhsú agus an ghníomhaíocht chosanta a aithníonn an Riarachán Ginearálta Stáit do theaghlaigh, agus a n-éagsúlacht á cur san áireamh, i dtéarmaí cosanta sóisialta (sochair, seirbhísí sóisialta) agus dlí (athchóirithe sa Dlí Sibhialta do ghrúpaí áirithe: lánúineacha neamhphósta, teaghlaigh athbhunaithe) agus eacnamaíoch (cánachas, deontais, etc.). Áireofar ann freisin athbhreithniú ar an Dlí maidir le Teaghlaigh Mhóra.

Cuspóir uileghabhálach de chuid an athchóirithe is ea bochtaineacht leanaí a laghdú. Dá bhrí sin, díreofar go sonrach ar neamhionannais a laghdú trí chosaint a chur ar fáil do theaghlaigh a bhfuil riachtanais speisialta acu nó atá i gcásanna leochaileacha, nó dóibh siúd atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, trí bhearta a chur chun cinn, i gcás teaghlaigh aontuismitheora, lena gcosnaítear prionsabal leas leanaí agus déagóirí i gcásanna breithe, cúraim altrama nó uchtaithe. Thairis sin, bunófar leis an dlí prionsabail agus cuspóirí comhroinnte chun comhleanúnachas agus comhlántacht le beartais phoiblí eile a áirithiú, lena n-áirítear cánachas agus chun feabhas a chur ar chosaint atá bunaithe ar chearta suibiachtúla.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú 4 (C22.R4) — Athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras glactha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta

Déanfar an córas glactha reatha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa Spáinn a neartú chun feabhas a chur ar a hacmhainneacht, chun é a chur in oiriúint do na riachtanais atá ann cheana agus a mheastar a bheidh ann amach anseo agus chun rannchuidiú lena dhéanamh níos éifeachtúla. Dírítear go háirithe ar amanna feithimh fada agus rátaí ísle aitheantais a laghdú d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Le córas níos láidre agus níos feidhmiúla, meastar go mbeidh bainistiú na ngéarchéimeanna imirce a bheidh ann amach anseo níos rianúla.

Déanfar beartais ghlactha a chur in oiriúint do riachtanais daoine leochaileacha agus iarrthóirí tearmainn agus do chuspóirí lánpháirtíochta AE, rud a fhágfaidh go mbeidh an córas iomlán níos athléimní. Leagfar amach ann freisin leibhéal na sochar do sheirbhísí bunúsacha d'iarratasóirí nach bhfuil acmhainní airgeadais acu agus d'iarratasóirí a bhfuil próifíl níos leochailí acu a bhfuil cosaint fheabhsaithe de dhíth orthu, agus é mar aidhm leis sin soláthar dálaí glactha i bhfoirm sochar airgeadais a íoslaghdú. Thairis sin, déanfar an córas lena gcumhdaítear seirbhísí tionlacain agus conairí a oiriúnú. Tabharfaidh sé aghaidh ar eagrú an chórais ghlactha ó thaobh críche de arb é is aidhm dó dlús a chur le táthcheangal cumhachtaí ag pobail fhéinrialaitheacha mar a bhunaítear le cásdlí, trí bhíthin cúpla treoirthionscadal. Ar deireadh, déanfar na paraiméadair dáileacháin chríochaigh d'iarratasóirí i gcomhar leis na pobail fhéinrialaitheacha a chomhaontú.

Chun cur chun feidhme a áirithiú, úsáidfear córas táscairí lena n-áirítear gnéithe amhail náisiúntacht, inscne, eitneacht, leochaileacht, coinníollacha sa tír thionscnaimh, etc. i bhfoirmle ualaithe lena gcumasófar ríomh oibiachtúil ar an dóchúlacht go ndeonófar cosaint. Agus na hiarratais á bpróiseáil, cuirfidh toradh na foirmle ar chumas na n-údarás atá freagrach as glacadh iarratasóirí a threorú i dtreo an raoin ghlactha bhunúsaigh nó fheabhsaithe. Beidh feidhm aige sin freisin maidir leis na sochair chomhfhreagracha. Leis sin, beifear in ann coinníollacha bunúsacha glactha a chur i bhfeidhm maidir le gach iarrthóir tearmainn agus dálaí glactha feabhsaithe a chur i bhfeidhm dóibh siúd a bhfuil dóchúlacht ard aitheantais ag baint leo.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2022.

Athchóiriú 5 (C22.R5) — Feabhas a chur ar chóras sochar airgeadais neamhranníocach an Riaracháin Ghinearálta Stáit

Áirítear leis an athchóiriú sin formheas na scéime nua maidir le hIoncam Íosta Vital (MVI) i mí na Bealtaine 2020, córas náisiúnta aonair amháin a bhunú le haghaidh sochair airgeadais neamhranníocacha, agus íosleibhéal sochar airgeadais neamhranníocach do na teaghlaigh is leochailí.

Agus an scéim MVI á glacadh mar thúsphointe, glacfar plean chun córas shochair airgeadais neamhranníocacha an Riaracháin Ghinearálta Stáit a atheagrú agus a shimpliú. Is é is aidhm don phlean sochair neamhranníocacha a chomhtháthú agus a chuíchóiriú ar bhonn na scéime MVI, chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht acmhainní poiblí a fheabhsú agus iad a dhíriú ar dhaoine leochaileacha agus ar dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Díreofar ar chumhdach iomchuí a áirithiú ag brath ar na himthosca as a n-eascraíonn leochaileacht agus ar thacaíocht leordhóthanach ioncaim a áirithiú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le laghdú na bochtaineachta. Chuige sin, cuirfear san áireamh ann riachtanais struchtúracha teaghlach, go háirithe teaghlaigh a bhfuil leanaí acu agus daoine faoi mhíchumas. Nascfaidh sé freisin tacaíocht

ioncaim le lorg gníomhach poist, chun lánpháirtiú socheacnamaíoch a chothú agus ‘gaistí bochtaineachta’ a sheachaint.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 1 (C22.I1): Plean cúraim agus tacaíochta fadtéarmach: dí-institiúidiú, trealamh agus teicneolaíocht

I gcomhréir le hAthchóiriú 1 den chomhpháirt sin, déanfaidh an Spáinn infheistíocht i sé réimse gníomhaíochta.

i. I bplean tacaíochta fadtéarmach ina ndéantar anailís ar staid reatha na mbeartas cúraim arb é is aidhm dó riachtanais feabhais a shainaithint agus togra a dhéanamh maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar an dlí atá ann faoi láthair maidir le neamhspleáchas pearsanta agus cúram do dhaoine atá i staid spleáchais. Déanfaidh sé meastóireacht freisin ar an staid agus ar thionscadail leanúnacha i gcríocha éagsúla;
ii. Straitéis náisiúnta um dhí-institiúidiú, lena n-áirítear feachtais múscailte feasachta agus scaipthe a chur chun feidhme;

iii. Sé thionscadal phíolótacha arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoin dí-institiúidiú, agus ceachtanna a fhoghlaim chun tacaíocht agus cúram fadtéarmach a athrú ó bhonn, lena n-áirítear tacaíocht agus cúram fadtéarmach do dhaoine faoi mhíchumas intleachta;

iv. Tógáil agus athchóiriú ionad cónaithe, neamhchónaithe agus cúraim lae, agus trealamh infheistíochta chun cáilíocht na seirbhísí cúraim a fheabhsú. Is iad na pobail fhéinrialaitheacha a chuirfidh na tionscadail infheistíochta sin chun feidhme bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais chríochacha; agus a áirithiú go mbeidh áiteanna cónaithe nua agus athchóirithe ailínithe le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas; agus
v. Seirbhísí nua teileachúraim chun dul i dtreo cúram réamhghníomhach agus pearsantaithe a chuireann le neamhspleáchas pearsanta agus cothabháil daoine atá ag brath ar chúram ina dtithe féin.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C22.I2): Plean um Nuachóiriú na Seirbhísí Sóisialta — Claochlú teicneolaíoch, nuálaíocht, oiliúint agus cúram leanaí a neartú

I gcomhréir le hAthchóiriú 2 den chomhpháirt sin, déanfaidh an Spáinn infheistíocht i gcúig réimse gníomhaíochta.

i. Teicneolaíochtaí nua chun feabhas a chur ar a n-éifeachtacht seirbhísí sóisialta (agaí feithimh níos giorra) agus ar a gcáilíocht (torthaí níos fearr ar idirghabhálacha sóisialta), lena n-áirítear cúram comhtháite a chur chun cinn.
ii. Uirlisí teicneolaíochta chun feabhas a chur ar bhainistiú seirbhísí sóisialta agus ar chórais faisnéise, lena n-áirítear ardán ar líne chun faisnéis atá ar fáil ag riaracháin náisiúnta agus réigiúnacha a lárú. Áirítear leis sin go sonrach cur chun feidhme iomlán Chóras Faisnéise na Spáinne um Sheirbhísí Sóisialta (SIESS). Meastar freisin go bhfágfaidh an córas faisnéise nua sin go mbeidh idir-inoibritheacht ann le córais eile (Fostaíocht, Sláinte, Tríú Earnáil). Áirítear leis freisin uirlis ar líne chun anailís a dhéanamh ar thionscadail arna bhforbairt ag eagraíochtaí tríú hearnáil, chun cláir bhuiséadacha éagsúla a bhainistiú a bhaineann le seirbhísí sóisialta agus cúram do theaghlaigh, do leanaí agus do ghrúpaí leochaileacha

áirithe agus ardán ar líne chun faisnéis maidir le cúram atá ar fáil sa Riarachán Ginearálta Stáit agus sna pobail uathrialacha a lárú.

iii. Treoirthionscadail chun nuálaíocht i seirbhísí sóisialta a chur chun cinn.

iv. Oiliúint a chur ar bhaill foirne sa chóras seirbhísí sóisialta poiblí a bhfuil baint acu leis an tsamhail nua cúraim fhadtéarmaigh a chur chun feidhme agus tacú léi.

v. Feabhas a chur ar bhonneagair chónaithe agus ar ghnéithe eile d'ionaid cúraim leanaí agus d'ionaid cúraim do dhéagóirí, agus aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais mhothúchánacha, phearsanta agus oideachais/ghairmiúla.

Is éard a bheidh i bhformhór na hinfheistíochta tionscadail arna gcur chun feidhme ag rialtais réigiúnacha chun claochlú teicneolaíoch a dhéanamh ar sheirbhísí sóisialta, agus chun nuachóiriú a dhéanamh ar an mbonneagar agus ar na seirbhísí a bhaineann le cosaint chónaithe agus teaghlaigh altrama.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 3 (C22.I3): Plean Tíre Inrochtana na Spáinne

Déanfaidh an Spáinn infheistíocht chun feabhas a chur ar inrochtaineacht daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí poiblí, ag díriú ar inrochtaineacht chognaíoch a fheabhsú i gcumarsáid le húdaráis phoiblí (lena n-áirítear suíomhanna gréasáin), agus ar rochtain fhisiciúil ar fhoirgnimh phoiblí agus ar spásanna poiblí; oiriúnacht spásanna fisiciúla seirbhísí sláinte; inrochtaineacht in ionaid oideachais; agus cóiríocht don iompar poiblí, lena n-áirítear inrochtaineacht idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe. Cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil do bhardais chun oibreacha a dhéanamh agus trealamh a cheannach, go háirithe i gceantair thuaithe. Beidh infheistíocht tiomnaithe freisin d'fheachtais chumarsáide agus feasachta, chomh maith le tionscadail taighde TFN i réimse na hinrochtaineachta cognaíche.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2024.

Infheistíocht 4 (C22.I4): Plean na Spáinne tú a chosaint ar fhoréigean inscne

Déanfaidh an Spáinn infheistíocht i seirbhísí teileafóin agus seirbhísí ar líne chun tacú le híospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban, lena n-áirítear íospartaigh na gáinneála agus an teacht i dtír ghnéasaigh. Áirítear leis ionaid cúnaimh géarchéime 24 uair an chloig i ngach cúige, lena n-áirítear Ceuta agus Melilla, agus na dúshláin a bhaineann le hanaithnideacht agus gnéithe déimeagrafacha a áirithiú á gcur san áireamh. Tá cruthú na n-ionad sin mar chuid de thiomantas na Spáinne do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac, a daingníodh don Spáinn in 2014. Leis an infheistíocht, bunófar freisin seirbhís nua treorach sóisialta agus fostaíochta lena soláthrófar cineálacha éagsúla seirbhísí, lena n-áirítear comhairle dlí, tacaíocht shíceolaíoch agus mhothúchánach, agus cúnamh do lánpháirtiú i margadh an tsaothair d'íospartaigh na gáinneála agus an teacht i dtír ghnéasaigh. Áirítear leis an gcúnamh teilea-chabhrach freisin íospartaigh a chosaint, lena n-áirítear gléasanna chun faireachán a dhéanamh ar bhearta scartha.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 5 (C22.I5): Acmhainneacht agus éifeachtúlacht an chórais ghlactha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a mhéadú

Déanfaidh an Spáinn infheistíocht chun acmhainneacht an chórais glactha a mhéadú trí rannpháirtíocht dhíreach an Stáit in acmhainní an líonra glactha a mhéadú. Rannchuideoidh sé sin le

cobhsaíocht níos fearr a áirithiú maidir leis na seirbhísí cóiríochta agus glactha a chuirtear ar fáil. Áirítear leis an infheistíocht meastóireacht ar riachtanais an chórais sna 3 bliana amach romhainn, tacaíocht d'athshlánú agus d'athchóiriú na n-ionad atá ann cheana agus nósanna imeachta riaracháin chun foirgnimh atá ann cheana a fháil, a thógáil agus a athchóiriú a d'fhéadfaí a dhéanamh, rud a áiritheoidh éifeachtúlacht fuinnimh. Bunaithe ar mheasúnú ar dhea-chleachtais, saineoidh an Spáinn freisin bainistiú na n-ionad glactha ag tríú páirtithe. Ar deireadh, cumhdófar leis an infheistíocht digitiú lárionad agus forbairt ailtireachta digití nua chun feabhas a chur ar a mbainistíocht agus chun leithdháileadh áiteanna na n-iarratasóirí idir na pobail fhéinrialaitheacha a éascú.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

V.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
314	C22.R1	M	Formheas na Comhairle Críche ar an gCóras um Chúram Neamhspleáchais agus Neamhspleáchais (SAAD).	Foilsiú na meastóireachta				R2	2022	Déanfar an mheastóireacht le linn 2021 chun tuiscint dhomhain a fháil ar dhul chun cinn phróiseas athchóirithe an chúraim fhadtéarmaigh a tionscnaíodh in 2020 agus ar a thioncharCuirfear conclúidí na meastóireachta sin faoi bhráid na comhairle críochaí sa chéad leath de 2022.
315	C22.R2	M	Comhaontuithe Chomhairle Chríochach na Seirbhísí Sóisialta agus na rialachán aireachta a fhoilsiú san Iris Oifigiúil	Foráil i gComhaontuithe na Comhairle Críche agus sna rialacháin aireachta lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R3	2026	Tar éis Comhaontuithe na Comhairle Críche a fhormheas lena sásraí comhfhreagracha faireacháin, faireachais agus rialaithe (lena n-áirítear dátaí ceangailteacha cur chun feidhme lena gcuirfear san áireamh méid éagsúil forbartha na bPobal Uathrialach i ndáil leis na cuspóirí), glacfar na rialacháin aireachta is gá. Is iad cuspóirí Chomhaontuithe na Comhairle Críche feabhas a chur ar an gcóras soláthair atá ann faoi láthair agus rialáil a dhéanamh ar na coinníollacha bunúsacha faoina soláthraítear seirbhísí sóisialta sa Spáinn.
316	C22.R3	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí um Éagsúlacht Teaghlaigh	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Dlí				R4	2024	Is é is cuspóir don Dlí um Éagsúlacht Teaghlaigh i) aitheantas dlíthiúil a thabhairt do na cineálacha éagsúla struchtúr teaghlaigh atá i bhfeidhm; na sochair agus na seirbhísí a mbeidh siad ina dteideal a chinneadh de réir a saintréithe agus a leibhéal ioncaim; agus iii) bochtaineacht leanaí a laghdú agus torthaí measúnaithe tionchair athdháilte á gcur san áireamh.
317	C22.R4	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe reachtaigh ar an gcóras glactha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa Spáinn	Foráil san ordú lena sonraítear teacht i bhfeidhm an ordaithe				R1	2022	Le hOrdú Lárnach Aireachta, déanfar athchóiriú ar an gcóras glactha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa Spáinn arna ghlacadh ag an Aireacht Chuimsithe Shóisialta, Slándála Sóisialta agus Imirce. Is iad cuspóirí an athchóirithe nósanna imeachta glactha nua a fhorbairt do na hionaid uile sa líonra glactha agus aitheantas a thabhairt do dhálaí glactha bunúsacha do gach iarrthóir tearmainn agus dálaí glactha feabhsaithe dóibh siúd a bhfuil dóchúlacht ardaitheantais acu.
318	C22.R5	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 20/2020 an 29 Bealtaine lena bhformheastar an t-ioncam íosta ríthábhachtach	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Dlí				R2	2020	Teacht i bhfeidhm an Ioncaim Fhómhair Íosta (Dlí Foraithne Ríoga 20/2020 an 29 Bealtaine).

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
319	C22.R5	M	Foilsiú an ‘Phlean chun córas shochair airgeadais neamhranníocacha an Riaracháin Ghinearálta Stáit a atheagrú agus a shimpliú’.	Foilsiú an Phlean san Iris Oifigiúil				R3	2022	“Plean chun córas sochar airgeadais neamhranníocach an Riaracháin Ghinearálta Stáit a atheagrú agus a shimpliú” a ghlacadh (foilsiú san Iris Oifigiúil). Beidh sé d’aidhm ag an bPlean na sochair neamhranníocacha timpeall ar ionstraim cumhdaigh ioncaim a chomhtháthú chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht acmhainní poiblí a fheabhsú agus iad a dhíriú ar dhaoine atá i mbaol leochaileachta nó eisiaimh shóisialta. Díreofar sa phlean sin ar chumhdach iomchuí na n-imthosca éagsúla as a n-eascraíonn leochaileacht daoine chomh maith le leordhóthanacht na tacaíochta ioncaim. Chuige sin, cuirfidh sé san áireamh, ar thaobh amháin, riachtanais struchtúracha amhail teaghlaigh a bhfuil leanaí acu agus daoine faoi mhíchumas agus, ar an taobh eile, nascfaidh sé tacaíocht ioncaim le post gníomhach atá ag lorg cuimsiú agus seachnóidh sé ‘gaistí bochtaineachta’. Breithneofar sa Phlean gach neamhranníocach atá ann cheana d’fhonn iad a chomhtháthú de réir a chéile agus le himeacht ama i gcóras náisiúnta aonair chun a áirithiú go mbainfear amach sprioc an phlean ina hiomláine.
320	C22.R5	M	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun córas na sochar airgeadais neamhranníocach a atheagrú agus a shimpliú	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Dlí				R4	2023	Leis an athchóiriú, déanfar córas na sochar airgid neamhranníocach a atheagrú agus a shimpliú. Is é is cuspóir don athchóiriú na príomhshochair neamhranníocacha a chuireann Riarachán Ginearálta an Stáit ar fáil a áireamh san ionstraim chumhdaigh atá bunaithe ar an scéim ioncaim íosta ríthábhachtach, chun córas na sochar airgeadais neamhranníocach a atheagrú agus a shimpliú i gcomhréir leis na haidhmeanna ‘Plean chun córas shochair airgeadais neamhranníocacha an Riaracháin Ghinearálta Stáit a atheagrú agus a shimpliú’.
321	C22.I1	T	Tionscadail arna gcur i gcrích ag an Aireacht um Chearta Sóisialta agus Clár Oibre 2030		Líon	0	6	R2	2023	6 thionscadal phíolótacha maidir le cúram dí-institiúidithe a thabhairt chun críche, lena n-áirítear ceann acu a dhíríonn ar thacaíocht agus ar chúram do dhaoine faoi mhíchumas intleachta.
470	C22.I1	T	Áiteanna cónaithe, neamhchónaithe agus cúraim lae.		EUR (milliún)	0	1 355	R2	2024	Dámhachtain EUR 1355000000 ar a laghad a fhoilsiú san Iris Oifigiúil nó san ardán soláthair phoiblí chun ionaid chónaithe, neamhchónaithe agus cúraim lae a athchóiriú agus a thógáil, chun iad a oiriúnú don tsamhail nua cúraim fhadtéarmaigh.
322	C22.I1	T	Seirbhísí teileachúraim baile sa Chóras Uathrialach agus Cúraim don Spleáchas (SAAD)		EUR (milliún)	0	304	R1	2025	Seirbhísí nua teileachúraim curtha in úsáid ar feadh EUR 304000000 ar a laghad Dáta na bonnlíne: 31 Márta 2020.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
323	C22.I1	T	Áiteanna cónaithe, neamhchónaithe agus cúraim lae.		Líon		16 300	R2	2026	Ionaid chónaithe, neamhchónaithe agus cúraim lae a thógáil agus a athchóiriú, chun 16300 áit ar a laghad a chur in oiriúint, a bhfuil 1100 áit díobh ag díriú ar dhaoine faoi mhíchumas, don tsamhail nua cúraim fhadtéarmaigh.
324	C22.I2	M	Uirlisí teicneolaíochta sonracha a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar chórais faisnéise agus bainistíochta na seirbhísí sóisialta.	Meastóireacht sheachtrach ar gach céim agus torthaí deiridh an tionscadail.				R3	2023	Le forbairt agus cur chun feidhme uirlisí teicneolaíochta sonracha chun feabhas a chur ar chórais faisnéise agus bainistíochta na seirbhísí sóisialta, cumhdófar an méid seo a leanas: i. córas Faisnéise Seirbhísí Sóisialta na Spáinne (SIESS); ii. uirlis ar líne chun anailís a dhéanamh ar thionscadail arna bhforbairt ag eintitis tríú hearnáil; iii. uirlisí ríomhaireachta chun bainistiú a dhéanamh ar chláir bhuiséadacha éagsúla a bhaineann le seirbhísí sóisialta agus cúram don teaghlach, do leanaí agus do ghrúpaí leochaileacha áirithe; agus iv. ardán ar líne chun faisnéis faoi chúram atá ar fáil sa tír a lárú.
325	C22.I2	M	Tionscadail a chur i gcrích chun claochlú teicneolaíoch a dhéanamh ar sheirbhísí sóisialta, agus chun nuachóiriú a dhéanamh ar an mbonneagar agus ar na seirbhísí a bhaineann le cosaint chónaithe agus teaghlaigh altrama	Rialú na gcomhaontuithe a síníodh le gach ceann de na Réigiúin Fhéinrialaitheacha				R4	2025	Gur chuir rialtais réigiúnacha claochlú teicneolaíoch na seirbhísí sóisialta i gcrích, lena gceadaítear idir-inoibritheacht le córais eile a idirghníomhaíonn le seirbhísí sóisialta (fostaíocht, sláinte, an tríú hearnáil), agus nuachóiriú an bhonneagair agus na seirbhísí a bhaineann le cosaint chónaitheach ionad cúraim leanaí agus ógánach, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar riachtanais tacaíochta phearsantaithe (lena n-áirítear teaghlaigh mhothúchánacha agus oideachasúla/ghairmiúla) agus teaghlaigh altrama oiliúna, le haghaidh buiséad iomlán EUR 450000000 ar a laghad.
471	C22.I2	T	Treoirthionscadal a chur chun feidhme		Líon	0	19	R4	2025	19 dtionscadal phíolótacha ar a laghad a thabhairt chun críche arb é is aidhm dóibh nuálaíocht i seirbhísí sóisialta a chur chun cinn.
326	C22.I3	T	Tionscadail maidir le hinrochtaineacht fheabhsaithe		EUR (milliún)	0	178	R1	2024	Infheistíochtaí a bheith curtha i gcrích ag bardais, ag na rialtais réigiúnacha agus ag an rialtas láir chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus deireadh a chur le bacainní a bhfuil buiséad iomlán EUR 178 milliún ar a laghad ag gabháil leo, ar cheart é a bheith dírithe ar an méid seo a leanas: i. feabhas a chur ar inrochtaineacht chognaíoch i gcumarsáid le húdaráis phoiblí (lena n-áirítear

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										suíomhanna gréasáin); ii. feabhas a chur ar rochtain fhisiciúil ar fhoirgnimh phoiblí agus ar spásanna poiblí, lena n-áirítear ar sheirbhísí sláinte agus ar ionaid oideachais; iii. inrochtaineacht ar iompar poiblí a fheabhsú; iv. oibreacha oiriúnaithe a chur i gcrích agus trealamh a cheannach ag bardais, go háirithe i gceantair thuaithe. v. Feachtais chumarsáide agus feasachta, vi. Tionscadail taighde TFN i réimse na hinrochtaineachta cognaíche.
473	C22.I4	M	Cineálacha éagsúla seirbhísí a chur ar bun d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh.	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				R1	2023	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena gcruthaítear an ceart d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh seirbhísí treorach sóisialta agus fostaíochta a fháil, lena n-áirítear comhairle dlí, tacaíocht shíceolaíoch agus mhothúchánach, agus cúnamh do lánpháirtiú i margadh an tsaothair.
472	C22.I4	M	Infheistíochtaí i seirbhísí teileafóin agus i seirbhísí ar líne chun tacú le híospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban					R4	2025	30000 gaireas faireacháin scartha ar a laghad, aip nua d'íospartaigh agus ardán nua mórshonraí agus intleachta saorga a sheachadadh chun tacú le híospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban, lena n-áirítear íospartaigh na gáinneála agus an teacht i dtír gnéasach. Dáta na bonnlíne: 1 Feabhra 2020.
327	C22.I4	T	Ionaid d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh.		Líon	19	52	R4	2024	Ionad cúraim cuimsitheach amháin ar a laghad d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh atá oibríochtúil in aghaidh an chúige chomh maith le lárionad cúraim cuimsitheach amháin i gcathracha féinrialaitheacha Ceuta agus Melilla na Spáinne, faoi seach. Dáta na bonnlíne: 1 Feabhra 2020.
328	C22.I5	T	Acmhainneacht an chórais glactha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta		Líon	400	6 100	R2	2026	Acmhainneacht ghlactha an chórais ghlactha d'iarratasóirí ar iarrthóirí tearmainn ar chosaint idirnáisiúnta i lárionaid na hAireachta um Chuimsiú Sóisialta, Slándáil Shóisialta agus Imirce a mhéadú 5700 áit ar a laghad i gcomparáid le 2019. Caitear EUR 176000000 ar a laghad i dtógáil agus in athshlánú foirgneamh, rud a chinntíonn éifeachtúlacht fuinnimh. Dáta na bonnlíne: 31 Nollaig 2019.

V.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Athchóiriú 6 (C22.R6): Sásraí ráthaíochta a neartú chun leibhéal níos airde cosanta a áirithiú do chearta i gcásanna áirithe ina ndéanann leochaileacht shóisialta agus eacnamaíoch ar leith difear don tomhaltóir**.**

Is é is cuspóir don athchóiriú bearta éagsúla a ghlacadh chun tomhaltóirí agus úsáideoirí a chosaint ar chásanna leochaileachta sóisialta agus eacnamaíche.

Áireofar leis an athchóiriú, ar a laghad, reachtaíocht a ghlacadh maidir le lipéadú in aibítir na braille, agus i bhformáidí eile, chun inrochtaineacht uilíoch earraí tomhaltais agus táirgí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo a ráthú chun sábháilteacht, sláine agus cáilíocht na beatha a chosaint, go háirithe do dhaoine dalla agus do dhaoine lagamhairc mar thomhaltóirí leochaileacha. Thairis sin, leasófar leis an athchóiriú an reachtaíocht chun cóir phearsantaithe i seirbhísí íocaíochta a áirithiú arna iarraidh sin do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí i gcásanna leochaileacha, chun idirdhealú ar fhorais na 'deighilte digití' a sheachaint.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 6 (C22.I6): Ciste Tionchair Shóisialta (FIS)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, an Ciste Tionchair Shóisialta, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnáil tionchair shóisialta na Spáinne, go háirithe tionscadail a rannchuidíonn le réitigh shóisialta agus chomhshaoil, agus na nósanna imeachta maidir le tomhas tionchair agus bainistiú arna mbunú ag dea-chleachtais an tionscail (GIIN agus eile) á gcur san áireamh, agus chun margaí caipitil a fhorbairt sna réimsí sin. Oibreoidh an tSaoráid sin trí iasachtaí, infheistíochtaí cothromais agusinfheistíochtaí cuasachothromais a sholáthar go díreach, nó trí idirghabhálaithe, don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 400000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é Compañía Española de Financiación del Desarrollo (COFIDES) mar chomhpháirtí cur chun feidhme a dhéanfaidh an tSaoráid a bhainistiú. Ionchorprófar na trí líne táirgí seo a leanas sa tSaoráid:

- Suibscríobh scaireanna i gcistí infheistíochta tionchair shóisialaigh. Ceannóidh an líne sin scaireanna meán infheistíochta, arna mbainistiú ag bainisteoirí airgeadais príobháideacha, arb é is aidhm dóibh infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail shóisialta agus chomhshaoil ag gach céim aibíochta. Beidh an ceannach teoranta do 25 % de scaireanna iomlána gach ciste, ach amháin i gcásanna cuí-réasúnaithe, ina bhféadfadh an céatadán sin méadú, cé nach mbeidh sé níos mó ná 49 %. Ina theannta sin, ní cheannóidh an tSaoráid scaireanna de níos mó ná dhá chiste arna mbainistiú ag an mbainisteoir airgeadais céanna, mura rud é go bhfuil ceann amháin den dá chiste i dtréimhse dífheistithe agus go bhfuil 50 % ar a laghad de na sócmhainní atá faoi bhainistíocht tar éis a dhí-infheistithe.
- Comhinfheistíocht nó cómhaoiniú, trí ionstraimí cothromais nó ionstraimí fiachais eile, i dtionscadail a bhfuil tionchar intomhaiste sóisialta nó comhshaoil acu nó i gcuideachtaí a bhfuil gealltanas tugtha acu tionscadail nua a bhfuil na saintréithe sin acu a chur i gcrích. Déanfaidh an líne sin cómhaoiniú nó cómhaoiniú ar thionscadail le cistí poiblí nó príobháideacha eile, lena n-áirítear b'fhéidir iad siúd ar cheannaigh an tSaoráid scaireanna ina leith.

- Iasachtaí díreacha agus iasachtaí rannpháirteacha i gcuideachtaí a dhéanfaidh tionscadail a mbeidh tionchar intomhaiste sóisialta nó comhshaoil acu.

Cumhdófar leis an infheistíocht sin freisin Saoráid um Chúnamh Teicniúil (TAF), arb é is aidhm di feabhas a chur ar chumas na dtairbhithe a dtionchar ar a dtionscadail infheistíochta a bhainistiú agus a thomhas. Tacóidh sé freisin le bainistíocht fhónta airgeadais na Saoráide. Is é COFIDES a bhainisteoidh FTL agus beidh leithdháileadh tosaigh suas le EUR 8 milliún ag gabháil leis.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, formheasfaidh an Spáinn rialachán, agus aon doiciméid ghaolmhara, chun an tSaoráid a chruthú agus a bhainistiú lena n-áireofar an t-inneachar seo a leanas:

1) Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus déanfar é a fhormheas le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás infheistíochtaí idirghafa, is iad na hidirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh deiridh infheistíochta.

2) Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:
   a) An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
   b) Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
   c) Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.
   d) An ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

      i) I gcás iasachtaí, bannaí tionscadail nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafaidh an beartas infheistíochta an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[191], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[192](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a

Méadóidh an t-athchóiriú méid dul chun cinn agus athdháileadh na cánach ioncaim phearsanta, trí bhíthin leasuithe ar an Acht um Cháin Ioncaim Phearsanta agus ar an Acht Cánach Rachmais. Go háirithe, ardóidh sé 2 phointe céatadáin an ráta ar an scála náisiúnta ginearálta ó EUR 300000 mar bhonn ginearálta don mheasúnú, agus coigilteas 3 phointe céatadáin ó EUR 200000. Thairis sin, laghdófar an teorainn ar laghdú ranníocaíochtaí pinsin aonair ó EUR 8000 go EUR 2000 agus méadófar an teorainn reatha maidir le ranníocaíochtaí a dhéanann an chuideachta lena fostaí ó EUR 8000 go EUR 10000. Ina theannta sin, maidir leis an gcáin rachmais, méadóidh an t-athchóiriú an ráta is infheidhme maidir le banda deireanach na taraife faoi 1 phointe céatadáin, ó 2.5 % go 3.5 % (i gcás sócmhainní níos mó ná EUR 10000000). Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le tabhairt chun críche faoin 1 Eanáir 2021.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú 8 (C28.R8) — Bearta cánach gearrthéarmacha a ghlacadh i gcáin chorparáide

Leis an athchóiriú, leasófar an tAcht um Cháin Chorparáide chun ranníocaíocht na cánach sin le tacaíocht do chaiteachas poiblí a mhéadú, agus ag an am céanna tabharfar isteach simplithe ar na díolúintí agus ar na hasbhaintí chun íosráta 15 % ó cháiníocóirí a áirithiú. Ar an taobh eile, déanfar laghdú 5 % ar an díolúine do dhíbhinní agus do ghnóthachain chaipitiúla arna nginiúint ag a scairsheilbh i bhfochuideachtaí, idir chónaitheach agus neamhchónaitheach i gcríoch na Spáinne.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú 9 (C28.R9) — Bearta cánach gearrthéarmacha i gcánacha indíreacha

Leis an athchóiriú, leathnófar cur i bhfeidhm ráta chaighdeánaigh na cánach CBL, arna shocrú ag 21 %, chuig deochanna boga, súnna agus deochanna gásacha a bhfuil siúcra breise curtha leo. Is ionann beart den sórt sin agus tiomantas sóisialta chun tomhaltas freagrach na gcatagóirí deochanna sin a chur chun cinn agus tá sé comhsheasmhach leis an aidhm costais sheachtracha stát leasa na Spáinne a mhaoiniú, rud a eascraíonn as aistí bia míshláintiúla sa chás seo. Thairis sin, ardófar ráta cánach na bpréimheanna árachais faoi dhá phointe céatadáin, go 8 %, a bheidh fágtha, áfach, ar an mbanda meán-íseal i ndáil le tíortha comharsanacha.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

AB.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
385	C28.R1	M	Bearta fioscacha a glacadh in 2020 agus 2021 chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 a mhaolú.	Foráil na ndlíthe agus na nDlíthe Foraithne Ríoga lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R1	2021	Teacht i bhfeidhm na mbeart cánach a glacadh in 2020 agus 2021 chun éifeachtaí díobhálacha eacnamaíocha agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú: 1. Rialacháin idirthréimhseacha: dlíthe Foraithne Ríoga éagsúla a d'fhormheas an Rialtas ó thús phaindéim COVID-19. 2. Modhnú ar rialacháin stáit: − Foraithne Reachtach Ríoga 1/1993, an 24 Meán Fómhair, lena bhformheastar Téacs Comhdhlúite Dhlí na Cánach ar Tharchur Pátrúnach agus Gníomhartha Dlí Dhoiciméadaithe. − Dlí 37/1992, an 28 Nollaig, maidir le Cáin Bhreisluacha. − Dlí 49/2002, an 23 Nollaig, maidir le córas cánach na n-eintiteas neamhbhrabúsach agus maidir le dreasachtaí cánach le haghaidh pátrúnachta. − Dlí 58/2003, an 17 Nollaig, Cáin Ghinearálta. — Dlí 35/2006, an 28 Samhain, maidir le Cáin Ioncaim Phearsanta
386	C28.R2	M	Athbhreithniú agus modhnuithe ar shochar cánach	Forálacha na n-athchóirithe lena léirítear a dteacht i bhfeidhm agus a bhfoilsiú ar an nGréasán Airgeadais de mholtaí na Meithle, agus anailísí eile arna ndéanamh				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na n-athchóirithe rialála a eascraíonn as mionanailís ar athbhreithnithe atá ann cheana, lena n-áirítear athbhreithnithe AIReF, agus ar an meitheal a bunaíodh chun measúnú a dhéanamh ar shochair chánach bhreise agus ar anailísí eile arna ndéanamh ag an Aireacht Airgeadais. Is é is aidhm do na hathchóirithe rialála an córas cánach a dhéanamh níos éifeachtaí, tacú leis an aistriú glas nó cothroime a chur chun cinn agus measfar, tráth a dteacht i bhfeidhm, go méadófar ioncaim go buan faoi 0.1 pointe céatadáin de OTI.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				ag an Aireacht Airgeadais agus ag AIReF						
387	C28.R3	M	An Státrúnaí Airgeadais do cheapadh an Choiste saineolaithe.	Foilsiú ar leathanach gréasáin				R2	2021	Coiste saineolaithe a cheapadh chun an t-athchóiriú ar an gcóras cánach a threorú. Beidh an Coiste freagrach as anailís theicniúil a dhéanamh ar na hathchóirithe is gá, agus an cás reatha á chur san áireamh chomh maith leis an staid a bhfuiltear ag súil léi sa mheántéarma agus san fhadtéarma, agus aird ar leith á tabhairt ar na réimsí seo a leanas: cánachas comhshaoil, cánachas corparáideach, cánachas ar an ngeilleagar digiteach, cánachas ar rachmas agus comhchuibhiú nithiúil sa réimse sin, cánachas ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn.
388	C28.R3	M	Teacht i bhfeidhm na n-athchóirithe a eascraíonn as moltaí an Choiste nó as anailísí eile ón Aireacht Airgeadais	Forálacha na n-athchóirithe lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R1	2023	Teacht i bhfeidhm athchóirithe arna ndíorthú ó mholtaí an Choiste saineolaithe nó ó anailísí eile ón Aireacht Airgeadais sna réimsí seo a leanas: Cánachas Comhshaoil, Cánachas Corparáideach, Cánachas Rachmais, Cánachas Sláinte agus Cánach Ioncaim Phearsanta ar Ioncam Caipitil, lena n-áireofar, i measc nithe eile, méaduithe ar an gcáin díosail a theacht i bhfeidhm. Déanfar na hathchóirithe sin, mar aon le bearta lena dtugtar isteach teorainneacha ar chúiteamh bonn cánach diúltach atá lasmuigh de raon feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, a mheas, tráth a dteacht i bhfeidhm, chun ioncaim a mhéadú go buan faoi 0.3 pointe céatadáin de OTI ar a laghad.
389	C28.R4	M	Cánacha ar phlaistigh agus ar dhramhaíl aon úsáide	Foráil den dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R3	2021	Teacht i bhfeidhm an Dlí lena rialaítear cánacha ar phlaisteach agus taisceadh agus loscadh dramhaíola chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn agus chun úsáid plaisteach aon úsáide a laghdú.
390	C28.R4	M	Anailís ar an gCáin Cláraithe Feithiclí agus ar an gCáin Tráchta	Foilsiú ar leathanach gréasáin				R1	2022	Beartaítear leis an athchóiriú anailís a dhéanamh ar an gCáin Chláraithe Feithiclí ar an gCáin Tráchta nó ar íocaíochtaí amhail dolaí bóthair. Bunaithe ar an anailís sin, breithneofar athbhreithniú ar an dlí chun iompar de bhóthar níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun astaíochtaí GCT a laghdú.
391	C28.R4	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar	Foráil den				R2	2022	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar an gCáin ar Gháis Fluairínithe chun a n-úsáid a

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			cháin ar gháis fhluairínithe	dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm						dhíspreagadh agus chun seachaint cánach a laghdú.
392	C28.R5	M	Cáin ar Sheirbhísí Digiteacha	Foráil den dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R1	2021	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le cáin seirbhísí digiteacha áirithe (*Ley 4/2020, de 15 de octubre, del Impuesto sobre Determinados Servicios Digitales*) chun foinsí nua ioncaim a ghiniúint don rialtas bunaithe ar earnálacha gnó atá ag teacht chun cinn agus an córas cánach á fhorbairt ar bhealach comhleanúnach agus i gcás inarb ábhartha sa chomhthéacs idirnáisiúnta.
393	C28.R6	M	Cáin ar Idirbhearta Airgeadais	Foráil den dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R1	2021	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Cáin ar Idirbhearta Airgeadais (*Ley 5/2020, de 15 de octubre, del Impuesto sobre las Transacciones Financieras*) chun foinsí nua ioncaim a ghiniúint don rialtas agus an córas cánach á fhorbairt ar bhealach comhleanúnach agus i gcás inarb ábhartha sa chomhthéacs idirnáisiúnta.
394	C28.R7	M	Modhnuithe ar Cháin Ioncaim Phearsanta agus ar Cháin Rachmais in 2021	Foráil an Dlí Bhuiséadaigh lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R1	2021	Teacht i bhfeidhm na modhnuithe a tugadh isteach leis an Dlí Buiséid le haghaidh 2021 agus na rialacháin forbartha a bhaineann le Cáin Ioncaim Phearsanta agus Cáin Rachmais chun an t-easnamh rialtais a laghdú agus chun an cánachas ioncaim phearsanta a dhéanamh níos forásaí.
395	C28.R8	M	Modhnuithe ar Cháin Ioncaim Chorparáideach in 2021	Foráil an Dlí Bhuiséadaigh lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R1	2021	Teacht i bhfeidhm na modhnuithe a tugadh isteach leis an Dlí Buiséid le haghaidh 2021 agus na rialacháin forbartha a bhaineann le Cáin Chorparáideach chun ioncam ó cháin chorparáide a mhéadú.
396	C28.R9	M	Modhnuithe ar chánacha indíreacha in 2021	Foráil an Dlí				R1	2021	Teacht i bhfeidhm na modhnuithe a tugadh isteach leis an Dlí Buiséid le haghaidh 2021 agus na rialacháin forbartha a bhaineann le cánacha indíreacha chun aistí bia níos

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				Bhuiséadaigh lena léirítear a theacht i bhfeidhm						sláintiúla a chur chun cinn trí thomhaltas deochanna siúcracha áirithe a laghdú agus chun ioncam an rialtais láir a mhéadú tríd an gcáin ar phréimheanna árachais a mhéadú.

AB.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Infheistíocht 1 (C28.I1) — Dreasachtaí fioscacha le haghaidh athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh agus ceannacháin feithiclí leictreacha agus pointí luchtaithe

Is é cuspóir an bhirt seo dreasachtaí cánach a sholáthar i) oibreacha athchóirithe foirgneamh a chur chun cinn chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh; agus ii) leathadh amach feithiclí leictreacha agus stáisiún luchtaithe a dhreasú. Cuireann an beart le hinfheistíochtaí C1.I2 agus C2.I1.

Is é a bheidh mar thoradh ar an mbeart gníomhaíochtaí athchóirithe lena bhfeabhsófar éifeachtúlacht fuinnimh agus lena laghdófar tomhaltas fuinnimh phríomhúil na gcáiníocóirí 30 % ar a laghad ar an meán.

Ina theannta sin, soláthrófar leis an mbeart sin dreasachtaí cánach do theaghlaigh chun feithiclí leictreacha agus hibrideacha a cheannach agus chun pointí luchtaithe a shuiteáil. Is éard a bheidh sna dreasachtaí cánach asbhaintí cánach chun tacú le teaghlaigh feithiclí hibrideacha agus leictreacha nua (BEV, REEV, PHEV, FCEV, FCHV) agus stáisiúin luchtaithe nua a cheannach.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), ní mhaoineofar leis na critéir roghnúcháin le haghaidh dreasachtaí fioscacha ach ceannach feithiclí astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle[212].

Tabharfar cur chun feidhme na mbeart chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

AB.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

[212] Sainmhínítear feithiclí astaíochtaí ísle mar fheithiclí a astaíonn níos lú ná 50 gCO2/km.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L81	C28.I1	T	Gníomhaíochtaí athchóirithe teaghaisí cónaithe a chur i gcrích, feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach.		Líon	410 000	510 000	R3	2026	510000 gníomhaíocht athchóirithe teaghaise cónaithe ar a laghad curtha i gcrích i 355000 teaghais uathúil ar a laghad, lenar baineadh amach laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh (carnach). Chun críocha an táscaire, beidh coincheap na tithíochta comhoiriúnach le sainmhíniú Eurostat (‘Is éard is teaghais ann seomra nó sraith seomraí — lena n-áirítear a gabhálais, a bhrústocairí agus a dorchlaí — i bhfoirgneamh buan nó i gcuid d’fhoirgneamh atá scartha ó thaobh struchtúir de atá, tríd an gcaoi a ndearnadh é a thógáil, a atógáil nó a athchóiriú, ainmnithe le haghaidh tithíochta ag teaghlach príobháideach amháin ar feadh na bliana ar fad’) agus féadfar tithíocht shóisialta nó phoiblí a áireamh ann, i gcás inarb iomchuí. Déanfar na táscairí feabhsaithe feidhmíochta fuinnimh a úsáidtear a chreidiúnú tríd an teastas feidhmíochta fuinnimh ábhartha faoi chuimsiú Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Cinnfear líon na n-athshlánuithe tithíochta mar shuim na ngníomhaíochtaí feabhsúcháin agus athshlánaithe uile a dhéantar trí na dreasachtaí cánach. Gheofar meánchéatadán coigilte an tomhaltais fuinnimh phríomhúil chun an t-íosluach 30 % a chomhlíonadh tríd an tacar gníomhaíochtaí athshlánaithe a ualú le méid na cabhrach nó an mhaoinithe a chuirtear i bhfeidhm faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta. Áirítear leis an táscaire sin gníomhaíochtaí feabhsúcháin agus athshlánaithe i ngach bardas, gan beann ar a méid. Chun údar a thabhairt le comhlíonadh an choigiltis fuinnimh a fuarthas, éilítear deimhnithe feidhmíochta fuinnimh na n-oibreacha críochnaithe agus déantar iad a chomhiomlánú chun an meánchoigilteas fuinnimh a baineadh amach a dheimhniú. (Bonnlíne: 30 Meitheamh 2026 i gcomhréir le sprioc 29 de Chomhpháirt 2)
L82	C28.I1	T	EVS agus bonneagar luchtaithe arna imscaradh		Líon	238 000	348 000	R3	2026	Imscaradh 110000 feithicil leictreach nua bhreise ar a laghad (BEV, REEV, PHEV, FCEV nó FCHV) agus stáisiún luchtaithe faoi raon feidhme dreasachtaí cánach. (Bonnlíne: 31 Nollaig 2025 i gcomhréir le sprioc 419 de Chomhpháirt 1)

AC. COMHPHÁIRT 29: ÉIFEACHTACHT AN CHAITEACHAIS PHOIBLÍ A FHEABHSÚ

Is é is aidhm do na hathchóirithe i gcomhpháirt 29 de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne (i) feabhas a chur ar éifeachtacht an chaiteachais phoiblí tríd an gcreat agus na cleachtais le haghaidh athbhreithnithe caiteachais a neartú agus (ii) buiséad an rialtais láir a ailíniú le spriocanna forbartha inbhuanaithe agus le prionsabail an bhuiséadaithe ghlais.

Is é cuspóir chomhpháirt an phlean feabhas a chur ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí, go háirithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chomhdhéanamh agus trína úsáid a athdhíriú, chun tacú le fás eacnamaíoch agus cruthú post, agus ar deireadh chun cobhsaíocht an airgeadais phoiblí agus an fiachas poiblí a dhéanamh níos inbhuanaithe sa mheántéarma. Tugann na hathchóirithe aghaidh freisin ar na dúshláin a bhaineann leis an réaltacht eacnamaíoch agus shóisialta nua.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar an Moladh Tírshonrach — nuair is féidir sin le dálaí eacnamaíocha — maidir le beartais fhioscacha a shaothrú atá dírithe ar riochtaí buiséadacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus infheistíocht á spreagadh ag an am céanna (Moladh Sonrach Tíre 1 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

AC.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C29.R1) — Próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta ar chaiteachas poiblí

Is é is cuspóir don athchóiriú seo creat buan a bhunú lena n-áiritheofar feabhsuithe ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí, lena neartófar cobhsaíocht fhioscach agus inbhuanaitheacht airgeadas ginearálta an rialtais. Tá ceithre fho-eilimint san athchóiriú sin:

- Moltaí an athbhreithnithe ar chaiteachas 2018-2020 (céim I agus céim II) a ionchorprú sa phróiseas cinnteoireachta: Chun obair leantach éifeachtach a dhéanamh ar mholtaí Chéim I agus II, tabharfar spriocdháta d'aonaid bhuiséadacha ar tugadh moltaí dóibh chun freagra a thabhairt ar na moltaí sin i gcomhréir leis an bprionsabal "comhlíon nó míniú". Táthar ag súil go gcuirfear de chúram ar an Aireacht Airgeadais faireachán a dhéanamh ar an obair leantach agus tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil maidir leis an bhfreagairt ar na moltaí.

- Seoladh chéim III d'athbhreithniú caiteachais 2021: Tá an tríú céim den athbhreithniú caiteachais beartaithe chun díriú ar ionstraimí airgeadais agus ar bhainistiú dramhaíola bardais;

- Próiseas nua athbhreithnithe agus meastóireachta ar chaiteachas poiblí (le haghaidh 2022-2026): Is é an t-údarás fioscach neamhspleách a dhéanfadh athbhreithnithe caiteachais amach anseo sa timthriall sin (*Autoridad Independiente de Responsabilidad Fiscal*, AIReF). Is í Comhairle na nAirí, tar éis dul i gcomhairle le AIReF, a chinnfidh fócas, cumhdach agus amlíne na n-athbhreithnithe sin amach anseo. Is é an aidhm atá ann tuarascáil a fhoilsiú gach bliain in 2022-2026;

- Acmhainneacht an mheastóra (AIReF) a neartú: Déanfar reacht AIReF a mhodhnú chun aonad nua a chruthú a bheidh freagrach as na hathbhreithnithe ar chaiteachas poiblí.

Féadfar a mheas go dtacaíonn athchóiriú 1 le comhleanúnachas agus le hathchóirithe eile i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, go háirithe i gcomhchodanna 6, 17, 18, 21, 23 agus 28, inar cuireadh na moltaí atá bunaithe ar chéimeanna I agus II den athbhreithniú caiteachais san áireamh sna tosaíochtaí athchóirithe sin.

Tá coinne leis go dtabharfar an t-athchóiriú sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 2 (C29.R2) — Buiséad an Rialtais Láir a ailíniú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030

Is é is cuspóir don athchóiriú seo buiséad an stáit a ailíniú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), arb iad is bun leis an bplean iomlán. Is éard a bheidh san athchóiriú tuarascáil a fhoilsiú i gcomhthéacs phróiseas bhuiséad an stáit lena léireofar, i gcomhréir le modheolaíocht réamhshainithe, ailíniú infheistíochtaí poiblí leis na SDGanna. Cuireann an t-athchóiriú sin leis an modheolaíocht agus leis an gcreat faireacháin atá á dhearadh faoi láthair le tacaíocht ó Ionstraim an Aontais um Thacaíocht Theicniúil.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2021.

Athchóiriú 3 (C29.R3) — Buiséad an Rialtais Láir a ailíniú le buiséadú glas

Is é is cuspóir don athchóiriú seo buiséad an stáit a ailíniú le creat tagartha an Aontais maidir le buiséadú glas sa mheántéarma. Treisíonn sé athchóiriú 2 agus ar bhonn níos ginearálta ardmhianta glasa an phlean. Is éard a bheidh san athchóiriú dhá thuarascáil a fhoilsiú, i gcomhthéacs phróiseas buiséadach an rialtais láir lena ndéanfar speansais ghlasa agus donna a mhapáil thar na dlíthe buiséid bliantúla do 2023 agus 2024. Cuireann an t-athchóiriú sin leis an modheolaíocht agus leis an gcreat faireacháin atá á dhearadh faoi láthair le tacaíocht ó Ionstraim an Aontais um Thacaíocht Theicniúil.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2023.

AC.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
397	C29.R1	M	Foireann bhuan a chur ar bun san Aireacht Airgeadais chun faireachán gníomhach a dhéanamh ar chur chun feidhme thorthaí na n-athbhreithnithe caiteachais agus chun Ord Sonraí an Dlí Bhuiséadaigh Bhliantúil a fhormheas	Forálacha na reachtaíochta lena léirítear a theacht i bhfeidhm. An t-ord chun an Dlí Buiséadach Bliantúil a Mhionsaothrú				R2	2021	Teacht i bhfeidhm (i) bunú foirne buaine laistigh den Aireacht Airgeadais (sa Rúnaíocht Stáit um Buiséad agus um Chaiteachas) chun faireachán gníomhach a dhéanamh ar chur chun feidhme thorthaí na n-athbhreithnithe caiteachais, agus an prionsabal 'comhlíon nó mínigh' á chur chun cinn; agus (ii) gealltanas na hAireachta Airgeadais tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina mbeidh freagraí ar na moltaí uile maidir le hathbhreithniú caiteachais arna n-eisiúint ag AIReF. Áireofar in Ord Sonraí an Dlí Bhuiséadaigh Bhliantúil gealltanas an Riaracháin Lárnaigh agus na Slándála Sóisialta faireachán agus obair leantach a dhéanamh tríd an timthriall buiséadach ar mholtaí na n-athbhreithnithe caiteachais, lena n-áirítear bearta atá curtha chun feidhme nó atá sceidealaithe le cur chun feidhme an bhliain dár gcionn.
398	C29.R1	M	Céim III den athbhreithniú caiteachais	Formheas Chomhairle na nAirí				R2	2021	Déanfaidh Comhairle na nAirí cinneadh maidir le seoladh Chéim III den athbhreithniú ar chaiteachas in 2021. Tabharfar aghaidh sa tríú céim den athbhreithniú caiteachais ar dhá réimse ar a laghad: ionstraimí airgeadais agus bainistiú dramhaíola cathrach. Is é AIReF a dhéanfaidh an t-athbhreithniú caiteachais.
399	C29.R1	M	Aonad buan a chruthú laistigh de AIReF a bheidh freagrach as na hathbhreithnithe caiteachais arna sainordú ag an rialtas a dhéanamh.	Forálacha RD lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R2	2021	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Fhoraithne Ríoga 215/2014, de Reacht Orgánach AIReF, agus aonad buan a chruthú a bheidh i gceannas ar na hathbhreithnithe caiteachais arna gcoimisiúnú ag an Rialtas a dhéanamh.
400	C29.R1	M	Formheas Chomhairle na nAirí ar thimthriall nua (2022-26) na n-athbhreithnithe caiteachais atá le coimisiúnú do AIReF.	Comhaontú Chomhairle na nAirí a chur ar fáil agus a theacht i bhfeidhm a léiriú				R4	2021	Leis an timthriall athbhreithnithe ilbhliantúil nua ar chaiteachas poiblí, cumhdófar an tréimhse 2022-2026. Chun an t-iarratas a phleanáil i gceart agus an fhaisnéis is gá a bhailiú le haghaidh gach céime den athbhreithniú caiteachais, tar éis dul i gcomhairle le AIReF, déanfaidh Comhairle na nAirí cinneadh agus foilseoidh sí ar a laghad na réimsí beartais, na heintitis phoiblí lena mbaineann agus na tréimhsí ama atá le cumhdach leis an anailís chomh maith le gnéithe modheolaíochta ábhartha.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
401	C29.R1	M	Tuarascáil faireacháin a fhoilsiú	Foilsiú ar leathanach gréasáin na hAireachta Airgeadais				R1	2022	Tuarascáil faireacháin a fhoilsiú go bliantúil. Liostófar sa tuarascáil na moltaí arna n-eisiúint ag AIReF agus sonrófar inti na hathruithe rialála nó na bearta eile a rinneadh chun aghaidh a thabhairt orthu. I gcás nach n-aontaíonn na hionaid chaiteachais ar a bhfuil na moltaí dírithe leo, cuirfear réasúnú iomchuí san áireamh.
402	C29.R1	M	Céim III den athbhreithniú caiteachais	Foilsiú na dtuarascálacha ar leathanach gréasáin AIReF				R2	2023	Foilsiú thuarascálacha an tríú céim den athbhreithniú caiteachais ag AIReF.
403	C29.R2	M	Tuarascáil maidir le hAilíniú Buiséid le SDGanna	Foilsiú mar dhoiciméad acht chomhlántach sa Dlí Buiséadach Bliantúil				R3	2021	Foilsiú na tuarascála a ghabhann le Dréachtdlí Buiséid 2022 maidir lena ailíniú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.
404	C29.R3	M	Tuarascáil ailínithe maidir leis an mBuiséadú Glas	Foilsiú mar dhoiciméad acht chomhlántach sa Dlí Buiséadach Bliantúil				R3	2022	Tuarascáil maidir leis an mBuiséad Glas (an ghné ghlas) a ghabhann leis an Dlí Buiséid Bliantúil le haghaidh 2023. Léarscáileofar sa tuarascáil speansais ghlasa sa dlí buiséadach bliantúil agus ullmhófar í i gcomhréir leis an modheolaíocht agus leis an gcreat faireacháin a ceapadh le tacaíocht ó Ionstraim an Aontais um Thacaíocht Theicniúil.
405	C29.R3	M	Tuarascáil ailínithe maidir leis an mBuiséadú Glas	Foilsiú mar dhoiciméad acht chomhlántach sa Dlí Buiséadach				R2	2023	Tuarascáil maidir leis an mBuiséad Glas (gné dhonn) a ghabhann leis an Dlí Buiséid Bliantúil le haghaidh 2024. Léarscáileofar sa tuarascáil costais donna sa dlí buiséadach bliantúil agus ullmhófar í i gcomhréir leis an modheolaíocht agus leis an gcreat faireacháin a ceapadh le tacaíocht ó Ionstraim an Aontais um Thacaíocht Theicniúil.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				Bliantúil						

AD. COMHPHÁIRT 30: PINSIN

Is é is cuspóir don chomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne córas na bpinsean a athchóiriú chun i) inbhuanaitheacht airgeadais an chórais a áirithiú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ii) cumhacht ceannaigh na bpinsean a choinneáil, iii) leordhóthanacht na bpinsean a chaomhnú, iv) pinsinéirí a chosaint ar an mbochtaineacht agus v) cothromas idirghlúine a áirithiú. Cuireann na bearta athchóirithe leis an gcomhdhearcadh leathan parlaiminteach maidir le moltaí Chomhshocrú Toledo a ghlacadh[213]. Áirítear an méid seo a leanas ar na bearta, atá fós faoi réir idirphlé sóisialta: foinsí cistiúcháin a dheighilt, ii) sásra innéacsaithe athbhreithnithe ar shochair phinsin, iii) dreasachtaí do scor déanach agus athruithe rialála a bhaineann le luathscor, iv) athruithe ar an tréimhse ranníocaíochta chun an pinsean scoir a ríomh, v) córas nua ranníocaíochtaí do dhaoine féinfhostaithe bunaithe ar ioncam réadach agus vi) scéimeanna pinsean ceirde a fhorbairt trí chómhargáil.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinbhuanaitheacht chóras na bpinsean a chaomhnú (Moladh Sonrach Tíre 1 2019) agus beartais fhioscacha a shaothrú, nuair is féidir sin le dálaí eacnamaíocha, arb é is aidhm dóibh riochtaí buiséadacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus infheistíocht á spreagadh ag an am céanna (Moladh Sonrach Tíre 1 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

AD.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C30.R1) — Foinsí cistiúcháin slándála sóisialta a dheighilt

Is é is cuspóir don athchóiriú maoiniú an chórais pinsean a athrú i gcomhréir le moltaí Chomhshocrú Toledo ionas go maoineofar sochair ranníocacha trí ranníocaíochtaí sóisialta agus go n-íoctar sochair neamhranníocacha ó bhuiséad an stáit. Is éard a bheidh san athchóiriú an stát maoiniú roinnt míreanna caiteachais, a chumhdaítear faoi láthair le ranníocaíochtaí sóisialta, a ghlacadh ar láimh. Leis an athchóiriú, neartófar an nasc idir ranníocaíochtaí agus teidlíochtaí agus cuirfear feabhas ar inbhuanaitheacht airgeadais an chórais ranníocaigh.

Is éard atá sna míreanna caiteachais a maoiníodh roimhe seo trí ranníocaíochtaí sóisialta ach faoin athchóiriú seo gur míreanna neamhranníocacha iad agus gur maoiníodh iad trí bhuiséad an stáit, i) cuid de bheartais fostaíochta neamhranníocacha, ii) laghduithe ar an ranníocaíocht slándála sóisialta chun fostaíocht a chur chun cinn, iii) liúntais bhreithe agus cúraim leanaí, iv) caiteachas a bhaineann le luathscor, v) forlíonadh an phinsin mháithreachais, v) pinsin do bhaill teaghlaigh, vi)

[213] Foilsíodh moltaí Chomhshocrú Toledo san Iris Oifigiúil an 10 Samhain 2020: https://www.congreso.es/public_oficiales/L14/CONG/BOCG/D/BOCG-14-D-175.PDF .

bearta tacaíochta (‘fóirdheontais intuigthe’) do scéimeanna speisialta agus vii) an costas a bhaineann leis na bearnaí sna ranníocaíochtaí a chomhlánú chun an pinsean seanaoise a ríomh.

Cuireadh tús leis an athchóiriú trí fhorálacha i mbuiséad ginearálta an stáit do 2021, agus cuirfear chun feidhme de réir a chéile é trí aistrithe ó bhuiséad an stáit chuig an mbuiséad slándála sóisialta.

Cuirfear an beart chun feidhme faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 2 (C30.R2) — Cumhacht ceannaigh pinsean a chothabháil, an aois scoir iarbhír a ailíniú leis an aois scoir reachtúil, an tréimhse ríomha a oiriúnú chun an pinsean scoir a ríomh do ghairmeacha nua agus sásra cothromais idirghlúine a chur in ionad an fhachtóra inbhuanaitheachta

Is iad cuspóirí an athchóirithe i) cumhacht ceannaigh pinsinéirí a ráthú, ii) rannpháirtíocht lucht saothair a mhéadú ag aois atá gar don aois scoir dhlíthiúil, iii) scor a chur siar, iv) dul chun cinn an chórais ranníocaíochta a threisiú, v) an rialachán atá ann faoi láthair a oiriúnú do ghairmeacha neamhleanúnacha agus do chineálacha eile oibre neamhthipiciúla agus vi) aghaidh a thabhairt ar thionchar na n-athruithe déimeagrafacha atá le teacht gan leordhóthanacht na bpinsean atá ann faoi láthair agus na bpinsean a bheidh ann amach anseo a dhéanamh níos measa. Is éard atá san athchóiriú ceithre athchóiriú rialála ar leith i gcomhréir le moltaí Chomhshocrú Toledo, atá le glacadh in dhá chéim.

Is iad seo a leanas na hathchóirithe atá le teacht i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2021:

- Sásra nua innéacsaithe lena nasctar sochair phinsin leis an mboilsciú, agus é mar chuspóir cumhacht ceannaigh pinsinéirí a ráthú ar bhealach buan.
- An aois scoir iarbhír a ailíniú leis an aois scoir reachtúil, leis na cuspóirí rannpháirtíocht saothair a mhéadú ag aoiseanna gar don aois scoir dhlíthiúil, agus scor a chur siar. Is éard a bheidh sa bheart na hathruithe rialála seo a leanas:
    a. Dreasachtaí nua a chruthú chun moill a chur ar scor (dreasachtaí eacnamaíocha méadaithe chun moill a chur ar scor agus chun comhoiriúnacht idir obair agus pinsean a chur chun cinn). Go háirithe, beidh na hoibrithe sin a chuireann siar an scor i dteideal rogha a dhéanamh as measc na n-oibrithe seo a leanas: méadú ar mhéid an phinsin do gach bliain ranníocaíochta breise iomlán a chreidiúnaítear idir aois dhlíthiúil an scoir agus an scoir iarbhír; íocaíocht chnapshuime; agus meascán den dá rud a bhí ann roimhe seo.
    b. Dídhreasachtaí a threisiú i rialáil gnéithe luathscoir den rialáil reatha maidir le luathscor. Déanfar an ráta laghdaithe do luathscor a mhodhnú chun an aois scoir iarbhír a mhéadú agus chun deireadh a chur leis an gcóir phribhléideach a thugtar do na pinsinéirí sin ag a bhfuil an bonn ranníocaíochta uasta. Tá toirmeasc le cur ar fhorálacha cómhargála lena gcuirtear iallach ar rochtain ar phinsean ag an aois scoir chaighdeánach.

Is iad seo a leanas na hathchóirithe atá le teacht i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2022:

- Coigeartú na tréimhse ranníocaí chun an pinsean scoir a ríomh, agus é mar chuspóir dul chun cinn an chórais a threisiú agus an rialachán atá ann faoi láthair a oiriúnú do ghairmeacha neamhleanúnacha agus do chineálacha eile oibre neamhthipiciúla.
- Sásra lena ráthaítear cothromas idirghlúine agus inbhuanaitheacht bhuiséadach a chur in ionad na gné inbhuanaitheachta. Is é cuspóir an bhirt aghaidh a thabhairt ar thionchar na n-athruithe déimeagrafacha atá le teacht gan leordhóthanacht na bpinsean atá ann faoi láthair agus na bpinsean a bheidh ann amach anseo a dhéanamh níos measa.

Cuirfear an beart chun feidhme faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 3 (C30.R3) — Athchóiriú ar an gcóras ranníocaíochta Slándála Sóisialta do dhaoine féinfhostaithe

Is é is cuspóir don athchóiriú an chaoi a gcaitear le hoibrithe agus le daoine féinfhostaithe a chothromú, ranníocaíochtaí leis an gcóras pinsin a mhéadú agus a áirithiú go bhfaighidh daoine féinfhostaithe ioncam pinsin leordhóthanach. Leis an athchóiriú, leasófar córas ranníocaíochta na ndaoine féinfhostaithe. Leis an athchóiriú, bunófar ranníocaíochtaí daoine féinfhostaithe ar ioncam réadach, seachas ar bhonn ranníocaíochtaí féinroghnaithe, i gcomhréir le moltaí Chomhshocrú Toledo. Déanfar an ranníocaíocht deiridh a ríomh bunaithe ar an ioncam gairmiúil féinfhostaithe arna sholáthar ag na húdaráis chánach. Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme de réir a chéile trí mhéaduithe ar an mbonn ranníocaíochta íosta chun gur féidir oiriúnú don chóras nua.

Cuirfear an beart chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2022.

Athchóiriú 4 (C30.R4) — Forlíontáin mháithreachais a chuíchóiriú

Is é is cuspóir don athchóiriú cúiteamh a thabhairt do thuismitheoirí, máithreacha go príomha, as an gcostas a bhaineann le breith agus cúram leanaí, chun an bhearna phinsin idir na hinscní a laghdú. Déanann an t-athchóiriú athdhearadh ar an bhforlíonadh máithreachais agus tá sé glactha cheana féin (Dlí Foraithne Ríoga 3/2021, an 2 Feabhra). Mheas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina breithiúnas an 12 Nollaig 2019 go raibh an forlíonadh máithreachais a bhí i bhfeidhm roimhe seo ó 2016 idirdhealaitheach maidir le fir. Táthar ag súil go gcomhlíonfaidh an forlíonadh athchóirithe ar shaoire mháithreachais rialú na cúirte agus go gcuirfidh sé cosc ar idirdhealú. Tá an forlíonadh nua bunaithe ar anailís ar chonairí ranníocaíochta chun a shainaithint cé acu den bheirt tuismitheoirí is mó a bhí faoi mhíbhuntáiste ina ngairm ranníocach mar thoradh ar bhreith linbh, ar choinníoll, in éagmais tuismitheoir atá faoi mhíbhuntáiste ar leith, go ndeonófar an forlíonadh don mháthair.

Cuirfear an beart chun feidhme faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú 5 (C30.R5) — Athbhreithniú ar chóras reatha na bpinsean forlíontach

Leis an athchóiriú, déanfar athbhreithniú ar an gcreat rialála do chóras na bpinsean forlíontach, agus é mar chuspóir cumhdach scéimeanna pinsin ceirde arna gcomhaontú trí chómhargáil a mhéadú, ar leibhéal earnála más féidir. Is é is aidhm don chreat dlíthiúil nua le haghaidh scéimeanna pinsin ceirde oibrithe nach bhfuil scéimeanna pinsin ceirde acu ina gcuideachtaí agus daoine féinfhostaithe nach bhfuil rochtain acu faoi láthair ar na scéimeanna dara colún sin a chumhdach.

Áireofar an méid seo a leanas ar bhearta sonracha an athchóirithe:

i. Cistí arna gcur chun cinn go poiblí a chruthú le haghaidh soláthar scoir ceirde, arna mbainistiú ag an earnáil phríobháideach.
ii. Dreasachtaí agus athruithe rialála chun cumhdach scéimeanna pinsin ceirde arna gcomhaontú trí chómhargáil a mhéadú.
iii. Nósanna imeachta na scéimeanna pinsin a shimpliú.
iv. Athruithe rialála chun soghluaisteacht oibrithe idir cuideachtaí agus earnálacha éagsúla a chur chun cinn.
v. Dreasachtaí cánach chun rannpháirtíocht i scéimeanna ceirde comhchoiteanna a chur chun cinn

vi. Teorainn a chur le costais bhainistíochta le haghaidh scéimeanna gairme comhchoitinne faoi bhun 0.30 % de na sócmhainní faoi bhainistíocht.

Cuireadh tús le cur chun feidhme an athchóirithe trí fhorálacha i mbuiséad ginearálta an stáit do 2021 lena n-aistrítear dreasachtaí cánach a bhí bainteach roimhe seo le scéimeanna pinsin aonair i bhfabhar na scéimeanna comhchoiteanna (beart v. thuas) agus trí chistí le haghaidh soláthar scoir ceirde a chur chun cinn go poiblí (beart i.e. thuas).

Cuirfear an beart chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2022.

Athchóiriú 6 (C30.R6) — Coigeartú an uasbhonn ranníocaíochta

Leis an athchóiriú, méadófar bonn ranníocaíochta uasta an chórais pinsin agus coigeartófar pinsin uasta chun an bonn ranníocaíochta a leathnú, dul chun cinn chóras na bpinsean a mhéadú agus an t-ioncam foriomlán a mhéadú. Tá na bearta i gcomhréir le moltaí Chomhshocrú Toledo. Déantar an córas a choigeartú de réir a chéile chun go mbeidh rannchuiditheoirí in ann iad féin a chur in oiriúint do na hathruithe. Méadaítear pinsin uasta agus boinn uasta ranníocaíochta dá réir sin d'fhonn cineál ranníocach an chórais a choinneáil. Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme de réir a chéile, sna tríocha bliain amach romhainn.

Tiocfaidh an beart i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2022.

AD.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
406	C30.R1	M	Maoiniú don tSlándáil Shóisialta a dheighilt	Foráil den dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2020	Teacht i bhfeidhm Dhlí 11/2020, an 30 Nollaig, maidir le Buiséad Ginearálta an Stáit 2021, maidir le deighilt na bhfoinsí maoinithe don tSlándáil Shóisialta. Gach bliain, aistreoidh an Stát chuig an gcóras Slándála Sóisialta méid is ionann agus an caiteachas ar ítimí neamhranníocacha. Leis sin, beifear in ann an t-easnamh Slándála Sóisialta a laghdú agus é a aistriú chuig an Riarachán Lárnach, a bhfuil na huirlisí leordhóthanacha aige chun aghaidh a thabhairt air. Cuirfidh sé deireadh freisin leis an amhras maidir le sócmhainneacht an chórais lena bhfeabhsófar na coinníollacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha. Déanfar foráil i nDlí Buiséid Stáit 2021 maidir leis an gcéad chéim agus an chéim shuntasach sa treo sin.
407	C30.R2	M	Cumhacht ceannaigh pinsean a chothabháil agus an aois scoir iarbhír agus an aois scoir dhlíthiúil a ailíniú	Foráil na reachtaíochta lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2021	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta a foilsíodh san Iris Oifigiúil arb é is aidhm di: cumhacht ceannaigh pinsean a chothabháil: forbrófar sásra nua athluachála lena nasctar pinsin leis an mboilsciú chun a áirithiú go ráthófar cumhacht ceannaigh pinsinéirí ar bhealach buan. an aois scoir iarbhír agus an aois scoir dhlíthiúil a ailíniú: dreasachtaí a sholáthar chun moill a chur ar scor, lena n-áirítear dreasachtaí eacnamaíocha méadaithe agus athmhuintearas a chur chun cinn idir obair agus scor d'fhonn rannpháirtíocht lucht saothair a mhéadú ag aois gar don aois scoir dhlíthiúil agus scor a chur siar.
408	C30.R2	M	Coigeartú ar an tréimhse ríomha chun an pinsean scoir a ríomh	Foráil na reachtaíochta lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun an tréimhse ríomha a choigeartú, lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse ríomha chun an pinsean scoir a ríomh.
409	C30.R2	M	Sásra cothromais idirghlúine a chur in ionad na gné inbhuanaitheachta	Foráil na reachtaíochta lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le sásra lena ráthaítear cothromas idirghlúine agus inbhuanaitheacht bhuiséadach a chur in ionad na gné inbhuanaitheachta atá ann faoi láthair lena nasctar pinsin le hionchas saoil trí choigeartú a dhéanamh d'athruithe déimeagrafacha.
410	C30.R2	M	Réamh-mheastacháin nuashonraithe ina léirítear an	Tuarascáil a fhoilsiú ar				R4	2022	Réamh-mheastacháin nuashonraithe a fhoilsiú ina léirítear an chaoi a n-áirithítear leis na hathchóirithe pinsin a rinneadh in 2021 agus 2022 inbhuanaitheacht fhioscach

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			chaoi a n-áirithítear inbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach leis na hathchóirithe pinsin a rinneadh in 2021 agus 2022	an Suíomh Gréasáin Slándála Sóisialta						fhadtéarmach, agus tionchar athchóirithe struchtúracha eile á chur san áireamh freisin, amhail athchóirithe ar mhargadh an tsaothair.
411	C30.R3	M	Athchóiriú ar an gCóras Ranníocaíochta Slándála Sóisialta do dhaoine féinfhostaithe	Foráil na reachtaíocht a lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir leis an athchóiriú ar an gcóras ranníocaíochta Slándála Sóisialta do dhaoine féinfhostaithe, lena n-aistrítear de réir a chéile an córas ranníocaíochta a bheidh bunaithe ar ioncam réadach.
412	C30.R4	M	Cuíchóiriú na bhforlíontán máithreachais	RDL a sholáthar lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R1	2021	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 3/2021 an 3 Feabhra 2021, maidir le cuíchóiriú na bhforlíontán máithreachais. Chun rialú CBAE an 12 Nollaig 2019 a chomhlíonadh, déanfar forlíontáin pinsean a chuíchóiriú agus a dhíriú ar an mbearna inscne a laghdú. Tabharfar isteach íocaíocht sheasta do thuismitheoirí ar athraíodh a saol oibre díreach tar éis tuismíochta.
413	C30.R5	M	Athbhreithniú ar bhuntáistí cánach a bhaineann leis an gcóras pinsin fhorlíontaigh atá ann faoi láthair	Foráil den dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm fhoráil chríochnaitheach 11 agus Airteagal 62				R4	2020	Teacht i bhfeidhm Dhlí 11/2020, an 30 Nollaig, maidir le Buiséad Ginearálta Stáit 2021, ar an athbhreithniú ar bhuntáistí cánach a bhaineann leis an gcóras pinsin fhorlíontaigh atá ann faoi láthair. Déanfar an ceart chun buntáistí cánach a aistriú ó phleananna pinsin príobháideacha aonair chuig scéimeanna pinsin ceirde atá bunaithe ar chomhaontuithe comhchoiteanna fostaíochta. Is iad forálacha ábhartha an Dlí Buiséid chun an creat nua a thabhairt isteach an fhoráil chríochnaitheach 11 LPGE agus Airteagal 62.
414	C30.R5	M	Athbhreithniú ar chóras reatha na bpinsean forlíontach	Foráil na reachtaíocht a lena léirítear a				R2	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir leis an athbhreithniú ar chóras reatha na bpinsean forlíontach chun scéimeanna pinsin a chur chun cinn trí chistí pinsin a chruthú ag an Riarachán a bheidh oscailte do gach cuideachta agus oibrí.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				theacht i bhfeidhm						
415	C30.R6	M	Coigeartú an uasbhonn ranníocaíochta	Foráil na reachtaíochta lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun an bonn ranníocaíochta uasta a choigeartú: bonn ranníocaíochta uasta an chórais a mhéadú de réir a chéile agus pinsin uasta a choigeartú chun bonn ranníocaíochta agus dul chun cinn an chórais a leathnú agus chun ioncam foriomlán a mhéadú.

AE. COMHPHÁIRT 31: CAIBIDIL REPOWEREU

Is é is cuspóir don chaibidil REPowerEU an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus go háirithe, an ceadú le haghaidh líonraí nua leictreachais agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite a shimpliú, tacú le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus hidrigine in-athnuaite, feabhas a chur ar an slabhra luacha le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite agus borradh a chur faoin dícharbónú tionsclaíoch.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha a bhaineann leis an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú in 2022 agus 2023. Rannchuidíonn sé le bearta chun dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, agus béim á leagan ar shuiteálacha díláraithe agus ar fhéintomhaltas, lena n-áirítear trí nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú a thuilleadh agus rochtain ar an eangach a fheabhsú. Tacaíonn sé freisin le hinfheistíocht chomhlántach i stóráil, i mbonneagar gréasáin agus i hidrigin in-athnuaite (Moladh Sonrach Tír 4 2022 agus Moladh Tírshonrach 3 2023).

Ní dhéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

AE.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C31.R1) — Athchóiriú lena bhfeabhsaítear ceadú le haghaidh tionscadail táirgthe fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar líonra leictreachais

Tá dhá chuspóir ag an athchóiriú. Ar an gcéad dul síos, nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú le haghaidh táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus le haghaidh bhonneagar an ghréasáin leictreachais agus ar an dara dul síos, próiseáil na n-iarratas ar chead a chuíchóiriú. Maidir leis an gcéad chuspóir, is éard a bheidh san athchóiriú reachtaíocht lena simplítear nósanna imeachta do thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus do bhonneagar gréasáin leictreachais. I ndáil leis sin, áireofar na gnéithe seo a leanas san athchóiriú:

- na nósanna imeachta le haghaidh catagóirí áirithe tionscadal a shimpliú, lena n-áirítear an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus an nós imeachta údaraithe;
- an t-ualach riaracháin ar thionscadail áirithe a shoiléiriú agus a laghdú a mhéid a bhaineann le gáis in-athnuaite a instealladh isteach sa ghréasán gáis;
- Spriocdháta a leagan síos nuair is gá do CNMC tuarascáil a eisiúint maidir le tionscadail nua fuinnimh in-athnuaite a údarú;
- Deireadh a chur le srianta ar úsáid an fhéintomhaltais agus a nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú;
- Leithdháileadh acmhainneachta gréasáin a fheabhsú.

A mhéid a bhaineann leis an dara cuspóir, is é a bheidh i gceist leis an athchóiriú aonad riaracháin nua a bhunú laistigh den riarachán lárnach chun tacú le hiarratais ar chead le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite a phróiseáil.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2023.

Infheistíocht 1 (C31.I1) — Infheistíocht lena gcuirtear chun cinn féintomhaltas (bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite agus stóráil taobh thiar den mhéadar) agus pobail fuinnimh

Is méadú ar bhearta C7.I1, C7.R3 agus C8.I1 í an infheistíocht seo. Is é is cuspóir don infheistíocht sin feidhmeanna féintomhaltais, stóráil taobh thiar den mhéadar agus pobail fuinnimh a chur chun cinn. Tacóidh an infheistíocht leis an méid seo a leanas:

- feidhmeanna féintomhaltais atá comhtháite i bhfoirgnimh nó i bpróisis táirgthe, agus atá bunaithe ar theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite nó ar réitigh stórála taobh thiar den mhéadar; agus
- tionscnaimh arna gcur i gcrích ag pobail fuinnimh, trí réitigh fuinnimh in-athnuaite nó éifeachtúlachta fuinnimh a shuiteáil nó trí phróisis rannpháirtíochta agus próisis tógála pobail a chur i gcrích.

